

€1.65 (£1.50)
Uimh. 43



Gaelscéal

Ag Cothú Phobal na Gaeilge

● 24.10.2012



Gaeilge gan Gaeltacht?

www.gaelisceal.ie

An Eaglais Chaitliceach: Oscróidh muid Gaelscoileanna

'Léireoidh na suirbhéanna éileamh don Ghaelscolaíocht'

Colm Ó Broin

TÁ sé ráite ag an Eaglais Chaitliceach go ndéanfaidh siad freastal ar an éileamh don Ghaelscolaíocht a léireofar i suirbhéanna ar thuismitheoirí atá á ndéanamh timpeall na tíre.

Seoladh scéim phiolótach i gcúig cheantar an tseachtain seo le mianta tuismitheoirí faoin saghas oideachais atá uathu dá bpáistí a mheas.

Is í an chéad cheist atá ar na suirbhéanna ná an bhfuil Béarla nó Gaeilge uathu mar theanga teagaisc a bpáistí. Iarrtar orthu

ansin cén sainmheon creidimh atá uathu agus an bhfuil scoil aon-inscne nó scoil mheasctha uathu.

Tá an tAire Oideachais ag súil go n-aistrefar pátrúnacht ón Eaglais Chaitliceach go heagraíochtaí eile faoin bpróiseas.

Ar lean ar leathanach 2

Taobh istigh

Teachta eile ó FG buartha faoin Acht Teanga - Cluas sa Cheannáras, Ich. 5

Anonn agus Anall i Meiriceá, Máirtín Ó Catháin ag tuairisciú ó SAM, Ich. 10

'Cruinneas' - Dúshláin agus deismireachtaí Gaeilge á bplé ag Antain Mac Lochlainn, Ich. 25

Gooch chun an Daingean a chur faoi léigear - John Allen, Ich. 38

"Neamart á dhéanamh ar lucht iarrtha tearmainn sa tír seo"

Méabh Ní Thuathaláin

TÁ neamart á dhéanamh ar chearta bunúsacha lucht iarrtha tearmainn sa tír seo, dar le Sue Conlan, Príomhfheidhmeannach Chomhairle Dídianaithe na hÉireann (CDÉ). Diúltaíonn Éirinn do níos mó iarratas tearmainn ná aon tír eile san Aontas Eorpach. Tá sé curtha i leith an rialtais go bhfuil lochtanna móra maidir leis an bpróiseas iarratais agus nach bhfuil an chóras 'soláthar díreach' nó 'direct provision' oiriúnach. Dar le h-iarrthóir tearmainn atá ag maireachtáil sa chóras soláthar dhírigh gurb ionann an dóigh a chaitear le lucht iarrtha tearmainn sa tír seo agus 'ciníochas ag leibhéal stáit'.

Fuair iarrthóir tearmainn amháin, a bhí sa chóras soláthair dhírigh, bás an tseachtain seo caite agus rinne bean eile, a bhí ag cur fúithi in ionad lóistín i nGaillimh iarracht lámh a chur ina bás féin, rud a tharraingíonn tuilleadh aird ar chás na dteifeach in Éirinn.

Tá léargas iomlán ar chás lucht iarrtha tearmainn ar Ich. 26.

Leabhar na Bliana 2012

PICTIÚR LE JASON CLARKE.



Seoladh Gearrliosta Leabhar na Bliana 2012 maidin Dé Luain sa Rotunda, i mBaile Átha Cliath. Sa phictiúr tá Aedín Ní Bhroin Stiúrthóir Chlár na Leabhar Gaeilge, Marius Ó Ailfi agus an Vaimpír, Lúcas Ó Briain, an fear cláimhte ón leabhar 'An Litir' agus an madra bán ó 'Saol an Mhadra Bháin', trí leabhar atá i measc deich gcinn eile atá san iomaíocht do na príomhghradaim. (www.leabhar.ie).

European
Newspaper
AWARD
NEWSPAPER DESIGN & CONCEPT

NUACHT NÁISIÚNTA

Réaltacht Chearta Teanga na Gaeilge

Litr ó Bhaile Átha Cliath le Ciarán Mac Fhearghusa

COSÚIL le go leor daoine eile sa lá inniu bíonn teagmháil agam anois is arís leis an Oifig Leasa Shóisialaigh. Inné, áfach, bhí gnó le déanamh agam le m'oifig áitiúil nua i bhFionnghlas i mBaile Átha Cliath chun liúntas oideachais a phlé.

'Shínigh mé air' i mí Mheitheamh i gCearnóg an Easpaig. D'iarr mé orthu go sonrach go gcuirfeadh siad duine le Gaeilge amach chugam. Beagnach cúig mhí ina dhiaidh, táim fós ag fanacht ar chuairt mo dhuine.

Le déanaí, bhog mé go limistéar feidhme Fhionnghlais agus ar maidin bheartaigh mé dul chuig an Oifig Leasa Shóisialaigh agus iarracht a dhéanamh eolas a fháil maidir leis an liúntas seo. Mar dhuine a dhéanann iarracht seirbhís Ghaeilge a fháil nuair a bhíonn sé ann bhíos cinnte nach mbeadh aon Ghaeilgeoir ar fáil ag an deasc. Ní amháin nár fhreastail siad orm mar chainteoir Gaeilge, príomhtheanga oifigiúil na tíre seo, ach maslaíodh mé go hard na spéire. Agus mé ag iarraidh mo scéal a mhíniú don oifigeach taobh thiar den scáileán léim sí isteach gan ach abairt amháin ráite agam. Seo mar a chuaigh an chomhrá:

[Maith dúinn an Béarla, Eag.]

Oifigeach: Why do you want to speak Irish?

Mise: I am an Irish Speaker.

Oif: But you are speaking English now.

Mise: Irish is my preferred language and it is also my right under the Official Languages Act 2003 that this office provide a service through Irish.

Oif: We don't have an officer who speaks Irish and Irish is not a requirement for the staff here.

Mise: That's not my concern. If there is an officer coming to my home I want that person to have Irish as my home is more personnel to me. There is an officer in Bishops Square in town perhaps you could liaise with her.

Oif: I will talk to the supervisor [now]

Maorseoir: "You can't expect to come here at this time of year and start speaking Irish and expect us to speak Irish."

Mise: "I think you should know before you go any further that it is my right under the Official Language Act 2003"

Maorseoir: "Its like someone coming in here and asking us to speak Spanish"

Mise: "No it is not. Irish is the first Official Language of this State and it is my right"

Maorseoir: 'I don't care, we don't speak Irish here'.

Mise: You realize you're forcing the English Language on me.

Maorseoir: Your forcing Irish on us. Your the only one forcing anything on anyone.

Mise: No that's not correct. I have not asked anyone here to speak Irish. I just want who ever comes to my home to speak my language and you should be able respect that.

Tar éis dúinn an cheist faoin liúntas oideachais a phlé:

Maorseoir: "Now I'm not talking about Irish, English, French or Italian"

Mise: "Do you realize you are continuously showing a blatant disrespect and disregard for my cultural, linguistic and ethnic identity?"

Maorseoir: "Now hang on I'm Irish"

Mise: "I know that but I am talking about the language and my identity"

Maorseoir: "I don't care if your African, Polish or Romanian"

Mise: "I think I should tell you that I am going to make a complaint to the Irish Language Commissioner".

Maorseoir: "You can complain to whoever you want"

Tá gearán déanta agam le hOifig an Choimisinéir Teanga....



Mainicín ag seoladh lipéad nua éadaí cnis de chuid Brown Thomas inné. GRI-ANGHRAF: PHOTOCALL IRELAND.

An Eaglais Chaitliceach: Oslóidh muid Gaelscoileanna

Ar lean ó leathanach a haon

Má tá taighde faoin éileamh atá ann don Ghaelscolaíocht cruinn, bheadh impleachtaí móra ann don chóras bunscolaíochta chomh maith.

De réir staidéir a rinne Institiúid Teangeolaíochta na hÉireann in 2000, chuirfeadh suas le 30% den phobal a bpáistí chuig Gaelscoil dá mbeadh ceann ar fáil go háitiúil. Tá thart ar 7% de pháistí na Poblachta ag freastal ar Ghaelscoileanna faoi láthair.

Is féidir le tuismitheoirí a rá go bhfuil siad sásta leis an sainmheon creidimh atá ar fáil ina gceantar ach go bhfuil siad ag iarraidh an teanga teagaisc a athrú. Dúirt urlabhraí ón Eaglais Chaitliceach go bhfuil siad lán-sásta Gaelscolaíocht a chur ar fáil má léiríonn na suirbhéanna go bhfuil éileamh ann di.

"Tá an Eaglais mar phatrún ar thart ar 80 bunscoil lánGhaeilge, mar sin tá muid i gcroílár na hearnála cheana féin," arsa an tAthair Michael Drumm.

"Tá an bhéim sna meáin á leagan ar cheist an tsainmheoin, ach sílim gur ceann de na rudaí is suimiúla faoi na suirbhéanna ná go bhfuil rogha teanga ag tuismitheoirí den chéad uair riamh," arsa Drumm, atá ina chathaoirleach ar Pháirt-néireacht na Scoileanna Caitliceach chomh maith.

"Léireoidh na suirbhéanna go bhfuil éileamh ann don Ghaelscolaíocht, tá mé cinnte faoi sin. Aithnítear go forleathan go bhfuil éileamh ann don Ghaelscolaíocht nár ligeadh amach."

"Ní bheadh deacracht againn i bprionsabal teanga teagaisc scoile a athrú go Gaeilge. Gan amhras bheadh orainn plé a dhéanamh leis an bpobal áitiúil faoin mbealach a ndéanfaí é sin."

Tá na suirbhéanna ar bun i gcúig cheantar i dtosach báire; An tInbhear Mór, Caisleán an Bharraigh, An Trá Mhór, Baile Átha Troim agus Fionnbhrú i mBaile Átha Cliath. Tá go dtí 9

Samhain ag tuismitheoirí na suirbhéanna a dhéanamh. Déanfar iad in 39 ceantar eile níos déanaí.

Beidh rogha ag tuismitheoirí pátrúin éagsúla a roghnú, ina measc, an Eaglais Chaitliceach, Eaglais na hÉireann, an Foras Pátrúnachta agus Ag Foghlaim le Chéile.

Tá fáilte curtha ag an bhForas Pátrúnachta roimh na suirbhéanna.

"Deis iontach é seo do thui-smitheoirí ar mhaith leo oideachas lánGhaeilge a chur chun cinn ina gceantar," arsa Ard-Rúnaí na heagraíochta, Caoimhín Ó hEaghra. "Más mian le tuismitheoirí scoil lánGhaeilge ba chóir dóibh na bun-táistí atá leis a mhíniú do thui-smitheoirí eile agus a dtacaíocht a lorg."

Dúirt an tAire Oideachais Ruairí Quinn gur "deis stairiúil í seo do thui-smitheoirí chun tírdhreach na bunscolaíochta a athchumrú do na glúine atá le theacht."



Gaelscéal



Le cabhair ó:

Foras na Gaeilge

Baineann Gaelscéal úsáid as Gaelspell agus Ceart, bogearraí a chabhraíonn le litriú agus gramadach na Gaeilge, www.cruinneog.com

Oifig an Spidéil:
00353-91-897766

Ciarán Dunbar
Eagarthóir
ciaran.dunbar@gaelisceal.ie

Colm Ó Broin
Iriseoir
colm.obroin@gaelisceal.ie

Méabh Ní Thuathaláin
Iriseoir
meabh.nithuathalain@gaelisceal.ie

Caroline Ní Chualáin
Oideachais
scoil@gaelisceal.ie

Gráinne McElwain
Spóirt
grainne.mcelwain@gaelisceal.ie

Patricia Ní Chonghaile
Comhordaitheoir Táirgíochta
patricia.nichonghaile@gaelisceal.ie

€761 milliún íoctha le ‘feirmeoirí móra’

€21,000 an duine do fheirmeoirí móra; €5,300 do na scológa

Colm Ó Broin

FUAIR feirmeoirí a bhfuil os cionn 100 acra talún acu formhór an airgid a dáileadh in Éirinn faoin aoníocaíocht feirme Eorpach anuraidh.

Léiríonn figiúirí a chur an Roinn Talamhaíochta ar fáil don Teachta Dála de chuid an Lucht Oibre, Robert Dowds, go bhfuair feirmeoirí fordeontaibh arbh fiú €1.23 billiún iad faoin scéim anuraidh.

Tugadh os cionn 60% den airgead sin don 35,000

feirmeoir a bhfuil níos mó ná 100 acra talún acu, nó thart ar €21,000 an duine ar meán.

Tugadh €475 milliún don 88,000 feirmeoir a bhfuil níos lú ná 100 acra acu, nó thart ar €5,300 an duine.

Fuair formhór na bhfeirmeoirí níos lú ná €20,000 ón scéim anuraidh, ach bhí 2,050 ann a fuair níos mó ná €50,000.

Fuair 14 dhuine os cionn €200,000 an duine agus ba é €476,025 an íocaíocht ba mó a fuarthas in 2011.

Tá moltaí curtha chun cinn ag an gCoimisiún Eorpach a thabharfadh sciar níos mó den airgead d’fheirmeoirí beaga in iarthar na tíre, ach tá Feirmeoirí Aontaithe Éireann ag cur ina aghaidh an mholta.

Chuaigh thart ar 20,000 feirmeoir i mbun léirsithe faoin moladh i mBaile Átha Cliath coicís ó shin.

Tá tacaíocht don leasú

léirithe ag Teachta Dála de chuid Fhine Gael do Mhaigh Eo, Michelle Mulherrin.

“Cuirimse fáilte roimh an moladh,” ar sise. “Bíonn ar fheirmeoirí le drochthalamh a dhá oiread oibre a dhéanamh is a dhéanann feirmeoirí a bhfuil talamh maith acu chun an méid céanna táirgeacht a chothú.

“Nuair a bheidh athd-

háileadh ar siúl ní bheidh gach duine sásta, ar ndóigh, sin mar a bhíonn. Ach tá na feirmeoirí móra ag fáil i bhfad níos mó ná iad siúd san Iarthar.”

Deir urlabhraí Feirmeoirí Aontaithe Éireann go ndéanadh na leasuithe dochair don eanáil talamhaíochta.

“Má tá sé bunaithe ar an méid talaimh atá agat, íocfar

an méid céanna leat má tháirgeann tú go leor ábhair nó má fhágann tú an talamh díomhaoin. Laghdóidh sé sin an méid ábhair a tháirgeann feirmeacha in Éirinn agus buailfear an eanáil agrata-lamhaíochta, a fhostaíonn 300,000 duine, dá réir.”

Tá sé i gceist córas nua a chur i bhfeidhm idir seo agus 2019.

Tesco ag machnamh ar scipéid Ghaeilge



Comhartha dátheangach de chuid Tesco ar Oileán Mhanainn

Colm Ó Broin

TÁ an comhlacht ollmhargadh Tesco ag machnamh ar rogha Gaeilge a chur ar fáil ag na scipéid féinseirbhíse (self-service checkouts) ina gcuid siopaí.

Dúirt Oifigeach Caidreamh Pobail an chomhlachta nach mbeadh scéal cinnte acu go ceann roinnt míonna, áfach.

“Tá muid ag breathnú air faoi láthair ach níl amscála ar bith againn,” arsa Michael O’Sullivan.

“Tá muid ag déanamh machnamh air le tamall. Tá muid beagáinín cosúil leis an tseirbhís phoiblí, ní dhéanann duine amháin an cinneadh agus ní tharlaíonn rud ar bith thar oíche. Caithfear pleanáil cheart ar dhéanamh ar gach rud agus caithfidh sé cloí le sonraíocht an dearaidh.”

Thosaigh an t-aistritheoir

Seán Ó Buachalla feachtas ar Facebook le tacú leis an moladh agus tá 851 leantóir aige faoi láthair. Tá Ó Buachalla dóchasach faoin bhfeachtas i gcónaí.

“Creidimse go bhfuil rudaí ar siúl agus go mbeidh dul chun cinn ar an gceist go luath,” ar seisean.

Bhí scéal níos dearfaí ag O’Sullivan i leith comharthaíocht dátheangach de.

Tá tuairisc ullmhaithe aige maidir leis an ábhar agus cuirfear é sin faoi bhráid Phríomhfheidhmeannach Tesco Ireland, Tony Keohane, i gceann coicise nó mar sin.

Tuigtear do Ghaelscéal go bhfuil Keohane báuil don mholadh.

Dúirt O’Sullivan gurb iad Tesco an t-aon slabhra ollmhargaidh náisiúnta sa tír a úsáideann an Ghaeilge i ngach siopa dá gcuid.

Fúthu siúd é...



...ach fútsa atá sé!

Beidh an Reifreann Leanaí ar siúl ar an Satharn, an 10 Samhain




Tá do vóta tábhachtach

Tabharfaidh an Reifreann Leanaí deis do mhuintir na hÉireann cinneadh a dhéanamh faoi áit na leanaí inár mBunreacht.

Tuilleadh eolais:

- Féach ar www.reifreannleanai.ie
- Léigh an leabhrán ón Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, a sheolfar chuig do theach.



www.reifreannleanai.ie

NUACHT BLÚIRÍNÍ



Seoltar scéalta chuig:
nuacht@gaelisceal.ie

Chathair Dhoire ar liosta an Lonely Planet

Tá cathair Dhoire i measc 10 gcathair eile sa domhain atá ar liosta de chuid an Lonely Planet.

Fuair Doire an ceathrú háit ar an liosta de na cathracha is mó ba cheart do thurasóirí cuairt a thabhairt orthu in 2013.

Tagraíonn an treoirleabhair don dá ócáid mhóra a bheas ag tarlú i nDoire in 2013, a ról mar Chathair Cultúrtha na Ríochta Aontaithe agus réachtáil Fhleadh Cheoil na hÉireann..



Suirbhé náisiúnta maidir le húsáid drugaí

Tháinig tuarascáil amach inné maidir le húsáid támhachán, suaimehneasán agus frithdhúlgrán ón Roinn Sláinte.

Dé réir na tuarascála, is mná agus daoine fásta (idir 35-64) a bhaineann úsáid as támhacháin, suaimehneasáin agus frithdhúlgráin. Tá fás tagtha ar líon na bhfear a úsáideann na substaintí.

Tá sé le sonrú ón staidéar a rinneadh go bhfuil úsáid níos fairsingí i measc daoine atá ag brath ar liúntais leasa shóisialaigh, tithíocht udaráis áitiúil nó ina measc siúd a fhágann an scoil go luath.




500 comhairleoir Ospidéal ag saothrú €200,000

Tá suas le 500 comhairleoir Ospidéal ag saothrú níos mó ná €200,000 sa bhliain, dar leis an Rannóg Sláinte Poiblí.

Táthar ag dréim go mbeidh athruithe ag teacht ar nósanna oibre do chomhairleoirí ag éis-teacht de chuid na Cúirte Oibreachais a bheas ar siúl amárach.

Ní bheidh aon ionadaithe ag teacht ó Chomhlachas Chomhairleoirí Ospidéal na hÉireann i láthair ag an gcuirinníú mar gheall nach bhfuil siad sásta conarthaí aonair a phlé ar bhonn comhchoiteann.

Faoi láthair tá 104 réimse éagsúil turastail á saothrú ag comhairleoirí ar fud na hÉireann.



Comharchumann mór i gCo. an Chabháin le dúnadh

Tá SIPTU ag iarraidh cruinniú a eagrú leis an dream atá ceaptha chun an comharchumainn Co-operative Poultry Products Ltd i Muinchille, Co an Chabháin, a leachtú, gnó a raibh 90 duine fostaithe ann tráth. Dé réir SIPTU, dúradh leis na hoibrithe ar an Luan go mbeadh an monarcha ag dúnadh láithreach.

“Ní amháin go bhfuil 90 duine agus teaghlaigh na n-oibrithe sin thíos leis an dúnadh ach tá níos mó ná 25 feirmeoirí áitiúla nach mbeidh tuarastal ar fáil acu a thuilleadh,” arsa Jim Finneagan, ó SIPTU.

“Chuir mé in iúl don leachtaitheoir go bhfuil SIPTU ag súil go dtabharfar íocaíocht iomarcaíochta do na n-oibrithe,” ar seisean.



An Roinn Sláinte
DEPARTMENT OF HEALTH

Tús Áite do
Shábháilteacht 1 Othar
Patient Safety 1 First

Iarratas ar Aighneachtaí faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

Dréachtscéim á hullmhú ag an Roinn Sláinte

Tá beart ag an Roinn Sláinte scéim a dhréachtú de réir Alt 15 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Is é bun-chuspóir an Achta ná a chinntiú go mbeadh fáil níos mó ar sheirbhísí poiblí trí Ghaeilge agus go mbeadh siad ar chaighdeán níos airde.

Tá aighneachtaí maidir le hullmhú na dréachtscéime á lorg ag an Roinn Sláinte anois ó aon pháirtithe leasmhara. Go hidéalach, ba chóir aighneachtaí scríofa, i bhformáid leitreonach, a sheoladh go Business_Support@health.gov.ie faoin 21 Samhain 2012.

Seachas sin féadfar iad a chur sa phost chuig

Aonad Tacaíochta Gnó
An Roinn Sláinte
Teach Haicín
Sráid Haicín
Baile Átha Cliath 2.

Tá eolas faoi shainordú agus ról/seirbhísí na Roinne ar fáil ar www.doh.ie.

Is féidir tuilleadh eolais faoin Acht a fháil ar shuíomh gréasáin na Roinne Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta www.ahg.gov.ie nó ar iarraidh ríomhphost chuig eolas@coimisineir.ie.

Ní mór do gach duine a dhéanann aighneacht a bheith ar an eolas go bhféadfadh na haighneachtaí a bheith faoi réir iarratas chun iad a chur ar fáil faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise.

TUAIRIM

“44 lá fágtha”

Beatha an Scoláire le Peadar de Blúit

“44 lá fágtha!” B’shin í an teachtaireacht ó Leas-Uachtarán an Fheachtais, nuair a labhair sí le Comhairle Náisiúnta Aontas na Mac Léinn in Éirinn (AMLÉ), ag an deireadh seachtaine.

An ‘44 lá’ a bhí i gceist aici ná an bóthar chuig an mbuiséad. Leag sí amach plean oibre agus an cath a bhí le troid do cheannairí ghluaiseacht na mac léinn a bhí bailithe.

In ainneoin phaisean an ráitis, áfach, tá mórchuid daoine ann a déarfadh gur ag snámh in aghaidh easa atá gluaiseacht na mac léinn.

Le dhá bhliain anuas, tá na mílte mac léinn tar éis triail ar an Dáil ag béicíl i gcoinne táillí! Cosúil le gach éinne eile, áfach, thug an rialtas cluas bhodhar do scoláirí na tíre.

Bhí siad fágtha ina staic - ag seasamh sa bhfuacht ar chearnóg Muirfean. Mar sin, mura bhfuil siad ag iarraidh a bheith fágtha sa bhfuacht arís tá cath mór le troid acu. Caithfidh siad aird a tharraingt orthu féin, agus trua a ghnóthú dóibh féin i measc na nguthanna ar fad atá ag iarraidh éisteachta!

Tá modus operandi úr ag

AMLÉ i mbliana, áfach. Níl a dtriail ar Bhaile Átha Cliath ar chor ar bith; níl sé ar intinn acu a ndúthaigh féin a fhágáil fiú. Tá an brú ag teacht go háitiúil.

Tá cruinnithe poiblí á reáchtáil timpeall na tíre, agus AMLÉ ag spreagadh gach mac máthar le freastal orthu. An pointe atá á dhéanamh ag AMLÉ ná nach ceist an mhic léinn amháin atá ann agus tú ag caint ar chostais, ach cath an mhór-phobail.

Ní hiad na mic léinn amháin atá faoi bhrú chun an t-airgead a shaothrú le táillí a íoc, ach a dteaghlaigh ina n-íomlán. Ní hiad na mic léinn amháin a bheas ag fulaingt murar féidir leo filleadh ar an gcoláiste. Na gnónna beaga ar fad atá ag braith ar ghnó na mac léinn a bheas faoi bhrú gan airgead na mac léinn. Anuraidh, bhí an pointe á dhéanamh ag AMLÉ gur mic léinn iad todhchaí na tíre, freagraí na géarchéime agus sinn ag dul chun tosaigh. In ainneoin cén bunús a bhí ag an ráiteas céanna, ní fiú faic argóint cosúil leis agus cúinsí airgid ag barr an liosta.

Tá AMLÉ ag iarraidh an mórfhobal a thógáil leo, toisc

go dtuigeann siad nach féidir leo an cath atá á throid acu, a bhuachaint ina n-aonar.

Braitheann seo ar fad ar an gceannach isteach ón phobal, braitheann sé an éireoidh le AMLÉ a chur ina luí ar dhaoine go mbaineann cath na dtáillí linn ar fad? Tá aibíocht áirithe léirithe ag AMLÉ i mbliana leis an tslí atá siad ag cur a dteachtaireacht faoi bhráid an phobail. Níl siad ag tógáil an seasamh ard, ag maíomh nach féidir leis an tír maireachtaint gan iad, agus ag caoineadh nach iad a chruthaigh an praiseach ina bhfuilimid.

Tá sé ráite ag Ruairí Quinn go rachaidh táillí suas €250 arís i mbliana, ag baint amach €2,500, ag an am céanna tá leibhéal an deontais ag íslíú. Tá sé thar am don rialtas seo a thuiscint go bhfuil faoiseamh de shaghas éigin ag teastáil ó mhuintir na tíre seo. Ní féidir leis an rialtas leanacht leo ag tógáil leis an dá lámh. An cheist phráinneach anois ná an bhfuil sé de chrógacht ag an rialtas seo an port a athrú agus éisteacht linne, nó an fearr leo dul ar a nglúine, roimh a máistrí sa Ghearmáin?

CLUAS SA CHEANNÁRAS

Lenár gcomhfhreagraí polaitiúil i dTeach Laighean, **Colm Ó Broin**



Éireannaigh ‘gan cháipéisí’

BHÍ roinnt Teachtaí Dála corraithe faoi cheist na hÉireannach ‘gan cháipéisí’ i Stáit Aontaithe Meiriceá an tseachain seo caite. Chuir Denis Naughten (FG), Brendan Smith (FF) agus Sandra McLellan (SF) ceisteanna ar an Aire Gnóthaí Eachtracha, Eamon Gilmore, maidir leo siúd atá ina gcónaí thall go mídhleathach.

Dúirt an tAire Gilmore go raibh an rialtas gníomhach ar an gceist agus go

raibh siad i dteagmháil leis na húdaráis i SAM maidir le réiteach don na hÉireannaigh ‘gan cháipéisí’. De réir teagmhálaithe an rialtais i Washington, is leasú ar an gcóras imirce thall an t-aon réiteach ar an ábhar.

Is cosúil nár smaoinigh siad ar an réiteach eile, is é sin, go gcuirfí an dlí i bhfeidhm agus go ndíbreofaí na hinimircigh mhídhleathacha seo as an tír.

Ní hé sin mar a oibríonn caidreamh idirnáisiúnta, ar ndóigh. Is féidir leis an rialtas a bheith in éadan inimirceacht mhídhleathach in Éirinn agus ar a shon i Meiriceá. Is amhlaidh an scéal atá ann faoi ‘thrádáil saor’ - tá muid ar a shon i dtaobh earnálacha a bhfuil buntáiste iomaíoch againn iontu (bogearraí, m.s.) agus ina éadan i dtaobh earnálacha nach bhfuil buntáiste againn iontu (talamhaíocht,

m.sh).

An t-aon cheist ná ceard atá ar leas na hÉireann nó na ndaoine as Éirinn, is cuma faoin dlí nó prionsabail.

Suimiúil go leor, ba í McClellan an t-aon duine den triúr a d’úsáid an focal ‘illegal’ seachas ‘undocumented’ sna ceisteanna. Sofhriotal nua is ea ‘undocumented’ nach bhfuil chomh diúltach le ‘illegal’.

Ní in Éirinn amháin a bhíonn an

phleidhcíocht seo ar bun.

Déantar idirdhealú idir inimircigh ó thíortha saibhre agus inimircigh ó thíortha bochta. Glaoitear ‘ex-pats’ ar an gcéad dream, toisc go dtuigtear gur focal diúltach é ‘immigrant’ i mBéarla.

Go deimhin féin tá eagrán do ‘ex-pats’ ag roinnt nuachtán i Sasana atá dubh in éadan inimirceach ina dtír féin, an Daily Express mar shampla.

Teachta eile ó FG buartha faoin Acht Teanga

THUAIRISCIGH Gaelscéal i mí Iúil go raibh ceisteanna curtha ag John Deasy (FG - Port Láirge) ar na Ranna Rialtais éagsúla faoin gcostas a bhain le haistriúcháin Gaeilge.

Léirigh na freagraí a fuair sé nár chaith na Ranna a chuir eolas ar fáil ach €365,241 in 2011 agus gur bhain beagnach leath den mhéid sin leis an Roinn Oideachais.

De réir na bhfigiúirí a chuir an Roinn Coimirce Sóisialaí ar fáil, chaith siad 0.0006% dá bhuiséad ar cháipéisí a aistriú go Gaeilge agus costais eile faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla.

Níl sé ráite ag an Teachta Deasy cén fáth gur chuir sé na ceisteanna - an

bhfuil spéis phearsanta aige san ábhar nó ar iarr vótóir air iad a chur.

Dealraíonn sé anois go bhfuil a chomhghleacaí ó Longfort, James Bannon, tar éis aithris a dhéanamh air. Chuir sé an cheist céanna ar na Ranna an tseachtain seo caite.

Tá céim chun cinn tógtha aige chomh maith, óir tá sé ag lorg an méid a chaith eagraíochtaí atá faoi chúraim na Ranna ar an nGaeilge chomh maith. Tá go dtí Dé Máirt seo chugainn ag na heagraíochtaí éagsúla chun na figiúirí a chur ar fáil.

Tá ‘athbhreithniú’ ar bun ag an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta ar Acht na dTeangacha



James Bannon TD. GRIANGHRAF: EAMONN FARRELL/PHOTOCALL IRELAND.

Oifigiúla. Tá amhras léirithe ag Conradh na Gaeilge faoin gceistneoir a d’úsáid an Roinn le linn na tréimhse chomhairliúcháin - dar leo bhí an

chuma air go raibh sé ag lorg na bhfreagraí a thacódh le sceanairt a dhéanamh ar an Acht, go háirithe ó thaobh aistriúcháin de. Cad is cúis leis an tsuim atá ag Teachtaí Fhine Gael sa chostas a bhaineann leis an Acht? Is léir ó na figiúirí a chuir na Ranna ar fáil do John Deasy gur beag ábhar buairimh atá ann dóibh ó thaobh an airgid de.

Thuiriscigh Gaelscéal le déanaí faoin drochbhéas a léirigh Comhairleoirí Contae de chuid an pháirtí do Sheán Ó Tuairisg ó Fhianna Fáil agus do Sheosamh Ó Laoi (óna bpáirtí féin!) toisc go raibh siad ag labhairt i nGaeilge i seomra na Comhairle. Diúltaíonn go leor de na Comhairleoirí cluaisíní a

chaitheamh nuair a bhíonn Comhairleoirí eile ag labhairt i nGaeilge. Labhair mé leo faoi seo roinnt blianta ó shin. Dúirt an Comhairleoir Tom McHugh ó Thuaim nach raibh sé sásta iad a chaitheamh - má tá siad ag iarraidh go dtuigfinn ceard atá á rá acu ba cheart dóibh Béarla a labhairt - sin an dearcadh tá aige agus ag go leor eile is cosúil.

Tá eite amháin den pháirtí ag cur leis an méid Gaeilge a labhraítear i bParlaimint na hEorpa, mar shampla, ach tá eite eile ag iarraidh an méid Gaeilge a labhraítear i gComhairle Contae na Gailimhe a laghdú. Is cinnte go bhfuil gaol aisteach ag Fine Gael leis an teanga.

Foras na Gaeilge

Glaoh ar Iarratais

SCÉIM NA FOILSITHEOIREACHTA 2013

Spriocdháta: Roimh 13:00, Dé Máirt, 4 Nollaig 2012

Glaoh ar Iarratais

SCÉIM NA dTIONSCADAL LITRÍOCHTA 2013

Spriocdháta: Roimh 13:00, Dé Céadaoin, 27 Márta 2013

TUILLADH EOLAIS & FOIRMEACHA IARRATAIS

Foras na Gaeilge, Ráth Chairn, Baile Átha Buí, Co. na Mí
T: 046 943 0419 F: 046 943 0420
R: leabhar@forasnagaeilge.ie I: www.gaeilge.ie

Drámaí ó Thobar Mhúscraí

le Conchubhar Ó Deasmhumhna

á léiriú ag Aisteoirí Chúil Aodha

Drámaí • Agallaimh • Dánta • Léargas

san Ionad Cultúrtha, Baile Mhuirne

Aoine, 26 Deireadh Fómhair 2012
8.30pm.

AN COMHLACHAS Náisiúnta DRÁMAÍOCHTA

Camas, Conamara.

Teil: 091-574146

www.drama-gaeilge.com

eolas@drama-gaeilge.com



Le tacaíocht ó Foras na Gaeilge



Cad a dhéanfadh muid

Arbh fhéidir Gaeilge gan Gaeltacht?

Tuairisc speisialta le **Colm Ó Broin**



Is é an Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíochta ar Staid na Gaeilge sa Ghaeltacht an tuairisc déanaí go bhfuil an Ghaeltacht ar an dé deiridh. Ainneoin go bhfuil an tuairisc seo á dhéanamh leis na céadta bliain, ní chiallaíonn sé sin nach bhfuil an ceann seo cruinn.

Dar leis an staidéar, a foilsíodh in 2007, tá, faoin am seo, 10-15 bliain



Comhartha an todhchaí?: Dá gcaillfeadh muid na Gaeltachtaí an mbeadh saol ar bith i ndán don Ghaeilge?


Tuairimí éagsúla faoi thodhchaí

Fionntán de Brún, Leachtóir Sinsearach le Gaeilge, Ollscoil Uladh

Is doiligh luach na Gaeltachta a chur i bhfocail. Ní fhéadfaí an Ghaeilge a athbheochan sna cathracha gan sreang imleacáin na Gaeltachta a bheith á cothú an chéad lá riamh. Ba í Tír Chonaill tobar na Gaeilge ag Gaeilgeoirí na Sé Chontae riamh anall agus tá dóchas mór agam gur mar sin a bheas san 21ú haois.

Gan aon amhras, tá borradh mór faoin Ghaeilge in áiteanna atá scoite amach go maith ón Ghaeltacht ach ina dhiaidh sin uilig, dá fheabhas staid na teanga sna ceantair sin, níl siad leath chomh láidir le Rann na Feirste ná Gaoth Dobhair ná Gort an Choirce ar an ábhar gur teanga laethúil phobail atá sa Ghaeilge sa Ghaeltacht, in ainneoin an tsíorion-saí, go fóill.


Ar ndóigh, tá an rud is pobal ann ag athrú go tiubh géar gasta agus tá a shéala sin ar chúrsaí teanga - táimid ag plé le scáileáin a oiread sin anois go bhfuil oideachasóirí ag maíomh nach bhfuil cuid den aos óg in ann comhrá a dhéanamh ná iad féin a chur in iúl. Más i líonraí sóisialta a mhairfeas muid uilig amach anseo, seachas i bpobail, beidh a shliocht sin ar an chineál cumarsáide a



An Ghaeltacht 1926



An Ghaeltacht 1956



An Ghaeltacht 2007 (catagóir A)

dhéanfaimid fosta.

Déanfar gnó an tsaoil trí theanga idirmáisiúnta na teicneolaíochta agus déanfar an chuid eile, an teagmháil shóisialta chaidreamhach, leis na daoine a roghnaímid sa teanga is rogha linn. Is ar an ábhar sin a bhím in amhras nuair a chluinim daoine ag tuairbhás na Gaeltachta. Nuair atá an saol ina bhfuilimid beo ag athrú ar luas mear mire ní dóigh liom gur féidir mórán a thuar go beacht eolaíoch.

Má tá gá le hanailís agus le gníomh tá gá le dóchas i gcónaí agus is fórsa é sin a bhfuil éifeacht dhothomhaiste ann más fíor don mhéid a dúirt Máirtín Ó Cadhain, 'Sé an dóchas an

mhaidhmiú chuartaigh, an chain detonation, a fheicim ariamh anall i stair na tíre. Na géaga giniúna: an dóchas ag gint an mhisnigh agus an misneach ag gint an ghnímh.'

Colm Ó Flátharta, Cathaoirleach Ghael-Taca Chorcaí

Tá sé le tabhairt faoi ndeara agam féin go bhfuil lagú ag teacht ar an teanga sna Gaeltachtaí ar fud na tíre agus go bhfuil anois, faoi dheireadh, athrú intinne ag teacht ar dhaoine sna Gaeltachtaí nó cathracha is bailte

móra. Chun é seo a athrú, caithfear tosú ag bun an dréimire, sna scoileanna. Caithfear suim a spreagadh sna leanaí agus iad óg agus béim a chur ar an teanga labhartha.

Tá ard-mholadh ag dul go leithéidí RnaG agus TG4 as ucht athbheochan na teanga a mhúscaill mórthimpeall na tíre. Tá níos mó daoine óga anois ag obair leis an teanga go laethúil, rud thar a bheith tábhachtach gan dabht. Ach is ar bhonn áitiúil a chaithfear an bhéim a bheith chomh maith. Conas is féidir linn é seo a dhéanamh? Bhuel chun an fhírinne a rá, níl cinnte, ach tá athruithe le déanamh go luath sula gcaillfeadh an teanga go brách. Tá brú mór ar an

rialtas chun na hathruithe faoi leith a dhéanamh agus an Ghaeilge a chuir faoi bhráid an phobail arís.

Gabriel Nic Uidhir, Leachtóir Sinsearach le Gaeilge, Naomh Mhuire

Sílím go dtugann an cheist féin léargas dúinn ar an bhuaireamh atá ar phobal na Gaeilge ar fud na tíre maidir le stáid na Gaeltachta. Imríonn na ceantair Ghaeltachta ról an-tábhachtach i saol an fhoghlaimeora chomh maith le saol mhuintir na Gaeltachta.

Dá mbeadh deireadh leis an Ghaeltacht, ní hé go n-éireodh pobal na Gaeilge as labhairt na teanga. Is cinnte go bhfuil go leor daoine ann ar fud na tíre atá tiomanta don Ghaeilge mar ghné dá saol laethúil agus mar uirlis chumarsáide. Ar a bharr sin, forbraítear grá don teanga agus oilteacht teanga sna scoileanna a úsáideann í mar mheán foghlama agus teagaisc.

Ach ní deireadh an scéil é sin. Is é an tionchar a bheadh ann dá gcaillfí an Ghaeltacht ná ionsaí tréan a dhéanamh ar shaibhreas na teanga, ar dhúchas na teanga, ar féinmhuinín phobal labhartha na teanga. I gColáiste Ollscoile Naomh Muire, déantar tosaíocht den eis-

feasta gan Gaeltacht?

fágtha ag an nGaeilge mar phríomhtheanga an phobail sa Ghaeltacht.

Ceist a eascraíonn as seo ná an gciallódh bás na Gaeltachta bás na Gaeilge? An féidir leis an teanga a bheith beo gan pobal ar bith ina bhfuil sí á labhairt mar phríomhtheanga?

Ceist ghoilliúnach atá anseo, óir táthar ann den tuairim go gcuirfear le meath na Gaeltachta má dhéantar plé ar bith ar an méid a bheadh i ndán don teanga i ré iar-Ghaeltachta.

“Má ghlacann tú leis an gcoincheap go n-imeoidh an Ghaeltacht tá tú ag glacadh leis nach féidir an taoide a chasadh, agus creidimse gur féidir an taoide a chasadh,” arsa Príomhfheidhmeannach Chonradh na Gaeilge, Julian de Spáinn.

“Bheadh tubaist ann dá n-imeodh an Ghaeltacht, tá sé fíorthábhachtach go mbeadh pobal Gaeltachta ann agus tá an-bhuntaístí ag baint leis ó thaobh fhoghlaím na Gaeilge agus cruinnis de. Smaoinigh ar an méid daoine a d’fhoghlaím Gaeilge sa Ghaeltacht. Is gá dúinn a bheith dearfach agus cruthaíoch agus gníomhach le stop a chur leis

an meath.”

Duine de na húdara rinne an Staidéar Cuimsitheach is ea Conchúr Ó Giollagáin, Ceannasaí Aonad na Pleanála Teanga in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge ar an gCeathrú Rua.

“Tá saolré na Gaeltachta teoranta,” ar seisean. “Níl cúrsaí ag dul i bhfeabhas agus ní feabhsaíonn na rudaí astu féin.”

“Seans go mairfidh an Ghaeilge mar theanga pobail i mbaile fearainn anseo is ansiúd ach caithfidh pobal a bheith agat chun cultúr teanga a iompar agus ní féidir le baile fearainn é sin a dhéanamh.”

Dar leis, bheadh sé an-deacair an teanga a chur chun cinn gan Gaeltacht.

“Ceist mhór ná cén chaoi ar féidir cultúr teanga a chothú gan croí-phobal. Ní mór tabhairt faoin gceist seo.”

“Níl muid in ann é a thógáil ar aghaidh glúin amháin. Is é sin, foghlaimíonn daoine an teanga (ar scoil) ach ní labhraíonn siad é sa phobal go hiondúil. Mar a dúirt an sochtheangeolaí, Joshua Fishman, tá chuile ghlúin ag dul ar ais go céim a haon. “Tá sé an-deacair cultúr teanga a

chothú mura bhfuil croí-phobail agat. Ach tá pobail áirithe níos fearr ná cinn eile ag cruthú líonra teanga. Tá pobal iarthar Bhéal Feirste an-uaimhianach agus tá sé sin le moladh.”

Céard faoi na daoine atá ag cur na Gaeilge chun cinn lasmuigh den Ghaeltacht faoi láthair?

“Má fhaigheann Gaeltacht Thír Chonaill bás beidh muid go fóill beo taobh amuigh de, ach ní bheith muid chomh saibhir agus beidh cuid mhaith den cheangal nadúrtha lenár sinsear Gaelach bainte uainn,” arsa Réamaí Mathers ó Phobal an Chaistil i mBaile an Chaistil, i dTtuaisceart Aontroma.

“An rud atá le déanamh na an teolas ó Thír Chonaill a fhás agus a lonnú in áiteanna eile fosta, sin a nasc lena a bhfuil fágtha don cultúr Gaelach logánta.”

Ní fheiceann Gearóid Ó Cairealláin aon chúis nach mairfeadh an Ghaeilge dá n-imeodh an Ghaeltacht.

“Fad is atá daoine sásta i a fhoghlaím agus a labhairt lena bpáistí beidh sí beo. Tá daoine á dhéanamh inniu gan mórán ceangail leis an nGaeltacht, mar sin níl cúis ar bith

nach dtarlódh sé sin amach anseo,” arsa an gníomhaí aitheanta.

“Is cinnte go raibh an t-am ann nuair a bhí an-cheangal idir muintir Bhéal Feirste agus an Ghaeltacht, go háirithe Rann na Feirste, ach níl sé chomh láidir anois. Tá na Gaelscoileanna againn sa chathair agus is iadsan atá ag coinneáil an lasair ag dul.”

“Nílím a rá nach cailliúint a bheadh ann mura mbeadh Gaeltachta ann. Tá súil agam nach n-imeoidh sé, tá sé sin ag brath ar mhuintir na Gaeltachta. Ní féidir linn ar fad ach an méid gur féidir linn a dhéanamh.”

Eagraíocht atá ag iarraidh borradh a chur faoin teanga lasmuigh den Ghaeltacht is ea Glór Ceatharlach. Eagraíonn siad imeachtaí agus grúpaí éagsúla, idir grúpaí tuistí agus leanaí, grúpa do dhaltaí scoile, ciorcail chomhrá, oícheanta sóisialta

agus araile, trí mheán na Gaeilge.

“Ní Gaeltacht é Ceatharlach agus níl sé sin á rá againn. Níl an saibhreas sin againn anseo,” arsa Emma Ní Bhroin, Oifigeach Forbartha na heagraíochta.

“Tá an rud atá ar bun againn anseo difriúil ón méid atá ar bun ann, níl muid ag iarraidh go mbeadh an baile ar fad ag labhairt i nGaeilge amháin.

“Ba mhaith linn an Ghaeilge a chur chun cinn sa phobal. Eagraíonn muid imeachtaí le cruthú gur teanga bheo atá ann.”

“Mura mbeadh Gaeltacht ann ní dhéanfadh sé mórán difríochta dúinne anseo i ndáiríre. Níl mórán naisc againn leis an nGaeltacht.

“Tá súil agam nach dtagann deireadh leis an nGaeltacht go deo agus nach gcuillfear an nasc sin, ach leanfaidh muidne ar aghaidh leis an obair atá ar siúl againn, cibé scéal é.”

Beidh tuairisc ag Gaelscéal an tseachtain seo chugainn faoin tuairim atá ag daoine sa Ghaeltacht faoin méid atá i ndán don teanga mura mbeidh sí á labhairt mar phríomhtheanga an phobail sa Ghaeltacht amach anseo.

na teanga

péireas Gaeltachta mar thaithí atá riachtanach ag ár gcuid mac léinn mar fhoghlaimeoirí.

Bíonn tréimhsí rialta sa Ghaeltacht fite tríd na cúrsaí Gaeilge go léir. Agus is próiseas fadsaoil foghlaim na teanga, mar sin de, is nasc buan é an caidreamh atá againn leis an Ghaeltacht.

Caoimhe Ní Chathail, Oifigeach na Gaeilge, Co. an Dúin

Beidh Gaeltacht ann i gcónaí agus pobal na Gaeilge go fóill ar an bhfód. Is ionann Gaeltacht agus áit a labhraítear Gaeilge achan lá, mar ghnáth-theanga an tsaoil, is cuma faoi thíreolas nó tírdhreach.

Is aoibhinn liom am a chaitheamh sa Ghaeltacht ach tá an inspioráid chéanna le fáil i súile páistí atá ar Ghaelscoil sa "Ghalltacht" agus atá ar scoil sa "Ghaeltacht". Tá an dá áit ríthábhachtach i réabhlóid chultúrtha na tíre seo mar go bhfuil an teanga chéanna á labhairt acu.

Dónall P. Ó Baoill – IarOllamh le Gaeilge, Ollscoil na Banríona

Níl na comharthaí a léiríonn an

taighde rófholláin i dtaca lena bhfuil in ann don Ghaeilge sa Ghaeltacht. Má mhaireann sí, agus níl aon chinnteacht go mairfidh, beidh an comhthéacs ina mairfidh sí athraithe ar fad ón sórt suímh agus compal as ar fáisceadh go dtí seo í.

Beidh Béarla ag na cainteoirí ó aois an-óg - rud a imreos tionchar mór ar theanga na Gaeilge - tá a chomhartha sin le feiceáil cheana féin ar chomhréir agus ar ghramadach na teanga.

Is iontach liom chomh maith agus a éiríonn le cuid mhaith daoine í a fhoghlaím agus a insealbhú agus leibhéal ard cainte agus tuisceana a bhaint amach inti.

Cruthaíonn an méid sin féin go bhfuil teacht aniar sna daoine agus sa teanga féin dá dtabharfaí cothrom na Féinne di i réimsí cinniúnacha ina saol agus ina saothar.

Is dóigh liom go mairfidh an Ghaeilge fiú má imíonn sí go hiomlán as an Ghaeltacht ach is cineál eile Gaeilge ar fad a bheas inti thar mar atá cleachtadh againn uirthi go dtí seo - ach beidh sí inaitheanta ar a deilbh foghraíochta agus struchtúir agus ar shaintréithe an chultúir a bheas ar iompar léi.

Ní fhéadfaidh sí mairstean taobh leis an Bhéarla gan iomrothlú a theacht uirthi idir fhuaim agus fhoirm ach bheinn ag súil go bhfuil creatlach láidir dúchais inti nach mbeidh furasta a chloí nó a scothadh aisti.

Lón machnaimh: Ceisteanna faoi dhá dhearcadh i leith na Gaeltachta

'Déan dearmad faoi na Gaeltachtaí, dírig ar na cathracha'

Shílfeá gurbh é bunaidhm na hathbheochana ná go mbeadh an Ghaeilge á labhairt mar theanga pobail bheo timpeall na tíre. Mar sin, an bhfuil ciall ar bith le dearcadh a deir gur cóir neamhaird a dhéanamh de na ceantair ina bhfuil sí beo sa phobal faoi láthair?

Cé go bhfuil an teanga faoi bhrú sna Gaeltachtaí, tá an céatadán den phobal a labhraíonn an teanga go rialta i bhfad Éireann níos mó ná áit ar bith sa Ghalltacht.

Tá sé seo fíor fiú in áit ar nós an Daingin, a tharraing droch-cháil i measc Gaeilgeoirí de bharr an aighnis faoi ainm an bhaile. Dá mbeadh an chuid eile den tír chomh Gaelach is atá an Daingean (áit a labhraíonn 17% den phobal Gaeilge go laethúil) ní bheadh mórán údair imní ag pobal na Gaeilge.

Fiú má tá borradh faoin nGaeilge i gceantair lasmuigh den Ghaeltacht traidisiúnta faoi láthair, is ciar fiorbheag den phobal atá i gceist, agus ní féidir talamh slán a dhéanamh de go mbeidh an spéis chéanna ag an gcéad ghlúin eile ann. Má táthar

ag iarraidh teanga pobail a dhéanamh den Ghaeilge sna cathracha, an bhfuil cúis ar bith nach mbeadh na dúshláin chéanna ag lucht na teanga is atá ag muintir na Gaeltachta faoi láthair ó thaobh an bhrú ar bhíonn ar thuismitheoirí, déagóirí, srl., Béarla a labhairt? Dúshlán eile a bheas ann ná líofacht agus saibhreas na teanga a chaomhnú - gan Gaeltacht an mbeidh sé seo indéanta?

'Fantaisíocht atá san athbheochan, dírig ar na Gaeltachtaí'

Tá níos lú ná 20,000 duine ina gcónaí sna Gaeltachtaí is láidre sa tír faoi láthair. Tá siad timpeallaithe ag sé mhilliún Béarlóir in Éirinn, 60 milliún sa Bhreatain agus 300 milliún sna Stáit Aontaithe. An féidir leis na Gaeltachtaí maireachtáil mar oileáin bheaga in aigéan an Bhéarla? Tá an Ghaeltacht ag cúlú le 300 bliain, ar chúiseanna éagsúla.

Fadó is cúrsaí ‘náire’ a bhí taobh thiar den mheath, ach de réir an Staidéir Chuimsithigh, is athrú daonra is cúis leis sa lá atá inniu ann. Is é sin, go bhfuil daoine gan Gaeilge ag bogadh isteach sa Ghaeltacht. Is páirtithe, páistí, col

ceathracha, srl. na gcainteoirí dúchais iad go leor de na daoine seo. An féidir stop a chur leis an aistriú daonra seo?

Bítear ag caint faoi na daoine óga sa Ghaeltacht nach bhfuil sásta an Ghaeilge a labhairt, ach ní chuirtear san áireamh go minic go bhfuil cúlra teangeolaíochta éagsúla acu - níor tógadh go leor acu le Gaeilge agus dá bharr sin gur lú seans go labhróidh siad í amuigh ar an tsráid. Mura mbeidh poist sa Ghaeltacht imeoidh na cainteoirí dúchais, ach má bhíonn neart post ar fáil bogfaidh go leor daoine gan Gaeilge isteach.

Dá mbeadh Gaeilge ag níos mó daoine atá ag bogadh isteach sa Ghaeltacht, de bharr iarrachtaí na hathbheochana, nach n-ísleodh sé sin an dochair atá á dhéanamh?

Ní féidir balla a thógáil timpeall na Gaeltachta. Má chaitear Bearna agus na Forbacha as an nGaeltacht inniu, mar shampla, an mbeidh an Spidéal ar an gcéad baile eile le n-imeacht? An mbeifear ag atarraingt teorann na Gaeltachta go dtí nach mbeidh faic fágtha? Má táthar ag rá gur fantaisíocht atá san athbheochan, an dtugann sé sin teachtaireacht dhíomúch do dhaoine lasmuigh den Ghaeltacht gur cur amú ama é dóibh an teanga a fhoghlaím ar chor ar bith?

Gaeilge gan Gaeltacht? - Tá sé tarlaithe cheana féin

Fuair an cainteoir dúchais deireanach in Oileán Mhanainn bás in 1974, d'ainneoin sin, labhraítear Gaeilge ann go fóill a scríobhann **Colm Ó Broin**

Ní ceist iomlán hip-itéiseach é an ‘ré-iarGhaeltachta’, óir tá sé tarlaithe cheana féin, ar Oileán Mhanainn.

Fuair an cainteoir dúchais deireanach, Ned Madrell, bás in 1974. Faoin am sin bhí an teanga foghlamtha ag roinnt mhaith daoine ar an oileán. Faoi láthair tá naiscoil agus Gaelscoil i nDúglas (Doolish) agus tá pobal na teanga ag fás, dar le Adrian Cain, Oifigeach Mhanannais le Fondúireacht Oidhreacht Mhanainn.

“Léiríonn cás Oileán Mhanainn gur féidir beocht a bheith ann tar éis báis, cibé brí atá leis sin. Níl a fhios agam an bhfaigheann teangacha bás. Ar bhealach, tá cúrsaí teangeolaíochta ar Oileán Mhanainn níos fearr anois nó mar a bhí 100 nó 150 bliain ó shin. Tá Gaelscoil againn, tá daoine óga á foghlaim, tá sí i bhfad níos feiceálaí, tá níos mó muiníne inti, agus tá níos mó airgid á infheistiú sa teanga.”

D’fhoghlaim Adrian an teanga ó dhaoine a d’fhoghlaim í ó na cainteoirí dúchais agus, dar leis, bhí an t-ádh ar an nglúin reatha go raibh go leor gníomhaíthe maith ann a bhain go leor amach don teanga.

“Tá roinnt daoine a déarfadh gurbh é an rud is fearr a tharla don Mhanannais riamh ná go bhfuair na cainteoirí dúchais deireanacha bás. Thug sé sin

saoirse do dhaoine díriú go hiomlán ar an obair, bhí an-iomarca díomá agus crá croí ann faoi bhás agus meath. Scéal diúltach a bhí ann ach nuair a bhí siad ar fad imithe ní raibh ach bealach amháin le dul - chun feabhais.”

Bíonn Cain i dteagmháil le lucht na Gaidhlig in Albain ach, dar leis, tugtar an-iomarca ómóis don chainteoir dúchais agus do na ceantair Ghaeltachta sa tír sin.

“Tá caint shíoraí ann faoin tábhacht a bhaineann le caomhnú na bpobal sin. Ach tá siad lonnaithe i gceantiracha atá fíor-iargúlta, agus má tá muid ag rá gurb í an Ghaidhlig teanga na nOileán Siar amháin, cén todhchaí atá aici i ndáiríre?”

“Ar bhealach is é todhchaí na mionteangacha ná cainteoirí neamhdhúchasacha, go háirithe nuair atá na pobail dhúchasacha lonnaithe i gceantiracha iargúlta nach bhfuil mórán deiseanna fostaíochta iontu. Cé chomh inmharthana is atá siad mura gcuireann tú an t-uafás airgid isteach iontu.

“Caithfidh tú iarracht a dhéanamh na pobail Ghaeltachta ann a chaomhnú, gan dabht ar bith, ach ní chiallaíonn sé sin gur cheart duit beag is fiú a dhéanamh de na foghlaimoirí.

“Ceann de na rudaí is dearca gur féidir le duine a dhéanamh i rith a



Adrian Cain, Oifigeach Forbartha na Gaeilge in Oileán Mhanainn.

shaoil ná teanga eile a fhoghlaim. Caithfear fáilte chroíúil a chur roimh na daoine seo. Ba cheart na daoine sin a chur ar ardán.

Is féidir le hamadán ar bith a bheith ina cainteoir dúchais. Is cainteoir dúchais Béarla mise, ach ní raibh orm aon rud a dhéanamh le bheith beirthe mar sin. Caithfidh tú meas a thabhairt don té a fhoghlaimíonn teanga go leibhéal ard mar dhuine fásta. Má tá daoine óga agus daoine fásta ag foghlaim Gaeilge tá sé sin go hiontach ar fad.”

De réir an daonáirimh, tá 1,600 duine le Gaelg ar Oileán Mhanainn, ach deir Cain nach bhfuil líon na gcainteoirí líofa chomh hard sin.

“Aon uair a labhraim le daoine in Albain nó in Éirinn bíonn siad diúl-

tach faoi rudaí i gcónaí. Bhí mé ag comhdháil i nDún Éideann faoi mhionteangacha agus bhíothas ag caint faoi theangacha ar nós na Catalóinise agus na Gailíise. Ba bhréa liom dá mbeadh na fadhbanna atá acu againne. Le bheith iomlán ionraic, tá sé deacair ormsa mar chainteoir Mhanainnise breathnú ar an gCatalóinis, ar an nGailísis nó ar an nGaeilge fiú mar theangacha mionlaigh.

“Má tá daoine in Éirinn in ísle brí, nó má cheapann siad go bhfuil rudaí fíordheacair, ba cheart dóibh a theacht go hOileán Mhanainn. Ar bhealach tá an Ghaeilge níos láidre ná mar bhí riamh, tá TG4 ann, tá seirbhís raidió den scoth ann, tá na Gaelscoileanna ag déanamh go maith, tá na meáin shóisialta ann, mar sin cé go bhfuil an Ghaeltacht ag éirí níos lú tá go leor rudaí maith eile ag tarlú.”

Tá an Ghaeltacht fós beo in Albain, ach dar le gníomhaí ó Ghlaschú, Adhamh Ó Broin, níl seans ar bith ann go mairfidh sí.

“Tá sé i bhfad ródhéanach anois,” ar seisean. “Tá dúshraith an chultúir ídithe go mór agus tá cúrsaí imithe chomh fada sin nach féidir an taoide a chasadh.

“Tá sé uafásach go bhfuil sé seo ag tarlú, is aoibhinn liom a bheith sna

hoileáin ag labhairt le daoine sa tsráid nó sna siopaí. Ceapaim go mairfidh an teanga i dteaghlaigh anseo agus ansiúd ach tá ar laghad dhá thrian de na cainteoirí dúchais ar nós cuma liom faoin teanga.

“Tá ceist shimplí ann, áfach, má tá muid ag rá gurb í an Ghaeltacht an t-aon rud atá tábhachtach chiallaíodh sé sin go bhfuil muid buailte go hiomlán.”

Tá Ó Broin i mbun togra darbh ainm ‘Droitseach’, a bhfuil se mar aidhm aige canúint Chomhghaill a athbheochan. Tá an ceantar suite thart ar 80 míle siar ó Ghlaschú agus bhí cainteoirí dúchais beo ann go dtí na 1990í.

Deir sé go bhfuil an togra ag feidhmiú go hiomlán neamhspleách ón nGaeltacht in Albain agus go bhfuil daoine áitiúla mar aon le Sasanaigh, Éireannaigh agus eile rannpháirteach ann.

“Is iad ‘lucht an mhisnigh’ todhchaí na Gaidhlig, is é sin na daoine ar spéis leo an teanga, na daoine atá paiseanta fúithi agus a mhothaíonn ceangal léi.

“Tá cainteoirí dúchais i measc na ndaoine seo go deimhin, ach beidh daoine ó cheann ceann na tíre agus níos faide i gcéin páirteach freisin, is cuma más ó dheisceart Shasana nó ó thuaisceart na Cóiré iad.”

Cén saghas Gaeilge a mhairfeadh?

Má imíonn an Ghaeltacht mairfidh an Ghaeilge ach ní bheidh sí chomh saibhir is atá anois - sin tuairim a chloistear go minic.

Tá Máire Ní Neachtain, Léachtóir le Gaeilge i gColáiste Mhuire Gan Smál i Luimneach, lánchinnte go mbeidh an teanga beo amach anseo.

“Tá na gréasáin lasmuigh den Ghaeltacht láidir go leor anois le cinntiú nach bhfaighidh an teanga bás,” ar sise.

“Ní chreidim ach an oiread go mbeidh chuile phobal Gaeltachta imithe i gceann 15 bliana; mairfidh roinnt acu. Mar aon leis sin, mairfidh Gaeilge na Gaeltachta ina measc siúd a d’fhoghlaim í ach atá ina gcónaí lasmuigh den Ghaeltacht anois.”

É sin ráite, tá plé le déanamh faoi shaibhreas na Gaeilge amach anseo, dar léi. Tá gnéithe éagsúla i gceist le

saibhreas, idir comhréir, foghraíocht agus stór focal, de réir Ní Neachtain.

“Athraíonn chuile theanga, ach is féidir an-dochar a dhéanamh má tharlaíonn sé go han-sciobtha.”

Samplaí den chomhréir atá tagtha faoi thionchar an Bhéarla ná abairt ar nós “táim ag déanamh é” seachas “táim á dhéanamh”, rud a chloistear i measc daoine atá ag foghlaim Gaeilge le blianta fada in amanna, dar le Ní Neachtain.

Ó thaobh na foghraíochta de, leagan sí béim ar na consain chaola agus an ‘ch’.

“Is í an fhoghraíocht an rud is bunúsai atá ag teanga ar bith.”

Mura bhfuil an fhoghraíocht cruinn ní bheifear in ann idirdhealú a dhéanamh idir focail ar nós ‘cuir’ agus ‘chuir’ nó ‘capall’ agus ‘capaill’, ar sise.

Ní dóigh léi go bhfuil gá le ranganna foghraíochta ar leith, ach ní mór



Máire Ní Neachtain, léachtóir le Gaeilge i gColáiste Mhuire gan Smál, Luimneach.

níos mó béime a chur air sna scoileanna agus sna cúrsaí Gaeilge.

Maidir le stór focal, tá sé rí-thábhachtach go mbeadh daoine timpeallaithe ag daoine eile le hardchumas sa teanga agus go mbeadh deis acu í a úsáid go rialta.

Ní sa Ghalltacht amháin atá fadhb ó thaobh cúrsaí saibhris de. Tá Gaeilge na gcainteoirí dúchais óga

ag teacht faoi thionchar an Bhéarla i rith an ama, dar léi.

Tagann sé seo le taighde ar líofacht dhéagóirí sna Gaeltachta is láidre a léirigh nach bhfuil an cumas teanga acu a mbeifeá ag súil leis ó chainteoirí dúchais.

Foilsíodh na torthaí i leabhar a chur Ciarán Leonach agus Conchúr Ó Giollagáin in eagar, ‘An Chonair Chaoch’. Dar leis an nGiollagánach, tá sé riachtanach go mbeadh deis ag foghlaimoirí an teanga a labhairt go sóisialta.

“Is amhlaidh atá sé le gach teanga, mura bhfuil an cleachtadh sóisialta ag dul leis an bhfoghlaim beidh teorainn leis an líofacht a bhainfear amach.”

Maidir leo siúd nach bhfuil an Ghaeilge acu ón gcliabhán, ní mór tabhairt faoi fhoghlaim na teanga mar phróiseas leanúnach fadtéarmach ina mbeifear ag iarraidh barr feabhais a chur ar a gcuid Gaeilge i

rith an ama, dar leis.

Níl ceist an tsaibhris aontaobhach, dar le Gearóid Ó Cairealláin.

“Bíonn foclóir atá ag go leor daoine sa Ghaeltacht teoranta,” ar seisean. “Má tá tú ag plé cúrsaí polaitíochta, spóirt, ealaíon agus eile, go minic bíonn foclóir i bhfad níos mó ag na daoine atá sna cathracha.”

Níl Adrian Cain ó Fhondúireacht Oidhreacht Mhanainn den tuairim go bhfuil fadhb le blas na Gaeilge a bheadh ann i ré-iarGhaeltachta.

“Beidh sé difriúil, ach ní chiallaíonn sé sin go mbeidh sé níos fearr ná níos measa. Ní labhraimse Béarla leis an mblas céanna a bhí ag mo sheantuismitheoirí,” ar seisean.

“Déanann gach pobal teanga gearán gur labhair daoine an teanga níos fearr 50 nó 100 bliain ó shin. Tá an díospóireacht sin le fáil i mBéarla chomh maith. Tuairim dosheanchanta atá ann.”

Náire agus Neamhaird

Scott De Buitléir ar thrasghnéasachas agus a chaidreamh leis an bpobal aerach

FIÚ sa phobal LADT - leispiach, aerach, déghnéasach agus trasghnéasach - is annamh agus is beag an aird a fhaigheann an 'T' sin.

Is éard atá i nduine trasghnéasach ná duine a cheapann gur rugadh iad sa chorp mícheart, agus déanann siad iaracht é sin a cheartú. Déantar sin le 'trasnú' ó bheith fireann go baineann (nó a mhalairt) trí chúrsa hormóin agus gnáthamh máinliachta.

Ní bhaineann sé go díreach le gnéasúlacht, cé go bhfuil sé nasctha, ach baineann sé le féiniúlacht phearsanta.

Agus toisc gur mionlach é an pobal LADT, is iad na daoine trasghnéasacha an chuid is lú den mionlach sin, cé go bhfuil a gcuid riachtanas sách difriúil ó chearta daoine aeracha.

I bhfocla eile, mionlach de mhionlach atá ann, agus is deacra tacaíocht agus aird a fháil mar gheall air sin. Ach caitheadh níos mó aird ar an 'T' sin le déanaí ná mar is gnáth. Le linn na seachtaine seo caite, tháinig fadhb chun solais don chomhlacht teileafóin, Meteor, nuair a sheol TENI (*Transgender Equality Network Ireland*) feachtas ina choinne mar gheall ar fhógra dá chuid. Sa bhfógra seo, taispeántar fear ag damhsa le healaíontóir 'drag' (i.e. fear a ghléasann é féin mar bhean - nó a mhalairt - i gcomhair siamsaíochta) chun wifi saor a fháil as an mbeár.

Nuair a fhoghlaimíonn an fear faoi phacáiste idirlín atá ag Meteor dá chuid guthán, éalaíonn sé ón mbeár, ag fágáil an ealaíontóra ina aonar. Is é tuairim TENI ná go bhfuil an fógra - atá ar taispeántar ar theilifís agus roimh scannáin sna pictiúrlanna - "trasfóibeach" agus ag neartú steiréitíopaí. Leis sin, tá an grúpa ag iarraidh ar úsáideoirí Twitter gearáin a sheoladh chuig Meteor tríd an suíomh, agus an eochair-chód #MeteorShame a chur leo.

Is éard atá difriúil - nó le bheith fírinneach, aisteach - faoin 'scannal' seo ná nach rud nua é an fógra seo ó Meteor. Tá sé ar taispeántar ar theilifís, sna pictiúrlanna agus ar líne le cúpla mí anuas, ach níl an feachtas ó TENI seolta ach le linn na seachtaine seo caite. "Rith muid amach as gach bealach eile chun gearáin a dhéanamh," a mhínigh Broden Giambrone, stiúrthóir TENI.

"Rinne muid gearáin le Meteor, Eircom (arbh leo Mete-

or) agus Údarás Caighdeán Fógraíochta na hÉireann, agus rinneadh neamhaird orainn ag gach leibhéal. Ní raibh le déanamh againn ach an cath a thabhairt chuig leibhéal poiblí ar líne."

Ach níl na gearáin ar líne dírithe ar an gcomhlacht cumarsáide amháin. Tá an 'scannal' seo i ndiaidh leathnú chomh fada le Fort Worth, Texas, nuair a scríobh blagálaí darb ainm Kelli Busey cuntas cáinteach in aghaidh Paul Ryder, fear a bhí páirteach sa bhfógra.

Níl freagra oifigiúil foilsithe ag Meteor maidir leis an bhfeachtas ina choinne, ach toisc an ionsaithe atá déanta ar na healaíontóirí a bhí páirteach sa bhfógra, scaoil an comhlacht tuít an tseachtain seo caite: "ní féidir glacadh le hionsaithe pearsanta ar na healaíontóirí 'drag' a bhí páirteach inár bhfógra". Seachas an ráiteas sin, is cosúil go bhfuil Meteor ag déanamh neamhairde d'fheachtas TENI agus #MeteorShame.

Is suimiúil é nach bhfuil gach duine sa phobal LADT den tuairim gur ionsaí trasfóibeach (transphobic) é fógra Meteor, de réir an méid

Cé go bhfuil go leor bainte amach ag an bpobal LADT in Éirinn le linn na mblianta beaga anuas, is cosúil go mbíonn neamhaird á dhéanamh den 'T' sin go fóill.

comhrá agus cainte faoi ar líne.

"Uaireanta, bíonn an pobal aerach ar thóir cúise le bheith maslathie," a scríobh Kane Foley as Baile Átha Cliath ar Twitter le déanaí. "Ná bí buartha," a mhol sé, "níl ann ach fógra."

Ach tuairim iomlán difriúil a bhí ag Broden Giambrone, stiúrthóir TENI: "níor cheart pobal trasghnéasach na hÉireann a úsáid chun gáire amaideach a dhéanamh. Rinneadh staidéar le déanaí inar taispeánadh go bhfuil iarracht déanta ag 40% de dhaoine trasghnéasacha lámh a chur ina mbás féin, uair amháin ar a laghad."

Ba é pointe Giambrone ná go bhfuil meabhairshláinte na ndaoine trasghnéasacha róleochaileach le bheith ag magadh faoi. Toisc nach bhfuil



Daoine trasghnéasacha ag glacadh páirte i Paráid Bród Aerach i mBaile Átha Cliath siar in 2006 [PIC: PHOTOCALL IRELAND]

daoine trasghnéasacha páirteach sa bhfógra, is ceist chasta í seo.

An fhadhb atá ann - agus príomhphointe an fheachtais seo - ná nach dtuigeann an gnáthduine an difir idir ealaíontóir 'drag' agus duine trasghnéasach.

Cé gur fíorbheag an pobal trasghnéasach agus a lucht tacaíochta, ní hionann sin agus a rá nach bhfuil siad gan aon neart. Ar an Satharn seo caite, bhailigh suas le 150 ball agus cairde den phobal trasghnéasach lasmuigh de Theach Laighean i gcomhair agóide ar son aitheantais dóibh chun a n-inscne a athrú go dleathach.

Bhí cúis mhaith ag daoine trasghnéasacha a bheith míshásta le dlí agus rialtas na hÉireann faoi láthair; bhuaigh an Dr. Lydia Foy cás cúirte in aghaidh an rialtais in 2007 nuair a taispeánadh gur sháraigh siad an Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine agus iad ag diúltú inscne 'ceart' Foy a aithint.

Bhí agóid an tSathairn tráthúil, mar bhí iliomad grúpaí agus eagraíochtaí LADT ó 43 tír bailithe le chéile i mBaile Átha Cliath an tseachtain seo caite i gcóir Chomhdháil Eorpach LADT.

Cé go bhfuil go leor bainte amach ag an bpobal LADT in Éirinn le linn na mblianta beaga anuas, is cosúil go mbíonn neamhaird á dhéanamh den 'T' sin go fóill.

Leanfar ar aghaidh leis an tsraith seo i nGaelscéal na seachtaine seo chugainn.

Twitter: @scottdebuiltleir

Oireachtas na Samhna

Príomhfhéile na nGael

LEITIR CEANAINN, CO. DHÚN NA nGALL

TICÉID

Na Príomhchomórtais Damhsa ar an Sean-Nós

3 Samhain 2012 ag 2.00 p.m.

Ionad: Spórtlann an Aura Praghas: €16; €11

Ar díol anois: Ar líne ag angrianan.ticketssolve.com; ar an nguthán ag 074 91 20777

agus in oifig An Ghrianáin, Leitir Ceanainn

Beidh na ticéid eile ar fad ar díol ag

Deasc an Oireachtais

in

Óstán Mount Errigal, Leitir Ceanainn ó Déardaoín, 1 Samhain 2012

GACH EOLAS:

OIFIG AN OIREACHTAIS 6 Sráid Fhearchair, Baile Átha Cliath 2

Fón: + 353 1 475 3857 nó 087 216 23 49

www.antoireachtas.ie

Faigheann Oireachtas na Gaeilge deontas ó



Anonn agus Anall i Meiriceá, **Máirtín Ó Catháin** ag tuairisciú as Bostún

An Cogadh Talún agus an Cogadh ar an aer

Chaithfeadh sé go bhfuil sibhse ag tacú le Romney arsa mé féin. “Go deimhin níl,” a dúirt bean acu a raibh bríomhaireacht ina glór. Ceathrar acu a bhí ann - aníos as Salt Lake City i Utah - chuile dhuine acu bainteach leis an gcreideamh Mormannach - creideamh agus Stát dúchais Mitt Romney.

Bhíodar ag baint solamair as an saol; is garr go mbeidís ar bord loinge ar thuras pléisiúir suas le cósta Cheanada. “Tá tromlach Daonlathach anseo,” arsa an bhean a bhí ina príomh-urlabhraí ag an mbord. “Triúr in aghaidh a haon atá anseo; tá an bhean bhocht eile seo ag cur suas linn”.

“Ceist agam oraibh,” a deir mé féin.

“Tá sibh uilig in acmhainn a dhul ar thuras mar seo agus sibh sásta go maith leis an saol. Cén difríocht atá idir Daonlathaigh agus Poblachtánaigh ar aon nós, sa saol mór?”

Labhair an Poblachtánach, an bhean ba chiúine acu. “Bhuel,” a dúirt sí, “creideann na Daonlathaigh gur cheart go dtabharfadh Washington cúnamh do dhaoine ar bhealaí go leor; creideann na Poblachtánaigh gur cheart do dhaoine cur ar a son féin agus gan a bheith ag braith ar an Stát - nó a laghad agus is féidir”.

Ní raibh mórán focla curtha amú ansin ach tugann sé léargas ar an tuiscint atá ag formhór an phobail ar an difríocht atá idir dhá pháirtí mhóra Mheiriceá. Tugann na pobalbhre-



Agus muid ag dul isteach sa mbabhta deireanach tá sé cothrom idir an dá iomaitheoir throm-mhéachain seo, Barack Obama agus Mitt Romney

itheanna i dtús na seachtaine seo pictiúr fíorshoiléir freisin; tá sé ina chomhscór faoi láthair idir an dá ‘chreideamh’ seo i Meiriceá ó thaobh thoghchán na hUachtaránachta de.

Níl oiread na fríde idir an tUachtarán Barack Obama agus iarrthóir na bPoblachtánach, Mitt Romney. Ar ndóigh, braitheann an toradh sa deireadh ar na Stáit a bhuann chaon iarrthóir agus de réir na

bpobalbhreitheanna d’fhéadfadh buntáiste a bheith ag Obama ansin. Tá súil ar leith á choinneáil ar Stáit Florida agus Ohio. Bhí bean labhartha fheachtais an Uachtaráin ar an teilifís go luath ar maidin Dé Luain agus í ag caint ar ‘Chogadh na Talún’ in Florida.

“Tá,” a dúirt sí, “na Daonlathaigh ag eagrú as éadan agus ag cinntiú go dtabharfar amach na vótóirí.”

Glacadh leis go traidisiúnta gurbh fhearr iad na Poblachtánaigh ag eagrú i measc an phobail ‘ar an talamh’, mórán mar a bhíodh Fianna Fáil in Éirinn san aimsir a caitheadh. Ach ó tharla an choimhlint a bheith chomh gear agus atá, caithfidh na Daonlathaigh an treabhadh a dhéanamh ar an talamh freisin.

Cé nach bhfuil an triú díospóireacht tarlaite agus muid ag

scríobh, tá rud amháin soiléir - sin gur beag atá idir Obama agus Romney ó thaobh cúrsaí díospóireachta de. Is cosúil go raibh dul amú mór ar chuid mhaith Daonlathaigh nuair a cheapadar go mbeadh buntáiste acu ar an teilifís. Braitheann go leor ar an bpictiúr, ar an íomhá agus ar iompar an iarrthóra ar an teilifís freisin.

Ina dhiaidh sin féin, chreid daoine a d’éist ar na raidió leis an díospóireacht stairiúil idir Richard Nixon agus John F. Kennedy, os cionn 50 bliain ó shin, gurbh é Nixon a fuair an ceann is fearr.

Ach ní raibh amhras ar bith orthu siúd a chonaic an díospóireacht ar an teilifís ach gurbh é Kennedy a thug leis an chraobh.

Ait go leor, fiú agus go bhfuil sé 14 bliain níos sine ná an tUachtarán, breathnaíonn Mitt Romney go maith ar an teilifís - breathnaíonn sé níos fearr agus níos suaimhnigh ná Obama go dtí seo. Tá strus agus méachan na hUachtaránachta ag fágáil a lorg ar cheannaghaidh agus ar iompar colna Obama; níl sé chomh beoga agus a bhí cheithre bliana ó shin.

Tá 6 lá aige féin agus a fhoireann anois le greim a choinneáil ar a shuíochán sa Teach Bán ar feadh 4 bliana eile. Idir chogadh talún agus cogadh ar an aer beidh feachtas fíochmhar ann as seo go ceann scríbe. Agus dúirt na mná Mormannacha as Utah go mbeidh siad ar ais ón turas le cuir ar son - agus in aghaidh - Mitt Romney thoir in Utah.

Cultacha dubha agus saol an mhadaidh bháin

Reáchtáiltear Aonach mór fostaíochta dírithe ar Sheapánaigh i mBostún chuile bhliain agus bhí sé ann an tseachtain seo aríst. Bíonn tion-sclóirí agus lucht gnó ag fiach ar dhaoine a bhfuil ardcháilíochtaí acu agus atá paiteanta ar an mBéarla agus ar theanga na Seapáine. Ar an taobh eile bíonn na mílte Seapánach óg ag súil go bhfaighidh siad tairiscint ar phost.

Is nós leis na Seapánaigh óga seo a bheith an-eagraithe agus sraith agallamh a bheith socruithe acu in imeacht aon lá amháin. Bíonn chuile dhuine acu, idir fhir agus mná, gléasta mar a chéile - culaith dhubh, léine bhán...agus carabhat dubh i gcás na bhfear. Bhuaile mé bleid ar chúpla fear óg acu faoin bhfeisteas seo agus an luí atá acu leis.

Seo é an feisteas náisiúnta oibre in oifigí agus i gcúrsaí gnó sa tSeapáin. B’fhacthas do chúpla duine de na Seapánaigh óga go raibh an ‘córas’ ró-eagraithe ach bhí tuilleadh acu den bharúil go raibh éascaíocht áirithe ag baint leis. Tá an ‘córas’ simplí agus soiléir.

As sin thosaigh caint faoi chultúr oibre agus faoin gcumarsáid idir bhainisteoirí agus foirne oibre i Meiriceá agus sa tSeapáin. Bhain an cuntas a bhí ag fear óg de mhianach Seapánach-Mheiriceánach ar an áit a bhfuil sé féin ag obair i Seattle i Stát Washington an chraobh amach.



‘Salaryman’ na Seapáine

Ag comhlacht Amazon atá seisean fostaithe agus ceadaíonn siadsan do dhaoine a gcuid madraí a thabhairt isteach ag an obair! Tá 25 ag obair sa rannóg sin aigesan agus tugann naonúr acu na madraí isteach. Madraí móra cuid acu freisin. Ceist againn ar an bhfear óg...céard faoin leithreas? Bhuel, bíonn barúil agat, a deir sé - beagán tafainn mífhoighdeach b’fhéidir.

Ach níl an córas sin chomh heagraithe le córas na cultacha dubha. Bíonn roinnt glanadh suas le déanamh scaití ach glactar leis sin ar mhaithe le ‘cultúr’ an ionaid oibre.

Níl a fhios fós an ndéanfaidh ‘Gaelscéal’ aithris ar an gcultúr seo.

‘Muirisín a 2’ agus cuimhní cinn ar Ken Nilsen



An tOllamh Ken Nilsen, nach maireann.

Bhailigh cuid de na daoine is mo a choinníonn borradh faoi ghluaiseacht na Gaeilge i Massachusetts agus in oirdheisceart Mheiriceá le chéile Dé Domhnaigh seo caite ag ócáid i gcuimhne ar an Ollamh Ken Nilsen.

I séipéal ord sagart an SMA in Dedham i Massachusetts a rinneadh ceiliúradh ar an Aifreann cuimhneacháin agus san ionad lena thaobh a tháinig an slua le chéile ina dhiadh sin.

Fuair Ken Nilsen bás san Aibreán seo caite.

I mBrooklyn i Nua-Eabhrac a rugadh Ken Nilsen agus bhí sé ar dhuine de scoláirí móra Gaeilge Mheiriceá; ní hé amháin sin ach bhí máistreacht aige ar Ghaidhlig na hAlban agus labhair sé teangacha eile go líofa freisin. Chaith sé píosa mór ina Ollamh leis an Léann Cheilteach in Ollscoil Naomh Prionsias Xavier in Nova Scotia i gCeanada.

Ba i mBun na gCnoc ar an Sraith Salach a chaith sé ancaire i dtosach i nGaeltacht iarthar na tíre agus scríobh sé tráchtas dochtúireachta faoi Ghaeilge na cheantar sin chomh fada ó shin le 1975. ‘*The Phonology and Morphology of Bun na gCnoc*’ an teideal a chuir sé ar an saothar sin faoi Ghaeilge na gcnoc.

Ach ba cuimhní cinn phearsanta ar Ken Nilsen ba mhó a bhí faoi chaibidil ag ócáid na seachtaine seo.

Fear géimíúil a bhí ann. Cheannaigh sé carr den déanamh Morris Minor nuair a bhí sé i nDoire Bhéal an Mháma i mBun na gCnoc san aimsir a caitheadh agus bhaist sé an carr.

Scríobh sé an t-ainm ar dhóras tosaigh an chairr - ‘Muirisín a 2’. Is iomaí sin taisteal a rinne ‘Muirisín a 2’ agus bhí sé ina chuid de chultúr na háite san am.

Cúram páistí - an bhfuil gach páiste tábhachtach?

Aindrias Ó Cathasaigh ar an reifreann ar chearta na bpáistí



Tá fimíneacht polaiteoirí de dhlúth agus d'inneach i saol na hÉireann. Tá muid éirithe cleachtach uirthi, go deimhin: cuireann sí fearg orainn, cinnte, ach is ar éigean a chuireann sí ionadh orainn. Is fuinneamh an-riachtanach an fhearg sin, áfach, agus is géire an gá a bheas léi roimh i bhfad. Tá meall mór millteach fimíneachta chugainn sula mbeidh an reifreann ar chearta páistí thart.

Ta póstaeraí thuas ag Fine Gael ar fud na tíre ag rá: “Tá gach páiste tábhachtach”. An bhfuil, anois? An bhfuil Fine Gael ag déanamh cinnte go bhfaigheann páistí na tíre uilig a gcuid riachtanas ar fad, gan aon mhíbhuntáiste le fulaingt ag aon duine acu?

Ar ndóigh, níl. Tá páiste as gach deichniúr ag maireachtáil faoi bhun líne an dearbh-bhochtanais. Tá bochtanas coibhneasta ag cur ar 22% de pháistí na tíre. San am céanna, tá an rialtas ag íoc na milliúin le sealbhóirí bannaí, gan an dualgas sin orthu de réir dlí, fiú. Ta gach páiste tábhachtach, mar sin, ach gach sealbhóir bannaí níos tábhachtaí. “*Children should be seen – and Heard*”, a deir póstaeraí an Lucht Oibre. Ach páistí a bhfuil teiripe cainte de dhíth orthu, fanann siad bliain ar a laghad léi, suas le dhá bhliain go minic.

Ní bhíonn an mhoill chéanna ar an rialtas ag freastal ar éilimh na mbancan-na ar airgead stáit. Ba chóir go gcloisfear páistí, mar sin, ach fanaidís go gcloisfear na baincéaraí i dtosach.

Tá an reifreann dá chur ar siúl le cearta na bpáistí a dhearbhu. Ach léigh leat an mionchló: cosnófar a gcearta “sa mhéid gur féidir é”. Cuirfear ceart na bpáistí san áireamh, ach beidh tús ag an bpraiticiúlacht air. Nuair a tháinig míghníomhartha na bhforbróirí abhaile, ní raibh caint ar bith ar an bpraiticiúlacht. Rinne an stát rud fiormeamhphraiticiúil le féachaint chuige nach bhféigfá ar an ngannchuid iad: NAMA a chur ar bun. Bhain clann na bhforbróirí tairbhe as sin, b'fhéidir, ach seasfaidh praiticiúlacht an stáit idir formhór mór na bpáistí agus a gcearta i gcónaí. Ní fios an scaoilfear Phil Hogan den iall le ghabháil ag canbhasáil sa reifreann seo, ach is

cinnte go bhfuil tuiscint aigesean ar na bealaí a séantar a gceart ar pháistí. Bhí seachtar páistí ina cheantar féin ar tí teach a fháil mí ó shin, teach a bhí ag teastáil go géar uathu agus óna dtuistí. Rinne Hogan a dhícheall an teach a bhaint díobh, ag inseacht bréag faoina n-athair don chomhairle condae. Sin ceann de na bealaí a séantar a gcearta ar pháistí an lucht siúil.

Is dóigh go gcloisfidh muid Alan Shatter ag cur ar shon an leasú. Tá seisean i gceannas ar chóras a thugann saol suarach do dhá mhíle páistí i mbrúnna gruama, agus droch-chóiríocht mhífholláin i gcuid mhaith díobh. Ansin, is minic é ag díbirt páistí chuig tíortha ina mbeidh a mbeatha i bhfad níos measa, nó fiú i mbaol. Sin mar a sháraítear cearta páistí a bhfuil a dtuistí ag lorg dídine. As seo go ceann coicise nó mar sin, cloisfidh muid polaiteoirí ag tabhairt le tuiscint go bhfuil siad iontach buartha faoi chearta páistí. Ach ansin rachaidh na polaiteoirí ceannann céanna ar ais chuig an oifig le ciorruithe cáin-naisnéise a bheartú, ciorruithe a ghortós páistí go dona. Agus beidh a fhios acu go maith gurb iad na páistí is measa as cheana is mó a fhulaingeos lena gcuid beartas. Ba chóir gach deis a thapú leis an bhfimíneacht seo a chasadh leo.

Ach ba cheart vótáil i bhfábhar an athrú seo ar an mbunreacht. Déanfaidh sé difríocht thábhachtach ar mhaithe le páistí atá ag fanacht i bhfad go n uchtófar iad. Bogfaidh sé an dlí de bheagán i dtreo cearta na bpáistí, más go siombalach féin é, cuid mhaith. Fógróidh sé gur gá a gcearta “a chosaint is a shuíomh”, seachas “féachaint go cuí” dóibh mar a fhorálann an bunreacht faoi láthair. Rud eile, agus ní hé an chuid is lú den scéal ar chor ar bith e, buailfidh sé buille beag eile ina n-aghaidh siúd ar mó leo an teaghlach mar institiúid ná na daoine a bhíonn istigh ann.

Tá daoine ann fós agus cumha orthu i ndiaidh na laethanta a mbíodh an Eaglais Chaitliceach i mbarr a réime in Éirinn, a rinne níos mó díobhála do pháistí ná aon institiúid eile. Tá a leithéidí ag gabhail ar gcúl le blianta beaga anuas, ar an dea-uair, ach níor chóir ligean dóibh a theacht aniar.

Is beag is fiú an reifreann ann féin, áfach. Ó lá go lá beidh páistí faoi ionsaí fós in Éirinn, agus éireoidh an t-ionsaí níos géire de réir mar a leanfas an rialtas dá chlár le gearradh siar ar sheirbhísí a bhfuil páistí ag brath orthu.

Gan amhras, is fiú nóiméad a chaitheamh 10 Samhain le vóta Tá a chur isteach sa mbosca, ach sin é an rud is lú is gann dúinn a dhéanamh. Tá dualgas orainn a ghabháil amach ag troid in éindí le pobail atá ag cosaint cearta páistí i ndáiríre in aghaidh na n-éagóracha atá lucht na cumhachta in Éirinn a imirt orthu.



Póstaeir a bhaineann le ‘Reifreann na bPáistí’ i mBaile Átha Cliath, beidh an reifreann ar siúl ar an 10 Samhain. [PIC: PHOTOCALL IRELAND]

Ta póstaeraí thuas ag Fine Gael ar fud na tíre ag rá: “Tá gach páiste tábhachtach”. An bhfuil, anois? An bhfuil Fine Gael ag déanamh cinnte go bhfaigheann páistí na tíre uilig a gcuid riachtanas ar fad, gan aon mhíbhuntáiste le fulaingt ag aon duine acu?

An tSamhain – agus tá Enda do mo scanrú!



Fear Éire Aontaithe? An Taoiseach Enda Kenny, Fine Gael
[PIC: SASKO LAZAROV/PHOTOCALL IRELAND]

Eoghan Ó Néill ar Enda Kenny agus a dháiríreach i leith 'Éire Aontaithe'



Ní raibh Enda Ó Cionnaithe dáiríre nuair a dúirt sé in Ohio seachtain ó shin go raibh Éire Aontaithe 'dosheachanta.'

Bliústar a bhí ann, n ó riamh anall ní bhfuairamar aon rud ach bliústar ó Fhine Gael agus ó Fhianna Fáil maidir le hÉire Aontaithe.

A mhalaírt glan den rud a bhí ar siúil ag Alex Salmond seachtain ó shin nuair a labhair seisean faoi neamhspleáchas d'Alban. Tá Salmond i ndiaidh an chuid is mó dá shaol polaitiúil a chaitheamh ag iarraidh an choincheap d'Albain neamhspleách a dhíol le pobal na hAlban. Tá fiche straitéis agus plean dréachtaithe agus athdhréachtaithe ag a rialtas chun ullmhú don scarúint le Sasana.

Tá Albain réidh don reifreann cionn is go ndearna Salmond agus a rialtas cinnte de gur beocheist í an neamhspleáchas. Agus rinne siad cinnte de

lena chois go bhfuil cló gorm cuimsitheach inchreidte ann don athrú.

Amharc ar na Catalónaigh agus an obair atá déanta acu ag ullmhú don neamhspleáchas. Phlodaigh corradh is milliún duine sráideanna Barceolna dhá mhí ó shin chun reifreann a éileamh.

Agus amharc ar na Bascaigh a bheidh ag éileamh reifrinn go luath i ndiaidh bua an PNV agus Bildu an deireadh seachtaine seo caite.

Cuir iad sin uilig i gcomparáid le hEnda se'againne.

Tchí Dia é!

Laoch an 'Time Magazine', ag dul anonn 'na nOileán Úr leis an mbabhla deirce agus ag spalpadh leis go poimpeiseach faoi Éire Aontaithe a bheith 'dosheachanta.'

Níl rud ar bith 'dosheachanta' faoi Éire Aontaithe. Mhair an chríochdheighilt 90 bliain; cad chuige nach mairfeadh sé 900 bliain?

Cé a dhéanfaidh í a aontú, a Enda? An 'Tooth Fairy'?

An bhfuil Gráinne Mhaol nó an tseanChailleach Bhéara 'le theacht thar saile' chun plean cuimsitheach a ullmhú a d'éascódh cónascadh eacnamúil an oileáin?

Cé a shocróidh an leagan amach nua don phóilíneacht, do na cúirteanna, don oideachas, don chóras iompair, don Ghaeilge? Cé atá ag obair ar an bplean chun córas cánach nua a chur ar bonn, nó chun sraith nua de shiombalacha a bheith ann? Cén áit a mbeidh cúrsaí ban in Éirinn Aontaithe? Nó cén dóigh a bheidh ar ghnóthaí talmhaíochta? Cé atá ag dréachtú polasaithe a thabharfadh aitheantas do Bhriotanachas an chuid sin den phobal ó Thuaidh a amharcann orthu féin mar Bhriotanaigh?

Tá míle ceist le cioradh agus ní hé go bhfuil mhórfhoireann i rialtas Enda ag plé leo.

Níl éinne i rialtas Enda ag plé leo!

Níl duine ar bith i gceachtar den dá mhórfháirt ag plé leo mar níl suim ag Enda ná ag Mícheál go mbeadh Éire Aontaithe ann i bhfinne.

Is suim leo é mar rosc catha, mar aidhm theibí aislingeach, ar nós 'athbheochan na Gaeilge', a chuirfidh cuisli na saighdiúirí coise ag preabadh nuair

is gá. Níl suim acu in Éirinn Aontaithe mar is maith leo Éire na 26 Chontae.

Is maith leo a stát beag féin, stát a chruthaigh sinsir Fhianna Fáil agus Fhine Gael, agus atá, a bheag nó a mhór, á rialú ag an dá pháirtí sin ó shin i leith.

Dá mbeadh Enda dáiríre faoi chríochdheighilt a thabhairt chun críche chuirfeadh sé an €80 billiún atá sé a bhronnadh ar na sealbhóirí bannaí Eorpacha isteach i gciste chun athaontú na tíre a mhaoiniú.

Dá mbeadh Enda, nó Michael, nó Eamon dáiríre faoi athaontú na hÉireann bheadh cló gorm réidh acu ag leagan amach céim ar chéim an bealach lena bhaint amach.

Dá mbeadh siad dáiríre faoi Éire Aontaithe bheadh dioscúrsa tosaithe acu faoi. Ach níl siad dáiríre faoi.

Ní hionann sin is a rá nár cheart don phobal Thuaidh is Theas a bheith dáiríre faoi. In 1973 bhí reifreann faoin Teorainn sna Sé Chontae amháin.

Vótáil beagnach 600,000 duine.

Bhí 591,820 duine, 98.9% , ar son fanacht sa Ríocht Aontaithe.

Bhí 6,463 duine, 1.1%, ar son Éire Aontaithe. Rinne náisiúnaithe baghcat ar an reifreann

Dá mbeadh reifreann ó Thuaidh amárach bheadh barúil againn, den

chéad uair, ar an bhfiorthacaíocht atá ann ó Thuaidh d'ath-aontú na tíre.

Tá soláthar i gComhaontú Aoine an Chéasta do reifreann faoin Teorainn más léir go bhfuil éileamh ar a leithéid., reifreann Thuaidh agus Theas.

Níl Enda chun é sin a úsáid.

Scanraíonn reifreann faoin Teorainn é. Ní scanraíonn reifreann mise. Ní scanraíonn Éire Aontaithe mé. Glacfaidh mé le toil an phobail. Glacfaidh mé le diúltú.

Ní scanraíonn diúltú mé, mar is féidir dul ar ais agus an obair a dhéanamh le go mbeadh an bua agat an chéad uair eile.

Ach scanraíonn críochdheighilt mé.

Scanraíonn an scaradh seo idir Éireannaigh, ar ghin agus a ghineann críochdheighilt é, scanraíonn sin mé.

Scanraíonn an meon sin a dhiúltaíonn glacadh liomsa mar Éireannach in Éirinn; scanraíonn sin mé.

Scanraíonn an dearcadh sin gur ionann Éire agus na 26 Chontae; scanraíonn sin mé. Scanraíonn an bhréagchráifeach a chleachtann Enda agus polaiteoirí eile ar an cheist seo; scanraíonn sin mé.

Mar sin, ag am seo na Samhna, a Enda dhil, fógair reifreann faoi choinne 2016 agus éirigh as a bheith do mo scanrú.

Mitt Romney – aspal mór na hÉireann?

Níl aon pholasaí ag Mitt Romney i leith na hEorpa a scríobhann **Conall Ó Móráin**



Má théann tú ar shuíomh idirlín Mitt Romney, an t-iar-rthóir Uachtaránachta i Meiriceá, agus má lorgaíonn tú eolas faoina pholasaí eachtrach maidir leis an Eoraip, ní bhfaighidh tú dada.

Tá mé tar éis na hoibre sin a dhéanamh daoibh cheana féin ach, más mian libh, breathnaigh arís air. Tá fo-chaibidil ar an suíomh faoinn Afraic, Iosrael, Meiriceá Theas, an Afganastáin agus, ar ndóigh, an Iaráic.

Tá giota ann faoi Puerto Rico fiú, ach níl faic fúinne ar an taobh seo don Atlantach. Dá bharr sin, theip orm aon eolas d'fháil faoina chuid smaointe faoin Eoraip agus, dá bhrí sin, ní féidir liom ach tomhas a dhéanamh nuair a deir mé go mb'fhéidir go mbeadh sé níos fearr dúinne in Éirinn má ghlacann Romney seilbh ar an 'bpost is cumhachtaigh ar domhan' i gcionn coicíse.

Pobalbhreith a chonaic mé san Washington Post a dúirt nach raibh fonn ach ar 8% dóibh siúd san Eoraip go roghnófaí Romney a chur ag smaoineamh mé ar cén fáth gur mar seo a bhí muintir thaobh seo an domhain ag claonadh?

Dúirt 75% díobh siúd a d'fhreagair an bhreith gur thacaigh siad le Barack Obama agus chlis orm a fháil amach cén fáth. Ar ndóigh, tá buntáiste i gcónaí ag an sealbhóir oifige mar go mbíonn súile na meán dírithe go huile agus go hiomlán ar Uachtarán Mheiriceá.

Dá bharr sin, ceapann muid go bhfuil aithne againn ar an Uachtarán agus go dtuigeann muid a chuid polasaithe. Ach céard go díreach atá déanta ag Barack gur maith leis na hEorpaigh é?

Dá mbeadh an tUachtarán Obama tar éis scrúdú na hArdteiste a shuí ar ábhair a Uachtaránachta, n'fheadar an bhfaigheadh sé fiú pas? Mar shampla, gheall sé go mbeadh 'Meiriceá nua' mar uacht aige agus

go mbeadh Meiriceá níos córa faoina réim.

Ach an bealach is fearr a bheith cothrom i ngeilleagar ná na coinníolacha a leagan síos gur féidir leis an gcosmhuintir poist d'fháil. Le breis agus 8% de Mheiriceánaigh gan aon obair (agus breis acu atá éirithe as poist a lorg fiú) tá Obama tar éis teip orthu siúd. Cé go bhfuil dubailt na huimhreach sin díomhaoin sa tír seo, go stairiúil is teip ghlan amach an líon sin daoine a bheith gan obair sna Stáit Aontaithe.

Agus, thar aon rud eile, is chun an geilleagar is mó ar domhan a rith go héifeachtúil a roghnaíonn toghthóirí Mheiriceá a nUachtarán. Ní féidir le

Agus, thar aon rud eile, is chun an geilleagar is mó ar domhan a rith go héifeachtúil a roghnaíonn toghthóirí Mheiriceá a nUachtarán. Ní féidir le haon duine argóint a dhéanamh go bhfuil jab maith déanta ag Obama maidir le fostaíocht. Teip. Agus seo teip a chuireann isteach go díreach orainn sa tír seo mar dá láidre a bhíonn geilleagar Mheiriceá is ea is fearr é don chuid eile den domhan, Éire san áireamh.

haon duine argóint a dhéanamh go bhfuil jab maith déanta ag Obama maidir le fostaíocht. Teip. Agus seo teip a chuireann isteach go díreach orainn sa tír seo mar dá láidre a bhíonn geilleagar Mheiriceá is ea is fearr é don chuid eile den domhan, Éire san áireamh.

Tá mé cinnte freisin gur cheap liobrálaithe cosúil liom féin go mbeadh

deireadh tapa tagtha ar chogaíocht Mheiriceá san Afganastáin agus san Iaráic faoi Obama, ach seo teip eile aige.

Leanann an marú sa dá thír agus an Iaráic gar arís do chogadh cathartha agus daoine á marú gach lá den tseachtain ann.

Is faoi riaradh Obama go bhfuil airm Mheiriceá tar éis foirfiú a dhéanamh ar na ladrainn atá in ann daoine a mharú ón aer, gan aon rabhadh a bheith tugtha dóibh. Teip. Agus ceann de na cneacha is measa maidir le polasaí eachtrach na Stáit Aontaithe ná príosún Guantanamo, áit ina gcoimeádtar daoine i ngéibhinn, gan triail. Tá Obama ceithre bliana in oifig agus níl sé dúnta fós. Teip.

Ní hé nach bhfuil Romney gan smál mar gur dóigh go mbeadh sé mór leis an earnáil mhíleata, daoine a bhíonn caomhach de ghnáth, agus b'fhéidir go mbeadh breis cogaíochta faoina réim siúd. Ach tá an taobh eile i gcónaí le lucht coimeádach Mheiriceá, is é sin go dtugann siad cúl droma go minic don chuid eile den domhan.

D'fhéadfadh sé tarlú nach mbeadh an mhian i Romney leanúint ar aghaidh ag caitheamh na mbilliún dollair ar fhórsaí míleata nuair a d'fhéadfadh sé an t-airgead céanna a chur ag obair sa bhaile, rud a chabhródh chun a chinntiú go faigheadh sé an dara téarma Uachtaránachta. Cé go gceapfá go mbeadh an mhéid seo déanta ag Obama, níl, agus cén fáth gur chóir tacú leis an bpolasaí seo a leanann sé ar aghaidh leis?

Cén fáth go gceapann daoine go mbeadh Romney aon phioc níos measa?

An rud is mó a chuireann inní orainn sa tír seo faoi pholasaithe rialtas Mheiriceá ná an mhéid uair a deir siad go bhfuil siad chun iarracht a dhéanamh ar brabach agus poist na cuideachtaí Meiriceánach atá lonnaithe sa tír seo a 'thabhairt abhaile'.

Bíonn ráitis rialta ó Roinn Riaracháin na Stáit ag rá go bhfuil siad ar tí a leithéid a dhéanamh. Cé nach bhfuil sé déanta ag Obama (teip eile!), ní dóigh liom féin go bhfuil aon seans go gceadódh cairde saibhre Romney, úinéirí na gcomhlachtaí móra atá ag tabhairt fostaíochta do 100,000 duine anseo, brú a chur orthu na buntáistí cánach



An bhfuil muid claonta ina threo? Uachtarán SAM, Barack Obama agus é ar cuairt ar Éirinn an bhliain seo chuaigh thart [PIC: MARK STEDMAN/PHOTOCALL IRELAND]

atá acu anseo a chailliúint.

Is cuma céard a deir an IDA gurb é an fórsa oibre sár-oilte a mheallann na cuideachtaí sin anseo, ní fíor, mar gurb í an cháin, nó a heaspa, an phríomhspreagthacht a thugann cuideachtaí móra idirnáisiúnta anseo. Mar a deir mé, ní féidir liom a theacht ar aon ráiteas lom faoin tsaincheist seo, ina fábhar nó ina coinne, ach is dóigh liom féin go mbeadh na poist anseo níos sábháilte faoi Romney an fhaid nach gcuireann Angela Merkel deireadh leis an ráta cánach 12.5% atá againn anseo.

Tá sé éasca a bheith dearfach faoi Barack Obama.

Tá an chuma air gur fear deas, léannta é. Ach ní dóthain an mhéid sin. Tá sé soiléir nach bhfuil sé tar éis a chuid geallúintí a chomhlíonadh agus dá bharr sin ba chóir go

mbeadh na meáin níos criticiúla faoi agus a chuid teipeanna a liostáil.

Tá sé ró-éasca a rá gur fearr Obama ná Romney de bharr go gceapann duine gur mar sin is cóir smaoineamh.

Ní mar sin atá leath do thoghthóirí Mheiriceá ag smaoineamh faoi láthair, áfach, agus ós rud é gurb iad a bheidh ina gcónaí le cibé duine a thoghfad go cionn ceithre bliana eile, is cóir súil a chaitheamh agus cluas a thabhairt chun tuiscint d'fháil ar an bhfáth go bhfuil leath na tíre sin ag iarraidh Romney mar Uachtarán.

Nach trua nach bhfuil na meáin anseo ag déanamh i bhfad níos mó iniúchta ar na fíricí ar cé acu fear a oireann don tír seo?

An fáth nach ndéanann siad sin, is dóigh liomsa, mar go mb'fhéidir nár maith leis na scríbhneoirí an freagra a d'fhéadfadh siad a fháil.

Cuir ceist orainn, seans go dtabharfaimid an freagra ceart!



Páidí Ó Lionáird

Tá níos mó ná €40 milliún nó nach mór 10% de chostas tógála an togra caite go dtí seo againn ar phlean Ospidéal na Leanaí. Ospidéal nach bhfuil againn agus nach bhfuil tasc ná tuairisc air go fóill. Níl fiú láthair an ospidéal roghnaithe fós agus an chuma ar an scéal go bhfuil cinneadh faoin láthair ag teip agus ag titim idir dhá stól pholaitiúla.

Tráth dá raibh Bertie Ahern ina Thaoiseach bhí sé diongbháilte go mbeadh an t-ospidéal lonnaithe ina Dháilcheantar féin - ar láthair an Mhater.

Ar ndoigh, ba bheag samhlaíochta a bhí caite leis an tuairimíocht sin agus i bhfianaise go mbeadh ar mhuintir na tuaithe nó fiú ó na bailte satailíte don ardchathair a theacht ar an ospidéal in ionchathair thuaidh Bhaile Átha Cliath, diúltáíodh do shár-ego Bhertie.

Anois, agus Bertie imithe de radar na polaitíochta, tá na polaiteoirí reatha fós ag troid eatarthu féin agus ag cruthú moille leis an gcinneadh fíorthábhachtach seo beag beann ar chomhairle na saineolaithe leighis.

Cuireann sé iontas orm nach bhfuil faic cloiste againn ón Ollamh John Crown, ball den Seanad atá i bhfad níos ciúine ó toghadh chun na hoifige sin é ná mar a bhí sé nuair nárbh i an pholaitíocht a ghairm.

Ní ghlacann sé intleacht ró-ard le meastóireacht a dhéanamh ar na láithreacha éagsúla atá ann agus a rá, go neamhbhalbh, go bhfuil an suíomh ar a bhfuil Ospidéal Cuimhneacháin Shéamuis Uí Chonghaile i mBaile Bhlainséir foirfe do chách.

Tá an t-ospidéal suite ar láthair fairsing a d'fhéadfaí a chur in oiriúint gan an iomarca stró do na háiseanna atá de dhíth. Tá sé buailte ar an mótarbhealach M50, rud a chiallaíonn go mbeadh muintir na tuaithe in ann a theacht ar na háiseanna go héasca gan aon ghá dul i ngleic le tranglam trácht na cathrach.

An mbeifeá dóchasach go nglacfaí an chinneadh is fearr?

I bhfianaise nach bhfuil stair rómhaith ag an stát le bheith ag déileáil le páistí, cur i gcás na scéalta uafáis ar fad a nochtáíodh le scór bliain anuas, mí-úsáid institiúide - bíodh siad in institiúidí stáit nó faoi stiúir na cléire agus chomh húnua le tuairisc na seachtaine seo chaite faoi sheirbhís príosúin Naomh Pádraig - tá's agam cá seasaim ar fhreagra na



An tOllamh John Crown

[PIC : EAMONN FARRELL/SOCIALIST PARTY]

ceiste sin.

Mar sin, cad a tharlóidh leis an gceist a chuirfear i Reifreann na Leanaí an mhí seo chugainn? Tá an stocaireacht tosaithe agus na cáipéisí eolais dailte. Ach an mbronnann an méid atá á mholadh sa Reifreann ceart, cóir agus cosaint do shaoránaigh na tíre seo ar paistí iad?

Ar an gcéad dul síos, bhíos ag léamh trí shuíomh idirlín an Choimisiúin Reifrinn aréir agus thar aon ní eile, chuir sé iontas an domhain orm, bíodh is go bhfuil pictiúir d'éagsúlacht daoine le feiceáil ann - glúnta éagsúla fiú, níl oiread agus pictiúir amháin de pháiste le feiceáil ann.

Níl ann ach optaici b'fhéidir ach fós fhéin! Ar aon chuma, ó thaobh substainte de, cad mar gheall ar na leasuithe atá le déanamh? Ar an gcéad dul síos, baineann an reifreann le bunchearta an duine agus le hAirteagal 42 den Bhunreacht go baileach. Má ghlactar lena bhfuil á mholadh, bainfear 42.5 agus cuirfear 42A ina áit.

Cad a chiallaíonn sé sin? Bhuel, léann airteagal 42.5 mar seo a leanas: "I gcásanna neamhchoiteanna nuair a tharlaíonn, ar chúiseanna corpartha nó ar chúiseanna morálta, nach ndéanadh na tuistí a ndualgais dá gclainn, ní foláir don Stát, ós é an

Stát caomhnóir leasa an phobail, iarracht a dhéanamh le beart oiriúnach chun ionad na dtuistí a ghlacadh, ag féachaint go cuí i gcónaí, áfach, do chearta nádúrtha dochloíte an linbh."

Ar léamh na méide sin, bheifeá den tuairim go gciallaíonn sé go nglacadh an stát freagrachta do pháistí i gcásanna go dteipeann ar a dtuismitheoirí féin a ndualgais a chomhlíonadh. I bhfianaise na n-iliomad cásanna atá luaite thuas, nuair a theip ar an stát na dualgais sin a chomhlíonadh, an é go bhfeabhsóidh foclaíocht nua an cás?

Bhuel, cinnigí féin, mar seo an fhoclaíocht nua-mholta:

42A

1.

Admhaíonn agus deimhníonn an Stát cearta nádúrtha dochloíte na leanaí uile agus ní foláir dó na cearta sin a chosaint is a shuíomh lena dhlíthe sa mhéid gur féidir é.

2.

I gcásanna neamhchoiteanna nuair a tharlaíonn nach ndéanann na tuistí, gan beann ar a stádas pósta, a ndualgais dá gclann sa mhéid gur dócha go ndéanfar dochar do shábháilteacht nó do leas aon linbh dá gclann, ní foláir don Stát, ós é an Stát caomhnóir leasa an phobail, iarracht a dhéanamh, le beart comhréireach

mar a shocraítear le dlí, chun ionad na dtuistí a ghlacadh, ag féachaint go cuí i gcónaí, áfach, do chearta nádúrtha dochloíte an linbh.

ii. Déanfar socrú le dlí chun aon leanbh a uchtáil i gcás nach ndearna na tuistí a ndualgais don leanbh ar feadh cibé tréimhse ama a ordófar le dlí agus nuair is riachtanas ar mhaithe le barr leasa an linbh é.

3.

Déanfar socrú le dlí chun aon leanbh a shuíomh go saorálach le haghaidh uchtála agus a uchtáil.

4.

1.

Déanfar socrú le dlí go measfar, le linn na n-imeachtaí uile—

i. a thabharfaidh an Stát, ós é an Stát caomhnóir leasa an phobail, chun nach ndéanfar dochar do shábháilteacht ná do leas aon linbh, nó

ii. a bhaineann le huchtáil, caomhnóireacht nó coimeád aon linbh, nó rochtain ar aon leanbh, a réiteach, gur ní ró-thábhachtach é barr leasa an linbh.

2. Déanfar socrú le dlí chun a chur in áirithe, sa mhéid gur féidir é, go ndéanfar sna himeachtaí uile dá dtagraítear i bhfo-alt 1 den alt seo i leith aon linbh ar féidir leis nó léi teacht ar a bharúlacha féin nó ar a barúlacha féin, barúlacha an linbh a fháil agus tromachar cuí a thabhairt dóibh ag

féachaint d'aois agus d'aibíocht an linbh.

Nílím cinnte go bhfeabhsaíonn. Tá go leor sa bhreis á scríobh san Airteagal nua atá molta agus é soiléir ceart go leor go bhfuil socruithe faoi uchtáil ann mar aon le cosaint ó dhochar a bheith déanta do pháistí faoi chúram an stáit, ach nach gceapfá go mbeadh sé sin intuigthe ar aon chuma?

Ach is dócha ag deireadh an lae ar a laghad go bhfuil an rialtas reatha ag iarraidh cúiteamh a dhéanamh i ndiaidh na mbeart agus na n-iliomad laige agus ábhar teipe le glúnta anuas leis an fhoclaíocht nua seo, lena chinntiú nach féidir lena leithéid tarlú riamh arís.

Ar ndoigh, níl aon fhoclaíocht a dheimhneodh a leithéid de chosaint fhaid's a shíúlann an duine daonna ar thalamh na cruinne. É sin ráite, is dócha go bhfuil sé le moladh go bhfuil iarrachtaí á ndéanamh leis an aicme daonna is leochaillí sa tsochaí a chosaint agus i bhfianaise go bhfuil gach eagrais bainteach le cosaint cearta páistí ina bhfabhar, tabharfaidh sé sin uchtach don rialtas.

B'fhéidir gurbh fhiú don rialtas smaoineamh ar cheist a chur orainne (an pobal) faoi lonnú Ospidéal na Leanaí freisin. Cá bhfios ach go nglacfaimis an cinneadh ceart?

Mura n-athraíonn an pholaitíocht rud ar bith, conas is féidir linn 'athrú' a bhaint amach?

Focail le Gaoth

Le
Concubhar
Ó Liatháin



Mura n-athraíonn an pholaitíocht rud ar bith, conas is féidir linn 'athrú' a bhaint amach Má tá tú ag leanúint na bhfeachtas toghchá-naíochta i Stáit Aontaithe Mheiriceá, tabharfaidh tú faoi ndeara go bhfuil go leor aird ar phobalbhreitheanna.

Tá Obama chun tosaigh le pointe nó dhó nóiméad amháin agus díreach láithreach tá Romney ag druidim chun cinn. Níl uasal ná íseal ach thuas seal is thíos seal.

Ba é an dóchas mana Obama in 2008 agus tá sé deacair buachaint ar dhóchas am ar bith mar is cine dóchasach an cine daonna.

Anois tá Obama á chéasadh de bharr nár chomhlíon sé an dóchas a cuireadh ann agus tá baol ann go gcaillfidh sé an toghchán i gcoinne iarrthóra nach luafainn faic ach éadóchas leis, Mitt Romney.

Ag amharc dom ar thuairiscí faoi phobalbhreith sa tír seo a thug an dara háit d'Fhianna Fáil don chéad uair le cuimhne na gcat agus a bhain Sinn Féin ó thánaisteacht na polaitíochta, rith an seanfhocal thuas liom.

Chun an fhirinne a insint ní thuigim cad as a tháinig an toradh sin. Dealraíonn sé dom go bhfuil Sinn Féin i ngach áit, ar fuaid na meáin agus i measc an phobail, agus tá Fianna Fáil nach mór imithe as radharc.

Ní hé go n-aontaím le páirtí amháin thar aon cheann eile. Ní fheicim mórán difir eatarthu. Go deimhin ní fheicim mórán difir idir aon cheann de na ceithre mhórfháirtí sa tír seo.

Is é mo bharúil nach ndéanfaidh Sinn Féin ná Fianna Fáil aon rud éagsúil ón dá pháirtí atá i gcomhrialtas faoi láthair.

Agus dá mbeadh Fine Gael agus an Lucht Oibre ar an taobh eile d'úrlár na Dála, sa fhreasúra, is cinnte go mbeidís chomh cáinteach céanna ar na polasaithe atá á gcur i bhfeidhm acu féin anois dá mbeadh na polasaithe sin á gcur i bhfeidhm ag comhrialtas le Fianna Fáil agus Sinn Féin.

Sea, tá's agam, beidh colúnaí éigin anseo an tseachtain seo chugainn ag maíomh nach bhfuil aon seans ann go nglacfaidh Sinn Féin le Fianna Fáil mar chéilí Rialtais.

B'fhéidir go ndeir siad sin anois ach dúradh an rud céanna faoi Shinn Féin agus an DUP trath agus féach orthu



Jonathan O'Brien TD, Sinn Féin, (ar chlé) in éineacht leis an Seanadóir Trevor Ó Clochartaigh, Sinn Féin, taobh amuigh de Dháil Éireann [PIC: PHOTOCALL IRELAND]

anois, tá SF agus an DUP ag obair as lámh a chéile, iad araon ag cur i bhfeidhm na gciortuithe ó Thuaidh go héifeachtach agus gan aon agóid le brí.

Tá colúnaithe ann a chuireann dóchas i Sinn Féin. Ceapann siad gur ionann Sinn Féin a bheith tofa agus go mbeadh athrú ar threo na tíre agus, b'fhéidir, go dtosófaí ag bogadh i dtreo dheireadh na críochdheighilte. Ní aontaím leo.

Chuala mé Trevor Ó Clochartaigh agus Éamon Ó Cuív ag díospóireacht ar 'Cormac ag a Cúig' faoi 'aiseirí Fhianna Fáil'. Bhí fear Charna ag brath go mór ar an sean-argóint ó SF - is é sin nach bhfuil aon smacht ag an bpáirtí sin ar an mblocdheontas laghdaithe a fhaigheann an Tuaisceart ó Westminster agus go gcaithfidh siad éadach a ghearradh de réir an mhiosúir sin ó Thuaidh.

Gan amhras. An fadhb atá leis sin go

mbeadh Sinn Féin díreach chomh srianta dá dtoghfaí iad ar Rialtas na 26 Chontae mar go bhfuil an chuid seo den oileán ag brath ar an Troika dár gcuid airgid agus go bhfuil ar cibé páirtí atá i Rialtas a gclár toghcháin a fhágaint ag an doras agus na polasaithe a chur in oiriúint dá riachtanais.

Is cuma liom i bhfirinne cé atá i gcumhacht mar ní aithneoinn - ná ní aithneofá - an difir. Cinnte, b'fhearr liom nach mbeadh Sinn Féin i gcumhacht mar gheall ar chúrsaí staire agus doirteadh fola. Ach má théann duine siar fada a dhothain sa stair, tá smál na fola ar gach páirtí. Mothaím go greideann go leor sa tír seo go bhfuil an goimh rónimhneach chomh fada agus a bhaineann sé le Sinn Féin ach d'fhéadfadh sin athrú níos tapúla ná mar a shamhlódh éinne.

Beidh páirtithe thuas seal is thíos seal ag amantaí éagsúla, ach má léirigh an toghchán anuraidh rud ar bith, nuair a chaill Fianna Fáil breis agus 50 suíochán Dála, is féidir leis an bpobal, sin tusa agus mise, ár n-intinn a athrú i bhfaitheadh na súl.

Cuireann sé an sean-nath i gcuimhne dhom.

Dá n-athródh polaitíocht rud ar bith, bheadh sé coiscithe i bhfad ó shin.

Fágann sin an cheist: Mura n-athraíonn polaitíocht tada, conas a athraíonn tú cúrsaí ar gá iad a athrú?

SÚIL SIAR na Seachtaine

Léirsiú ag Fáiltiú an Oireachtais



Donncha Ó hÉallaithe

Dhá scór bliain ó shin tharla léirsiú ag Fáiltiú an Oireachtais san RDS, a tharraing caint agus gleo. Oíche mhór galánta ab ea an Fáiltiú, i bhféilire sóisialta na Gaeilge i mBaile Átha Cliath. Bhíodh móruaisle Gaelacha na hÉireann gléasta suas don ócáid - na mná i ngúnaí galánta agus go leor de na fir i gcuilath tráthnóna.

Mar aionna speisialta, bhíodh sé de nós ag Uachtarán na hÉireann agus Taoiseach na tíre a bheith i láthair ag Fáiltiú an Oireachtais, mar a bhíonn ag na Cluichí Ceannais i bPáirc an Chrócaigh i gcónaí.

Bhí go leor míshuaimhnis ann an uair sin faoin mbealach a raibh rialtas Fhianna Fáil ag caitheamh leis an

nGaeilge. I measc na ngearán, bhí dúnadh Scoil Dhún Caoin agus diúltú na Roinne Oideachais aitheantas a thabhairt do Scoil na Seachtar Laoch i mBaile Munna.

Ag an bhFáiltiú ar an Aoine, 13 Deireadh Fómhair, 1972, bhí an Taoiseach Jack Lynch agus an tUachtarán Éamonn De Valera ag an bpríomhbhord ag ithe béile nuair a thosaigh an léirsiú timpeall orthu. Seo mar a tuairiscíodh an léirsiú ar an Irish Times: 'a group of about 25, including members of the executive committee of the Gaelic League and supporters of the schools at Dún Chaoin and Ballymun, gathered behind the President, Mr de Valera, and to the air of "God Save the Queen" sang an anthem critical of the Taoiseach.'

Sa mhír thíos, déantar tagairt do sheachtar ball de Choiste Gnó an Chonartha a chuir a n-ainmneacha le bileog a scaipeadh ar a raibh i láthair. Níor ainmníodh iad in INNIU ach ainmníodh iad san Irish Times (14/10/1972) mar Íte Ní Chionnaith; Pádraig Ó Cléirigh (nach maireann);

Lila Nic Oireachtaigh; Pádraig Ó Snodaigh; Deasún Breathnach (nach maireann); Máire Ní Cheallacháin agus Máire Nic Ghiolla Phádraig. Sa tuairisc ar an Irish Times chomh maith, dúradh go raibh Éamonn Ó Cuív, garmhac an Uachtaráin, páirteach san agóid agus gur chuir sé doiciméad isteach i lámha na Taoisigh, Jack Lynch, ag iarraidh air bata agus bóthair a thabhairt don Aire a bhí freagrach as cúrsaí Gaeltachta, George Colley.

Mar is léir ón mír thíos a tógadh ón eagarfhocail, ní róshásta a bhí muintir INNIU le hiompar an tseachtar ball de Choiste Ghnó an Chonartha!

Inniu, 20ú Deireadh Fómhair, 1972

Filleann an Feall

"An teideal a bhí ar an mbileog a scaip lucht an léirsithe ag an bhFáiltiú oíche Aoine: FEALL. Agus is feall a bhí siad á chur i leith lucht riaracháin



Eamon Ó Cuív [PIC: PHOTOCALL IRELAND]

na Poblachta ar chúiseanna éagsúla... . Dar linne go ndearnadh feall ar an Oireachtas agus ar an nGaeilge nuair a rinneadh an léirsiú ar chor ar bith ar an láthair úd agus ar an mbealach sin. ... caithfimid a rá fosta go raibh an léirsiú seo gránna agus glan in aghaidh dhúchas na nGael.

Bhí sé de chúl ar ár sinsear Gaelach go raibh siad séimh, sibhialta, go raibh ciall don chuibheas acu, gur dhaoine uaisle ó dhúchas iad dá bhoichte iad. ... Maireann iarsma na séimhe is na sibhialtachta sin sa Ghaeltacht fós, buíochas le Dia. Níor léirigh na léirseoirí aon tuiscint den chuibheas, áfach.

Bhí an tUachtarán, agus Seán Ó Loingsigh agus cuid eile de lucht riaracháin na tíre ag an bhFáiltiú ar chuireadh ó Choiste an Oireachtais, a eagraítear le cabhair ón Stát agus faoi scáth Chonradh na Gaeilge (a fhaigheann cabhair ón Stát fosta, dála an scéil).

Agus bhí seachtar ball de Choiste Gnó Chonradh na Gaeilge ciontach i maslú a n-aoianna féin leis an léirsiú.

Ní fhaighimid locht ar na mic léinn is na hógánaigh eile a ghlac páirt leo ann, ach ba cheart go n-aithneodh na baill sin den Choiste Gnó an méid seo: Fiú an treibh is barbartha amuigh, tuigeann siad dlí na féile - nach ropann tú aoí agus é ag déanamh a choda. ..."

Eagarfhocal



Gaelscéal
An Chuasnóg, Baile Ard
An Spidéal,
Co. na Gaillimhe

Ranganna Gaeilge sa Ghaeltacht

LE seachtain anuas bhí seisear i dteagmháil leis an bpáipéar, go díreach agus go hindíreach, i dtaca le ranganna Gaeilge sa Ghaeltacht, sa chás seo, Gaeltachta Chonamara.

Eachtrannaigh atá iontu seo go léir, cé gur de bhunadh na hÉireann corrdhuine acu; iad uile go léir ag cur fúthu sa Ghaeltacht.

Déanta na firinne, is dócha nár thuig roinnt acu go rabhadar ag bogadh chun na Gaeltachta sa chéad dul síos.

Le tamall de bhlianta anuas, tá cuid mhór daoine gan Gaeilge, idir Éireannaigh agus eachtrannaigh, ag bogadh isteach sa Ghaeltacht.

Dar leis an 'Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht', "tá ceantair áirithe

Ghaeltachta ina bhfuil athrú mór tagtha ar chomhdhéanamh an phobail iontu de bharr iad a bheith in aice bailte atá ag forbairt agus iad a bheith áisiúil mar áit lonnaithe do dhaoine ar de bhunadh na mbailte sin iad nó do dhaoine atá ag obair iontu."

"Mar thoradh ar an dinimic shóisialta agus na gluaiseachtaí déimeagrafacha seo, tá líon suntasach daoine nach de bhunadh na Gaeltachta iad tar éis bogadh isteach sna limistéir Ghaeltachta, agus cé gur dóigh go bhfuil an Ghaeilge ag cuid acu seo, is féidir glacadh leis nach Gaeilgeoirí gníomhacha a bhformhór."

Is é sin le rá go bhfuil iompar teanga na ndaoine nua seo ag cur brú ar an nGaeltacht mar phobal Gaeltachta.

Déarfadh roinnt daoine nach mbeadh

aon spéis ag daoine a bhog isteach sna Gaeltachtaí an Ghaeilge a fhoghlaim.

Sa chás seo ar a laghad, áfach, níl sé sin fíor. Tá siad ar fad ag iarraidh Gaeilge a fhoghlaim ach tá fadhb ann;

"Níl aon ranganna ar fáil," a dúirt duine amháin.

"Chuaigh mé i dteagmháil le dream arís is arís eile ach níor tháinig duine ar bith ar ais chugam," a dúirt duine eile.

"Tá mé ag cuardach rang Gaeilge le dhá bhliain anuas; níl rang ar bith ann," a dúirt duine eile.

"Fuair mé cúrsa ach bhí costas ollmhór air agus tá mise dífhostaithe," a dúirt bean as an Eoraip.

"Ba mhaith liom a bheith ábalta fiú na bunrudaí a fhoghlaim," a dúirt fear as an bhFrainc.

Is léir nach bhfuil sé seo sásúil ar chor ar bith agus is mór an trua é má tá daoine, atá ag iarraidh teanga an phobail a fhoghlaim agus nach bhfuil acu ach meas i leith na Gaeilge, agus iad á gcoinneáil uathí de bhrí nach féidir leis na pobail ranganna Gaeilge a eagrú dóibh.

Tá rang Gaeilge ag bun gach sráide i mBéal Feirste! Shílfeadh duine go mbeadh sé níos éasca a leithéid a sholáthar sna Gaeltachtaí.

Luíonn sé le ciall gur cheart go mbeadh ranganna ann ag gach leibhéal i ngach Ghaeltacht, saor in aisce.

Ní fiú a bheith ag fanacht leis an Roinn nó leis an Údarás maidir leis an obair seo, caithfidh na pobail iad féin an soláthar rithabhachtach seo a chur ar fáil - láithreach.

'Hatemail', bíodh ciall agaibh, bíodh misneach agaibh

CUIREANN Gaelscéal fáilte i gcónaí roimh smaointe, dearcaidh agus tuairimí éagsúla.

Ní chuireann muid fáilte roimh litreacha fuatha gan ainm, áfach, cé nach gcuirfidh siad isteach ar ár gcuid oibre.

Páipéar iolraíoch é Gaelscéal agus ní úsáideann muid an téarma sin ar nós páipéir

áirithe eile agus a dteangacha dingthe go maith ina bpluc acu. Ba mhaith linn ardán a chur ar fáil do phobail na Gaeilge ar fad.

Go dearbh, bíonn ábhar idir lámha ag Gaelscéal a bhíonn conspóideach mar gur teanga bheo í an Ghaeilge.

Má fhágann muid na hábhair tháb-

hachtacha chonspóideacha ag na meáin Bhéarla ba bhoichte cás na Gaeilge dá bharr.

Níl aon chinsireacht á dhéanamh ar dhuine ar bith ach an chinsireacht a dhéanann siad orthu féin.

Má tá rud le rá agat, abair amach é, bíodh misneach agat, cuir d'ainm le do thuairim

agus seas leis.

Téann an 'hatemail' sa bhosca bruscair agus ní fheiceann éinne é, fiú an té a scríobh an píosa a bhíonn i gceist.

[Caveat : Ar ndóigh, ní féidir linn aon rud atá in aghaidh an dlí nó atá clúmhillteach a chur i gcló.]

Bua do Náisiúnaithe Bascacha ach coinníonn an Partido Popular greim ar an nGailís



Seán Ó Tuairisg sa Spáinn

Cé gur éirigh leis an PP, an Partido Popular, sa Spáinn, an ceannas cumhachta i Réigiún na Gailíse, ceantar dhúchais an Phríomh-Aire Rajoy, sa Spáinn, a choinneáil, tar éis an toghcháin réigiúnaigh ansin Dé Domhnaigh, is ag dul i dtreise, go seasta, atá an brú ar an bPríomh-Aire.

Cé go bhfuil urlabhraithe an PP á mhaíomh gur cruthú é an toradh seo, ar pholasaithe dearfacha an Phríomh-Aire Rajoy, ní mar sin a ghlacann pobal na Spáinne, i gcoitinne, ná na meáin chumarsáide, leis an toradh, nuair a cuirtear an toghchán i dTír na mBascach sa gcomhairleamh cinn,

freisin.

Tá an PP i gceannas na Gailíse le blianta fada, agus ní haon díol suntais é gur bhuaigh siad 41 suíochán as 75 sa bPáirlimint Áitiúil. Ar an taobh eile, chaill na Sóisialaigh beagnach leath dá gcuid vótaí, agus is cosúil go bhfuil an-chuid dá gcuid vótaí siúd ag snámh anonn chuig páirtithe náisiúnacha.

Cuireann toradh an toghcháin i Tír na mBascach, áfach, tuille tinnis cinn ar Rajoy, óir thóg Páirtí Náisiúnach Thír na mBascach 27 suíochán sa toghchán ansin, Dé Domhnaigh. Beidh ceannas cumhachta acusan, trí chomhghuaillíocht a dhéanamh leis an 21 ball den BILDU, páirtí eile atá i bhfábhar Neamhspleáchais do Thír na mBascach. Sin 48 as 75. Beidh a lán trioblóide ag Rajoy leis an toradh sin.

Agus ní mórán fáilte a chuirfeadh roimh an toradh sin thall sa mBriséil ach oiread. Ach déarfadh duine freisin, ón taithí atá againn sa tír seo ar reifrinn de chuid an AE, gur beag tinn-

Tá an PP i gceannas na Gailíse le blianta fada, agus ní haon díol suntais é gur bhuaigh siad 41 suíochán as 75 sa bPáirlimint Áitiúil. Ar an taobh eile, chaill na Sóisialaigh beagnach leath dá gcuid vótaí, agus is cosúil go bhfuil an-chuid dá gcuid vótaí siúd ag snámh anonn chuig páirtithe náisiúnacha.

nis a chuirfeadh taispeántas daonlathais ar an maorlathas thall.

Meastar sa Spáinn go raibh an Príomh-Aire Rajoy ag fanacht go dtí go mbeadh toradh na Gailíse aige, le tabhairt chun na Bruiséile, chun a léir-

iú go raibh agus go bhfuil na polasaithe cearta á gcur i bhfeidhm aige, sula ndéanfaidh sé iarratas oifigiúil ar suas le €100 billiún d'iasacht a fháil. Ceaptar anois go ndéanfaidh sé an t-iarratas sin as seo go ceann seachtaine.

Ní leor sin, áfach, mar go mbeidh na baincérí thall ag cur na ceiste, (agus ag lorg freagra ar an gceist): cén fáth, go baileach, go bhfuil breis agus 25% den lucht oibre sa nGailís, agus ar fud na Spáinne, as obair. Tá tacaíocht an PP tite ó 45% go dtí 37%, agus deir pobalbhreith sa bpáipéar laethúil El Pais, nach bhfuil muinín ag 84% de phobal na Spáinne anois sa bPríomh-Aire Rajoy.

Is fiú aird ar leith a bheith agat ar an toghchán a bhéas ar siúl sa Chatalóin ar an 25ú lá den mhí seo, chun a fháil amach cén % den vóta a bhéas i bhfábhar tacaíocht a thabhairt don iarracht a bhéas ar siúl ag Uachtarán na Catalóine, Artur Mas, chun reifreann neamhspleáchais a bheith sa

Chatalóin.

Beidh sé fíordheacair ag Rajoy comhthéacs cruinn barainneach a thabhairt don AE ar na cúiseanna go bhfuil sé ag iarraidh an airgid, agus cé air, go baileach, a gcaithfear an t-airgead, agus cén áit. Caithfidh sé a bheith san airdeall an t-am ar fad go dtagann 20% d'fhorás eacnamaíochta na Spáinne, as an gCatalóin agus as Tír na mBascach, le chéile.

Theip go dona ar na Sóisialaigh sa nGailís. Fuair siad 294,000 vóta, sin 50% níos lú ná mar a fuairadar 3 bliana ó shin. 18 n-ionadaí atá acusan sa bPáirlimint Áitiúil anois, seachas 25 go dtí seo. Agus bhí laghdú de 46% ar vóta na Náisiúnach sa Ghailís, agus ní bhfuairadar ach 7 suíochán.. Dá bhrí sin, deirtear nach raibh éinne eile ann chun na vótaí a sciobadh ó pháirtí Rajoy.

Tá athmhúnlú ó bhonn aníos le theacht ar leagan amach polaitiúil na Spáinne, agus "is críonna an té a déarfadh "

NUAHT RÉIGIÚNACH

CONNACHTA NUAHT



Seoltar scéalta chuig:
nuacht@gaelisceal.ie

Gaillimh Bailiúchán don Ionad Éigeandála um Éigniú i nGaillimh

BEIDH bailiúchán don Ionad Éigeandála um Éigniú i nGaillimh ag séipéil sa chontae ag an deireadh seachtaine.

“Iarrann muid ar mhuintir na Gaillimh tacú leis an tseirbhís riachtanach seo agus déanfaidh gach euro a bhailítear difríocht mhór,” arsa urlabhraí na heagraíochta.

Beifear ag bailiú airgid don charthanacht ag seirbhísí eaglasta Dé Sathairn agus Dé Domhnaigh seo chugainn.

“Tá an tIonad Éigeandála um Éigniú i nGaillimh ag obair le daoine ar dearnadh ionsaithe gnéasacha agus drochíde gnéasach orthu le 30 bliain anuas. Tá ciorruithe móra déanta ar mhaoiniú na heagraíochta le blianta beaga anuas agus bheadh sé thar a bheith deacair dúinn ár gcuid seirbhísí a chur ar fáil gan flaithiúlach mhuinín na Gaillimhe,” a dúirt an t-urlabhraí. Is féidir le daoine cabhair a thabhairt don bhailiúchán ach glaoh a chur ar 085 2462959 nó rphost a sheoladh chuig fundrais-er@galwayrcc.org.

An bhfuil scéilín agat?

Ba mhaith linn freastal ar gach Gaeltacht is Gaelphobal sa tír. Má tá scéilíní nó nótaí áitiúla agaibh, cuirigí iad chuig an seoladh rphoist seo le bhur dtoil, nuacht@gaelisceal.ie, agus déanfaidh muid ár ndícheall iad a chur i gcló.

Clár imeachtaí Phléaráca ag cur béim speisialta ar an léitheoireacht

Méabh Ní Thuathaláin

TÁ iarrachtaí á reáchtáil ag Pléaráca chun dul i ngleic le nósanna léitheoireachta an aois óig, atá ‘imithe i laige’, dar le Gearóid ó Murchú, ball de choiste Phléaráca.

Tá blog liteartha, club léitheoireachta agus scéim léitheoireachta Bheartla Broc á reáchtáil ag Pléaráca mar chuid dá chlár imeachtaí atá dírithe ar cúrsaí litríochta agus drámaíochta don aos óg.

Is iarracht é seo le dea-nósanna a chothú i measc an aois óig do litríocht na Gaeilge agus spreagadh a thabhairt dóibh prós agus filíocht a léamh.

“Tá daoine óga gafa ag na fóin phóca agus ag na meáin shóisialta agus tá fadhbanna móra maidir le cruinneas na Gaeilge i gConamara mar gheall nach bhfuil an bhéim sin á leagan ar an litríocht,” arsa ó Murchú.

I mbliana, den chéad uair, beidh deis ag na déagóirí a bheith páirteach i mBlag Liteartha a mbeidh daltaí scoile as Gaeltachtaí éagsúla, Thuaidh agus Theas, páirteach ann. Tá Pléaráca ag cur clubanna léitheoireachta chun cinn agus ag iarraidh caidreamh a bhunú



Scéim Léitheoireachta Bheartla Broc ag léamh leabhair faoi lánseoil i mbliana i gConamara Theas.

idir na scoileanna, go mbeidh daltaí ag roinnt a gcuid tuairimí lena chéile tríd an mblag.

“Leis na ceardlanna a bhíonn ar siúl againn déanann áisitheoirí iontach daoine óga a spreagadh chun cainte agus is rud thar a bheith tábhachtach é sin,” ar seisean.

Beidh Coláiste Cholmcille, Indreabhán agus Coláiste Gobnait,

Inis Oírr, páirteach agus deis acu ceangal a dhéanamh lena chéile, ní amháin tríd an mblag ach freisin ag úsáid físchomhdháil leis an scríbhneoir Ailbhe Ní Ghearbhuigh a bhéas mar áisitheoir don dá scoil.

“Téann na háisitheoirí go mór i bhfeidhm ar na daltaí. Spreagtar iad, b’fhéidir den chéad uair, chun rudaí a scríobh iad féin, rudaí a thugann

siad faoi deara sa domhain mórtimpeall orthu,” ar seisean.

Tá Scéim Léitheoireachta Bheartla Broc á reáchtáil arís i mbliana dírithe ar pháistí óga chomh maith. Beidh Bheartla Broc ag dul ar cuairt chuig leabharlanna agus bun-scoileanna i gConamara Theas agus in Árann le scéalta á léamh in éineacht leis na páistí.



Scoláirí de chuid Scoil Mhuire na Trócaire, ag ceiliúradh a mbua ag Spraoicheist na Samhna Ghael Linn, i dTuaim ar an Déardaoin seo caite. Ón chlé ar chúl tá Sharon Umeh, Natalia Cichy, Klaudia Sadowska agus chun tosaigh tá Victoria Osikoya agus duaiseanna ina lámha acu.



Duaiseoirí ag Spraoicheist na Samhna a d’eagraigh Gael Linn a bhí ar siúl i gCinn Mhara Co. na Gaillimhe le déanaí do bhunscoileanna an cheantair. Sa phictiúr tá foireann Scoil Iosaif, Cinn Mhara in éineacht leis an múinteoir scoile, Áine Nic Craith.

Seoladh Dhlúthdhiosca ‘Na Fir Bolg’

Dara Ó Ráinne

LE déanaí seoladh dlúthdhiosca nua de chuid Na Fir Bolg thiar Tigh Plunkett i gCeantar na nOileán Tá fíorcháil ar na hamhránaithe, Éamonn Mac Donnacha agus Mícheál Ó Súilleabháin as Ráth Chairn na Mí agus iad ag casadh thiar i gConamara le sé bliana anuas ón mbliain 2006.

Sa ghrúpa nua leo tá Éanna Mac Diarmada as Contae an Chabháin ar an mbainseo, Pádraig Ó Tiarnaigh, as an gCabhán freisin, ar an bhfead-óg agus an fliúit, Éanna Ó Cróinín as

Ráth Chairn ar na píopaí agus Seán Mac Cathail Riabhaigh as Contae Lú ar an bhfidil.

Tá baill an bhanna nua ag casadh le chéile ag seisiúin cheoil le fada an lá agus seanaithne acu ar a chéile. Ar an oíche, chás Éamonn agus Mícheál amhráin cheol tíre, bailéid agus amhráin faoi chroí na Gaeilge i gConamara.

Tá siad le chéile anois le bliain anuas is é seo an chéad dhlúthdhiosca atá eisithe acu mar ghrúpa. Bíonn seisiúin acu le chéile anois agus arís i gContae na Mí agus i gContae an Chabháin den chuid is

mó.

Tá súil acu b’fhéidir níos mó gigeanna a fháil amach anseo in áiteanna ar fud na tíre agus thar lear más féidir.

Casadh an tSúgáin an t-ainm atá ar an dlúthdhiosca, dhá thraic déag ar fad atá ar an CD idir thiúineanna agus amhráin. I measc na ríleanna agus na bpoirt, tá ceithre amhrán air, Bean Pháidín, *The May Morning Dew*, *The Banks of the Roses* agus *The Mary Ellen Carter*. Níos luaithe i mbliana, seoladh an dlúthdhiosca ag Fleadh Ceoil na hÉireann sa Chabhán.

Rinneadh taifead ar an dlúthdhiosca i mbaile an Chabháin ar Aoine an Chéasta agus ba é Daire Reiley an t-innealtóir fuaime a bhí acu.

Dúirt an t-amhránaí, Mícheál Ó Súilleabháin, “Tá muid breá sásta leis an dlúthdhiosca mar gheall go bhfuil sé nádúrtha agus go leor de na traiceanna beo mar a casadh iad. Tá súil againn go dtaitneoidh sé le daoine a cheannaíonn é.”

Bhí oíche den scoth Tigh Plunkett agus ceol bríomhar, beomhar ann go maidin agus bhí an áit plódaithe go doras.

LAIGHIN NUACHT



Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelisceal.ie



Otv ag tuairisciú faoi ullmhúchán don Oireachtas i Scoil Sailearna



BURKE & COMPANY,
Dlíodóirí
Teach KILTARTAN ,
Sráid Foster
Gaillimh
&
An Cheathrú Rua
Oifigí nua oscailte trasna ó
Tigh Mhicí
(Seanfhoirgneamh an
Chomhair Chreidmheasa)

Gach Céadaoin
Ón 2.30 i.n.
Dlíodóir
LORNA BURKE
Fón: - (091)564030/564031
FAX: - (091) 561686
burkesolicitors@eircom.net
Níl gá le coinne !

DÉANFAIDH Otv tuairisciú ar imeachtaí an Oireachtais arís i mbliana le físeán a bheas in airde ar chainéal ar líne, ina mbeidh imeachtaí Oireachtas na bliana seo i Litir Ceanainn le feiceáil.

An tseachtain seo, bhí Otv i láthair ag Scoil Sailearna le tuilleadh a fháil amach faoin ullmhúchán ar fad a bhaineann le páiste atá ag glacadh páirt sa chomóras ‘agallamh beirte’, a bheas ar siúl le linn an Oireachtais ag deireadh na míosa.

“Tugann an tOireachtas ardán do na daltaí chun iad féin a chur i láthair. Fiú mura mbeadh aon chomórtas i gceist, is deis iontach é do dhaltaí dul ar ardán, agus a bheith muiníneach agus ag cleachtadh. Feicim gur áis iontach í an drámaíocht leis an nGaeilge a chur chun cinn,” arsa an príomhoide, Fearghas Mac Lochlainn.



Otv i láthair agus daltaí Scoil Sailearna ag ullmhú don chomórtas Agallamh Beirte, in éineacht leis an bpríomhoide Fearghas Mac Lochlainn, comórtas a bheas ar siúl le linn an Oireachtais, i Litir Ceanainn ag deireadh na míosa.

“Ghlacann muid páirt gach bhliain agus déanann Traolach Ó Conghaile, Tadhg Mac Dhonnagáin agus mé féin roinnt de na hagallamh beirte agus na lúibíní. Is iontach an bealach é leis an nGaeilge a thabhairt ar aghaidh,” arsa seisean.

Beidh an tOireachtas faoi lán seoil i gceann seachtaine agus is féidir imeachtaí na féile a leanúint ar otv.gaelisceal.ie.

chéad áit ar bhord na surfálaithe agus níl hAbel Lago ón Spáinn chomh fada sin ina dhiaidh.

“Cé nach bhfuil an t-uisce chomh teolaí i Maigh Eo is a bhí sé sna háiteanna eile,” arsa François Colussi ó Pure Magic Watersports, “tá muid uilig ag súil go mór leis an gcuid seo den chomórtas. Bhí mé sa tSairdín le déanaí, áit a raibh comórtas surfála eile ar siúl, agus bhí daoine ag rá liom go raibh siad ag súil le hoileán Acla a fheiceáil. Tá atmaisféar maith ag an imeacht seo.”

Bhunaigh Colussi scoil surfála ar an oileán trí bhliain ó shin, agus creideann sé go n-éireoidh leis an gcomórtas a thuilleadh gnó a mhealladh chun an oileáin agus an cheantair ina thimpeall.

Craolfar imeachtaí an chomórtas agus na féile ar líne trí shuíomh ksp-worldtour.com, áit ina bhfuil a thuilleadh eolais faoi na himeachtaí chomh maith.

Comórtas Idirnáisiúnta Surfála ar Oileán Acla

Scott De Buitléir

TÁ comórtas do shurfáil eitleoige ar siúl ar oileán Acla faoi láthair agus príomhshurfálaithe an domhain ag tabhairt cuairte chun an oileáin. Tá comórtas Aer Lingus Kite Surf Pro ar siúl go dtí 28 Deireadh Fómhair, é mar chuid de chomórtas domhanda a thosaigh sa Phortaingéil agus a chríochnóidh i Haváí i mí na Samhna. Tá thart ar mhíle surfálaí eitleoige (wind surfers) ag taisteal go hAcaill don chomórtas, iad uilig ag iarraidh seilbh a ghlacadh ar an teideal, 2012 Kite Surf Pro World Tour Champion. I ndiaidh a bheith sa Phortaingéil agus ar oileán Mauritius, tá Eitienne L'Hote na Fraince sa

An bhfuil scéilín agat?

Ba mhaith linn freastal ar gach Gaeltacht is Gaelphobal sa tír. Má tá scéilíní nó nótaí áitiúla agaibh, cuirigí iad chuig an seoladh rphoist seo le bhur dtoil, nuacht@gaelisceal.ie, agus déanfaidh muid ár ndícheall iad a chur i gcló.

Baile Átha Cliath Léacht faoi Logánú Ríomhaireachta

Colm Ó Broin

BEIDH an saineolaí teicneolaíochta, Kevin Scannell, ag tabhairt léachta dar teideal ‘I dTreo Logánú Ríomhaireachta Lán-Ghaeilge’ Dé Céadaoin seo chugainn.

Tá sé á eagrú ag An Roth, cuallacht Gaeilge Chumann na nInnealtóirí, agus beidh sé ar siúl ag 7.30i.n. i gceannáras an chumainn ar 22 Bóthar Chluaidh, Baile Átha Cliath 4.

Míneoidh an tUasal Scannell cearad atá idir lámha aige chun an ríomhaireacht i nGaeilge a chur chun cinn.

Pléifidh sé córais oibriúcháin, bainisteoirí Windows, feidhmchláir, ríomhchluichí, uirlisí profála agus eile.

Cuirfidh sé cás-staidéar áirithe i láthair a thaispeánfaidh cuid de na constaicí a thagann chun cinn san obair seo, agus conas is féidir cúpla smaoineamh an-simplí ó na staitisticí a úsáid chun na constaicí seo a sháru.

“Sa lá atá inniu, baineann feidhmchláir phróiseála teanga an-úsáid as staitisticí agus as teicnící ón meaisínfhoghlaím,” arsa Kevin. “Mar shampla, sa réimse ríomhaistriúcháin, ‘foghlaímíonn’ feidhmchláir cosúil le Google Translate conas is féidir aistriúchán a dhéanamh idir dhá theanga trí staitisticí a bhailiú ó bhunachair sonraí ina bhfuil go leor téacsanna dátheangacha ailínithe.

“Leis an mborradh mór faoin nGaeilge agus faoi theangacha mionlaigh eile ar an nGréasán le blianta anuas, tá sé níos éasca cur chuige staitisticíúil a úsáid le réimse níos leithne teangacha.”

Is as Stáit Aontaithe Mheiriceá don Uasal Scannell agus d’fhoghlaím sé Gaeilge tuairim is 13 bliana ó shin. Tá sé ina Ollamh le Matamaitic agus Ríomhaireacht in Ollscoil St Louis, Missouri.

Tá cuid mhór taighde déanta aige ar chúrsaí ríomhtheangeolaíochta i mionteangacha éagsúla, go háirithe



COISTE GAIRMOIDEACHAIS CHONTAE NA GAILLIMHE

Cuirfidh an Coiste ainmnithe thuas fáilte roimh iarratais ó dhaoine atá cáilithe go hoiriúnach, le taithí, ar an bpost bainistíochta seo a leanas:

PRÍOMHOIDE:

Coláiste Bhaile Chláir, Baile Chláir, Co. na Gaillimhe
Scoil nua Iar-Bhunoideachais i mBaile Chláir, Co. na Gaillimhe

Dírítear d’aird ar shuíomh Gréasáin an Choiste
www.countygalwayvec.com le haghaidh tuilleadh sonraí poist.

Is é an spriodhata le haghaidh iarratais a bheith faighte ná 4.00 i.n.,
Dé hAoine, 2 Samhain 2012.

Teagmháil: 091 874525 nó ríomhphost chuig ccoyle@cogalvec.ie

Fáiltíonn an Coiste roimh chomhfhreagras i nGaeilge nó i mBéarla.
Tairgeann an Coiste raon seirbhísí trí Ghaeilge ach iad a iarraidh.

Seosamh Mac Donncha, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

sa Ghaeilge; tá litreoir, gramadóir, agus teasáras leictreonach forbartha aige, agus is é atá i gceannas ar an bhfoireann a chuir Gaeilge ar roinnt bogearraí mór-le-rá, mar shampla Firefox agus OpenOffice.

Chaith sé an bhliain seo caite mar fhostaí de chuid Twitter, ag iarraidh tacaíocht níos fearr

a thabhairt do mhionteangacha ar an ardán sin.

Baile Átha Cliath - Baile Munna

An Cheoldráma Clann Tuireann ar siúl in Ionad Axis

BEIDH an ceoldráma Clann Tuireann ar siúl in Amharclann Axis i mBaile Munna Dé Sathairn beag seo mar chuid den Fhéile Borradh Buan.

Is ceoldráma as Gaeilge é a chum Aideen McBride agus David Sheehan ó Mhuine Beag, Contae Ceatharlach. Tá an scéal bunaithe ar an bhfinscéal Oidhe Clann Tuireann inar mharaigh Clann Tuireann athair Lugh Lámhfhada. Cuireann Lugh éiric orthu seacht rud draíochtúil a bhailiú ó thíortha éagsúla timpeall an domhain dá bharr seo.

Léiríodh sliocht gearr den cheoldráma i gCeatharlach i rith na Féile Idirnáisiúnta Pan Cheilteach an Cháisc seo caite agus feicfear an céad sliocht eile den saothar ar an stáitse san Ionad Axis mar chlabhsúr ar Bhorradh Buan.

Tá sé mar aidhm ag na cumadóirí go mbeidh an ceoldráma go hiomlán críochnaithe faoi 2015.

Tá idir cheol na hÉireann agus ceol traidisiúnta ó thíortha eile sa dráma. I measc na ndaoine atá páirteach sa léiriú tá Deirdre Moynihan (soprán), Helen Hassett (leath soprán), Áine Mulvey (contralt) agus Neil Ní Chróinín (sean-nós).

I measc na gceoltóirí beidh Ciarán Somers ar an bhfliúit agus Niall Mac Giolla Rua ar an bpianó. Is é Alan Leech an stiúrthóir ceoil agus Aideen McBride an scéalaí.

Tá ticéid ar fáil ó Amharclann Axis ag 01 8832100 ar chostas €10.

Ceatharlach

Bua ag Scoil Dhiarmada i 'Spraoícheist'

BHÍ an bua ag Scoil Dhiarmada ó Dhíseart Diarmada i tráth na gceist a d'eagraigh Glór Cheatharlach mar chuid d'Fhéile an Fhómhair an tseachtain seo caite.

Tháinig beagnach céad dalta ó bhunscoileanna an cheantair maille lena dtuismitheoirí agus a múinteoirí le chéile i gClub Éire Óg chun páirt a ghlacadh i Spraoícheist an Fhómhair. Bhí 22 foireann ó sheacht scoil éagsúla páirteach ann.

Baile Átha Cliath

Léarscáil de 'Phobal na Gaeilge' ar Google Maps

TÁ léarscáil de phobal na Gaeilge i mBaile Átha Cliath forbartha ag Gaelscéal ar Google Maps. An aidhm atá leis ná daoine a chur ar an eolas faoi na háiteanna ina bhfuil an Ghaeilge á labhairt lasmuigh den seomra ranga. Tá sé i gceist an Gaelscéal an léarscáil a fhorbairt amach anseo chun an tír ar fad a chlúdach.

Is féidir a theacht ar nasc chuig an léarscáil ar www.gaelsceal.ie agus freisin ar chuntas an nuachtáin ag Facebook, Twitter agus AbairLeat.

Tá sonraí na 29 seirbhís eaglasta

Gaeilge a bhíonn ar siúl i mBaile Átha Cliath ar an léarscáil (dhá cheann de chuid Eaglais na hÉireann agus 27 gcinn de chuid na hEaglaise Caitlicí) mar aon le 26 chiorcal comhrá mórthimpeall an chontae.

Chomh maith leis sin, tá eolas faoi na cumainn Ghaelacha tríú leibhéal, clubanna óige ar nós Cumann na bhFiann, craobhacha Chonradh na Gaeilge agus eagraíochtaí pobail eile agus grúpaí tuismitheoirí agus leanaí.

Tá sonraí ar an léarscáil faoi thograí aonair ar nós Na Gaeil Óga,


Raidió na Life agus Aisteoirí Bulfín. Is féidir teacht ar eolas faoi cheannáras Chonradh na Gaeilge agus Áras Chrónáin i gCluain Dolcáin agus na himeachtaí agus eagraíochtaí Gaeilge atá ag feidhmiú san dá ionad.

Níl eolas faoin nGaelscolaíocht, naíscolaíocht nó ranganna Gaeilge ar an léarscáil mar teastaíonn ó Gaelscéal béim a leagan ar na háiteanna ina bhfuil an teanga á labhairt sa phobal.

Is é an chéad chéim eile sa togra ná sonraí maidir le pobal na Gaeilge sa

chuid eile de Chúige Laighean a chur ar an léarscáil. Tá sé i gceist ag Gaelscéal Cúigi Uladh, Chonnacht agus Mumhan a dhéanamh níos déanaí.

"Tá an léarscáil iontach spéisiúil agus is áis mhaith atá ann do dhuine ar bith atá ag lorg eolais faoi chiorcail chomhrá nó imeachtaí Gaeilge eile i mBaile Átha Cliath," arsa Brian Ó Gáibhín, Bainisteoir Áras Chrónáin. Is féidir sonraí faoi mhíreanna eile den léarscáil, i mBaile Átha Cliath agus sa chuid eile den tír, a chur chuig colm.obroin@gaelsceal.ie.



Gaeilgeoir Dearmadtha faoin Spotsolas d'Éigse Chluain Tarbh

Scott De Buitléir

TÁ an grúpa Gaeilge, Pobal Chluain Tarbh, ag teacht le chéile arís le linn na seachtaine seo i gcóir Éigse Chluain Tarbh, féile Ghaeilge de chuid an ghrúpa. Féile cheannródaíoch atá inti i mbliana, agus an grúpa ag ceiliúradh 40 bliain ar an bhfód.

Is é príomhléacht na hÉigse ná caint faoi Edmund Edward Fournier d'Albe, innealtóir agus gníomhaí Ceilteach a d'oibrigh ar son na dtíortha Ceilteacha araon leis an nGaeilge. Beidh an chaint curtha i láthair ag Annraoi de Paor, ollamh le hinnealtóireacht leictreach ag Coláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath agus stiúrthóir Dhaonscoil na Mumhan i nGaeltacht na Rinne.

Éireannach de bhunadh Francach ab ea Fournier d'Albe, a rugadh in 1868. Rinne sé staidéar ar an matamaitic i gColáiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath sula ndeachaigh sé go Sasana le bheith ina léachtóir ag Ollscoil Birmingham. Chaith sé seal in Ollscoil i Lahore na Pacastáine chomh maith.



Edmund Edward Fournier d'Albe

Chomh maith lena chuid spéise sa mhata agus san eolaíocht, áfach, bhí paisean ag Fournier d'Albe do mhuintir na dtíortha Ceilteacha. Bhí sé páirteach leis na hÉireannaigh agus na hAlbanaigh a d'fhreastail ag an Eisteddfod i gCaerdydd in 1899, agus lean sé ar aghaidh le bheith ina stiúrthóir ar an iris mhíosúil Celtia. Bhí sé mar príomhfheidhmeannach ar an gCumann Ceilteach a bhunaíodh in 1901, cumann a d'iarr ar Londain féinrialú a bhronnadh ar Albain, an

Bhreatain Bheag, Éire, Chorn na Breataine agus Oileán Manainn. Bhí sé i gceist acu an brú céanna a chur ar Pháras ar son fhéinrialú na Briotáine, ach ba bheag an toradh a bhain siad amach air sin. D'fhoilsigh sé foclóir Gaeilge-Béarla in 1903, agus d'aistrigh sé Eachtra Laoghaire Mhic Críomhtain go Maigh Meall ó Ghaeilge go hEsperanto.

"Tá muid ag siúl go mór leis an gcaint seo," arsa Séamus Mac Giolla Ruaidh, Cathaoirleach Phobal Chluain Tarbh. "Duine speisialta ab ea Fournier d'Albe, ach duine nach bhfuil eolas ag mórán faoi." Beidh an léacht ar siúl tráthnóna Déardaoin ag 8:00i.n. in Áras CLG Chluain Tarbh ar Bhóthar Ghort na Mara. Mar aon leis sin, beidh maidin chaife trí Ghaeilge ar siúl i gCaifé Tillys ar Bhóthar Naomh Gaibréal i gCluain Tarbh, chomh maith le ranganna ceoil thraidisiúnta a bheidh ar siúl i gClasach ar Bhóthar Ailf Uí Bhroin agus i gColáiste Marino i bhFionnradharc. Le tuilleadh eolais a fháil faoi Éigse Chluain Tarbh nó Pobal Chluain Tarbh, cuir glaoch ar (01) 833-5472.

I MEASC AN PHOBAIL

Ba bhreá linn pictiúir leatsa in Gaelscéal agus ar ár suíomh idirlín. Má tá ócáid nó imeacht pobail nó sóisialta ar siúl agat, is féidir grianghraif de a sheoladh chugainn ag pic@gaelsceal.ie Ní mór go mbeadh caighdeán réasúnta ins na pictiúir agus cead faighte agat chun iad a fhoilsiú ó na daoine atá le feiceáil iontu. Cuirfidh muid na cinn is fearr i gcló anseo agus ar www.guelsceal.ie

Tionól an Fhómhair ag ceiliúradh don deichiú bliain as a chéile

D'ÉIRIGH go hiontach leis an deichiú Tionól an Fhómhair de chuid Chomhairle Contae Phort Láirge, a bhí ar siúl sa Trá Mhór, Co. Phort Láirge le déanaí.

Bhí slua breá i láthair in Ionad Cultúir an Gharda Chósta oíche Dé hAoine, nuair a chuir Méara an Bhaile, an Comhairleoir Joe Conway, fáilte roimh gach éinne. Ba é Dara Ó Cinnéide, iarpheileadóir contae le Ciarraí agus iriseoir le RTÉ Raidió na Gaeltachta agus TG4 a d'oscail an Tionól go hoifigiúil, ag labhairt dó ar thábhacht ár n-oidhreacht, ár gcultúr agus ár dteanga Gaelach. Bhí togha agus rogha an cheoil ann ar an oíche le Tommy Keating agus grúpa Chomhaltas; agus le Jacob agus Hannah Butler, i gcomhlúadar Richard Murray, a léirigh an talann damhsa a chinntigh gur ghnóthaigh sé Corn Domhanda faoi dhó. Thug Niamh Dalton, amhránaí óg áitiúil leagan álainn den amhrán 'Na Tincéir' uathí chomh maith. Ansan tháinig píobairí cáiliúla na Trá Móire, Jimmy O'Brien-Moran agus Donncha Ó Maidín chun stáitse, ag casadh roinnt tiúineanna, ina measc cúpla píosa ceol a cumadh sa Trá Mhór.

Bhí imeachtaí na féile dírithe ar an trá mhór féin maidin Shathairn nuair a bhí scileanna iomána agus peile na bpáistí le feiceáil, faoi stiúir pheileadóir an chontae, Liam Ó Lonáin agus imreoir camógaíochta Dhún Aill, Máiréad Ní Mhurchú, chomh maith le dreama a chaith seal san uisce ag surfáil.

Chuir an Cócaire Naoise Ó Cathasaigh óg agus aosta faoi dhraíocht lena scileanna cócaireachta san Majestic Hotel agus d'éirigh thar barr leis an gceardlann cócaireachta a dhein sé leis na páistí,



Imbun ceoil ag oscailt oifigiúil Tionól an Fhómhair in Ionad Cultúir an Gharda Chósta sa Trá Mhór le déanaí bhí na ceoltóirí óga Jacob & Hannah Butler agus Richard Murray. GRIANGHRAF: HUGH O'BRIEN-MORAN

chomh maith leis an taipeántas cócaireachta a thug sé don dream fásta agus dégustation ina dhiaidh. Ag an am céanna, thug Patricia Ní Fhátharta ó Chonamara dhá cheardlann rince ar an sean-nós do ghrúpaí móra in Óstán Uí Shé. Bhí Comhlúadar i lár an aon-aigh chomh maith, leis an gcaint 'Dátheangach ón Tús' a thugadar i Leabharlann na Trá Móire.

"Bhí Ceadal Córúil an Tionóil ar bhuaicphointe na deireadh seachtaine in Ionad Cultúir an Gharda Chósta oíche Sathairn. Chuaigh amhránaithe óga ó Mheánscoil Stella Maris agus Cór Fear na nDéise chun ardáin agus bhí Patricia Ní Fhátharta i mbun damhsa ar an sean-nós chomh maith," a dúirt Máire Seosaimhín Breathnach, Oifigeach Gaeilge le Comhairle Contae Phort Láirge, a d'eagraigh an fhéile. "Tá muid thar a bheith sásta gur tháinig na sluaite chun páirt a ghlacadh in imeachtaí na féile, go háirithe muintir na Trá Móire as ucht a gcuid saothair, díograis agus tacaíochta ar son na féile" a dúirt sí.



Ag oscailt oifigiúil Tionól an Fhómhair in Ionad Cultúir an Gharda Chósta sa Trá Mhór le déanaí bhí: Jimmy O'Brien-Moran, Donncha Ó Maidín, Dara Ó Cinnéide, RTÉ RnaG Gaeltachta & TG4, Máire Seó Breathnach, Oifigeach Gaeilge le Comhairle Contae Phort Láirge agus Michael J Walsh, Cathaoirleach ar Fhóram Pobail Chontae Phort Láirge. GRIANGHRAF: HUGH O'BRIEN-MORAN

Donncha Ó Maidín agus Jimmy O'Brien-Moran ag casadh ceoil agus ag seanachas ag oscailt oifigiúil Tionól an Fhómhair in Ionad Cultúir an Gharda Chósta sa Trá Mhór le déanaí. GRIANGHRAF: HUGH O'BRIEN-MORAN





Foireann peile Laochra Loch Lao, a ghlac páirte i gcomórtás Olibhear Uí Cheallaigh ar na mallaibh atá a réachtáil mar chuid d'Fhéile na Carraige le trí bliana anuas. Bhí an lámh in uachtar ag foireann sinsir Lámh Dhearg i mbliana agus d'imigh siad abhaile le Corn Olibhear Uí Cheallaigh.



Fearghal Mc Cluskey, a chuir léacht ómóis do Harry Holland i láthair i mbliana i mBéal Feirste, agus é ag bronnadh bláthanna ar Pauline Holland.



Rónán Ó Snodaigh, ar an ardán in éineacht le Kíla agus iad ag seinm mar chuid d'Fhéile na Carraige ar na mallaibh i mBéal Feirste.



Ag oscailt oifigiúil Thionól an Fhómhair in Ionad Cultúir an Gharda Chósta sa Trá Mhór le déanaí bhí: Billy Butler, Freedom Scoil Surfála & Coiste Eagrúcháin an Tionóil; Brian White, Bainisteoir na Trá Móire, Comhairle Contae Phort Láirge; Máire Seo Breathnach, Oifigeach Gaeilge le Comhairle Contae Phort Láirge; An Comhairleoir, Joe Conway, Méara na Trá Móire; Donncha Ó Maidín agus Jimmy O'Brien-Moran. GRIANGHRAF: HUGH O'BRIEN-MORAN



Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Scéalta Chorca Dhuibhne
Breandán Mac Gearailt

Cúrsaí Caide na Gaeltachta

N’FHEADAR É, ach an bhfuil a dara hanáil ag teacht do shinsir caide na Gaeltachta mar go raibh bua eile acu ar an nDomhnach, 2-12 V 1-9, in aghaidh Raonaithe na Sceilge i Sraith Sinsir an Chontae sa Dara Roinn? I ndeireadh an lae, beidh An Ghaeltacht meastar beagán os cionn lár na roinne agus má éiríonn leo a ndintíuiri a chur i bhfearas mar is cuí, beidh siad ag súil le bheith ar ais go luath i Roinn 1. Tá imreoirí maithe óga dúrach-tacha ag teacht ar barra anois, ach beidh tamall eile sara mbeidh siad sa Chéad Roinn.

Féile Amhránaíochta agus Scéalaíocht Óige Chorca Dhuibhne

BHÍ ceithre chomórtas scéalaíochta sa Lab sa Daingean ar an nDéardaoin 17ú agus chúig chomórtas Amhránaíochta ar an Aoine 18ú la den mhí seo. Seo a leanas na buaiteoirí - Scéalaíocht Fé 8 An céad duais - Buansciath agus Bonn - Antaine Ó Séaghdha - Scoil an Fheirtéaraigh. An dara duais - Bonn - Ciarán Mac Domhnaill, Scoil Dhún Chaoin. Duaiseanna breise don aoisghrúpa seo Fé 8 - Róisín Dalby, Scoil an Fheirtéaraigh agus Rónán Ó Beaglaoidh, Scoil Mhaoilchéadair Scéalaíocht Fé 10. An céad duais - Buansciath agus Bonn - Liam Ó hÓgáin, Scoil Dhún Chaoin An dara duais - Bonn - Aoife Bríd Ní Shé - Scoil Naomh Eirc Duais breise don aoisghrúpa seo -

Albam úr le héisiúint ag Cór Chúil Aodha

Concubhar Ó Liatháin

CÚIG bliana is fiche tar éis an albaim dheireanaigh, tá Peadar Ó Riada agus Cór Chúil Aodha ag seoladh ceirmín nua d’amhráin Eaglasta ag Coirm Cheoil i Séipéal Chúil Aodha a chraolfar beo ar Raidió na Gaeltachta. Seolfar “Naomh Gobnait” ar an Aoine, 16 Samhain, ag an gCoirm Cheol sa séipéal ina bhfuil an Cór ag canadh anois le beagnach leathchéad bliain. Bhunaigh Seán Ó Riada an Cór in 1963 tar éis do spreagadh a fháil ón tAthair Dhonnchadh Ó Conchúir. Ar an 3 Deireadh Fómhair 1971, fuair Seán Ó Riada bás agus sheinn Peadar an armóin don tsochraid. Bhí sé tar éis ordú a fháil óna athair trí Dhomhnach roimhe sin dul i mbun an chúraim. Tá sé i gceannas ar an gCór ó shin. Eisíodh Go mBeannaithear Duit in



Seán Ó Riada, bunaitheoir Chór Chúil Aodha

1987 agus níorbh fhada gur aithníodh é mar cheann de na ceirmíní ab fhearr de cheol eaglasta a heisíodh riamh. Bhí sé i gcónaí i gceist an dara halbam a éisiúint ach

de bharr chomh gnóthach is a bhí Peadar agus an Cór ó shin, ní raibh an deis sin ann. Ag an Nollaig in 1963 nuair a tosaíodh an Cór, b’amhráin i Laidin ar nós Puer Natus a chan an Chór. Tá an t-amhrán sin sa bhailiúchán is déanaí mar go gcantar fós é gach Nollaig. Tá go leor de shaothar Pheadair sa bhailiúchán nua seo. Chuir sé ceol le roinnt seanphaidreacha - ina measc Naomh Mícheál, paidir a dheirt ag deireadh gach aifrinn sna 60í, agus Tiomna Cholm Cille. Ar an CD freisin tá saothair eile ó fhilí áitiúla, ina measc Dónal Ó Liatháin, a chum na focail do Naomh Pádraig agus Suaimhneas Síoraí, agus ba ó pheann Shiobhán Bn Uí Cheallaigh a tháinig teideal iomann an CD, Naomh Gobnait, agus An Cosán Draíochta. Tá nótaí cuimsitheacha ag gabhail

leis an taifead a thugann léargas mar a cumadh na píosaí ceoil éagsúla agus na hiomainn. Agus é ag cur síos ar Suaimhneas Síoraí, iomann a chantar le linn na Comaoineach ag aifrinntí sochraide, dúirt Peadar go raibh sé ag ciapadh Dhónail Uí Liatháin ar feadh na mblianta d’iomann dá shórt. Tháinig sé leis an dán seo i bhFeabhra 2008 ach bhí dhá líne ar iarraidh. Buaileadh breoite é i lár an tsamhraidh sin agus bhí an chosúlacht ar an scéal nach dtiocfadh an dá líne eile uaidh. Cailleadh é i mí na Samhna 2008 agus ar maidin a shochraide, fuair Peadar lámhscríbhinn ó pheann Dhónail os comhair a ríomhaire. Canadh an t-iomann den chéad uair ag sochraid an fhile. Craolfar an choirm cheoil beo ag 7i.n. ar an Aoine, 16 Samhain agus mairfidh sí dhá uair an chloig.

Tadhg Ó Beaglaoidh, Scoil an Fheirtéaraigh Scéalaíocht Fé 12 An céad duais - Buansciath agus Bonn - Cathal Ó Beaglaoidh, Scoil Mhaoilchéadair An dara duais - Bonn - Naoise Mac Gearailt, Scoil Naomh Eirc Duais Breise don aoisghrúpa seo - Colm Ó Muircheartaigh, Scoil Naomh Eirc Scéalaíocht Fé 15 An céad duais - Buanchupa agus Bonn - Gwendolin Lieb, Scoil Dhún Chaoin An dara duais - Bonn - Darragh Ó Dubháin, Scoil an Fheirtéaraigh Buaiteoirí Amhránaíochta na hAoine sa Lab sa Daingean. Fé 8 1ú Duais - Buansciath agus Bonn Rónán Ó Beaglaoidh, Scoil Mhaoilchéadair 2ú Duais - Bonn - Holly Ní Riain, Scoil Dhún Chaoin Fé 10 1ú Duais - Buansciath agus Bonn - Órfhlaith Ní Dhúgáin, Scoil Dhún Chaoin 2ú Duais - Bonn - Laura Ní Chonchúir, Scoil an Ghleana Fé 12 1ú Duais - Buansciath agus Bonn - Dylan Ó Curtáin, Scoil Mhaoilchéadair 2ú Duais - Bonn - Cathal Ó Beaglaoidh - Scoil Mhaoilchéadair 3ú Duais - duais breise - Eibhlín Ní Shlattara, Scoil Dhún Chaoin Fé 15 1ú Duais - Buansciath agus Bonn - Gwendolin Lieb, Scoil Dhún Chaoin 2ú Duais - Bonn - Ciadhra Ní Shé - Pobalscoil Chorca Dhuibhne 3ú Duais - duais breise - Caoimhe Mai Ní Chéilleachair, Scoil an Fheirtéaraigh Fé 18 1ú Duais - Buanchupa agus Bonn - Pádraig Óg Ó Sé, Pobalscoil Chorca Dhuibhne 2ú Duais - Bonn - Siobhán Ní Mhaoldhí, Coláiste Íde Is iad Oidhreacht Chorca Dhuibhne

a bhí i mbun na hócáide. Gabhann siad buíochas le hEalaín na Gaeltachta - comhfhiontar idir Údarás na Gaeltachta agus An Chomhairle Ealaíon - a mhaoiniú na scéimeanna scéalaíochta agus amhránaíochta. Is iad RTÉ Raidió na Gaeltachta a mhaoinigh buansciatha na féile.

Oidhreacht Mara an Daingin

AON duine go bhfuil suim sa bhfarraige aige nó gur mhaith leis a bheith ar an eolas fé chúrsaí mara an lae inniu, go háitiúil nó go náisiúnta, níl áit is fearr leis an easpa eolais sin a shásamh, ná sa Daingean mar a mbeidh Féile Oidhreacht Mara ar bun ó mhaidin Dé Sathairn seo chugainn an 27ú lá go dtí am lóin ar an Luain. Is é Caoimhín Ó Flannghaile agus gasra a chruinnigh sé le chéile atá i mbun na hoibre seo. Bíonn Caoimhín coitianta ag plé le forbairtí i saol na hiascaireachta sa cheantar. Tá fadhb bheag tar éis bualadh chuchu mar ná raibh a fhios acu go mbeadh foireann sinsir caide bhaile an Daingin i gCraobh Chluiche an Chontae don gcéad uair riamh tráthnóna Dé Domhnaigh seo chugainn. ”Táimid uile ríméadach,” arsa an Flannghaileach, “ach caithfeam teacht timpeall ar an ócáid sin go cáiréiseach, mar beidh gach mac máthar agus iníon athar ag tarrac ar an gcluiche.” Tá cúpla rud i gceist agus is dócha an ceann is thábhachtaí ná go mbeam ag cur Leacht ar fhalla an tábhairne a bhíodh ag Mícheál Ó Lúing, fear a dhein gaisce ar feadh breis agus tríocha bliain ag bailiú plandaí agus éisc neamhchoitianta agus á seoladh go dtí na húdaráis i mBaile Átha Cliath. Dar le Caoimhín gur ó Chuan an

Daingin agus ón gcomharsanacht a tháinig breis agus 75% don ‘flóra agus fauna’ neamhchoitianta a bailíodh sa tír le linn aimsir Michíl Uí Lúing.[1930-’60].Thugadh Mícheál buidéal pórtair d’aon iascaire a thabharfadh iasc neamhchoitianta i dtír. Bhailíodh sé féin raidhse plandaí agus fáiseanna a chuir go mór le stór na n-údarás caomhnaithe i mBaile Átha Cliath. Ní raibh aon airgead á íoc le Ó Lúing, mar gur ar son an eolais a bhí sé á dhéanamh, dar le Caoimhín. Ar a 11 maidin Dé Sathairn seo chugainn, an 27ú lá, beidh caint an fé shaol Mhichíl Uí Lúing [1898-1980] agus ina dhiaidh beidh an Dr Peter Heffernan ó Institiúid na Mara ag caint fé ‘Shaibhreas na Mara’, agus ansan oscloídh sé an fhéile. Nochtfar leacht in onóir Mhichíl Uí Lúing ar a shála san. Níos déanaí, beidh an Dr Connie Ó Céilleachair ag cur síos ar ‘Foghlaithe Mara agus Striapaigh’. Beidh Lorcán Ó Cinnéide ag caint fén ábhar, ‘An bhfuil todhchaí san iascaireacht?’ Labhróidh Pádraig Ó Niallagáin ar ‘Tharrtháil Bhaile Dháith’. Críochnóidh an lá le ceisteanna agus plé. Ar an nDomhnach ’spáinfear scannán fén dtaiscéalaí ‘Tom Crean’, beidh taispeántas naomhóige ag Éamon Hutch agus beidh taispeántas ón nGarda Cósta le feiceáil. Labhróidh Deaglán Ó Coigligh ó Roinn na Mara, fé ‘Bithéagsúlacht Uiscí na hÉireann’, agus beidh léacht ann ón Dr Wesley Ó Flannúra ar ‘Ról an Speisialtachta Mara’. Cuirfidh Bearnárd Ó Gogáin clabhsúr leis an nDomhnach, le caint ar ‘Flóra agus Fauna, Mhichíl Uí Lúing’. Ar an Luan, beidh Nick Massett ag caint fén eagraíocht ‘Míolta Móra agus Deilfeanna Éireann’, ansan pléifear ‘Cé atá ag Iascaireacht in Éirinn’. Mar bhuille scoir, beidh caint ann do leanaí fé ‘Íontaisí na Mara’, ó Ghráinne Ní Fhlannúra, ó Ollscoil Chorcaí. Is i láthair ‘Mara Beo’ a bheidh na léachtaí.

Port Láirge Comhdháil na nDéise BEIDH an dara Comhdháil na nDéise ar siúl in Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge (ITPL) ar an 27ú lá d’Aibreán, 2013. Tá fáilte curtha roimh chuile dhuine páipéar a thairiscint ar aon ghné de Ghaeilge na nDéise: san áireamh litríocht, teangeolaíocht, lámhscríbhinní, an chanúint, ceol, amhránaíocht, stair srl. Beidh seisiún ar leith ann do mhic léinn iarchéime agus tabharfar deis dóibh páipéar a thabhairt ar an taighde atá ar siúl acu. Iarrtar ar dhaoine a bhfuil spéis ar leith acu páipéar idir 15 agus 20 nóiméad a thabhairt ag an gcomhdháil seo. Ní gá ach teideal an pháipéir agus achoimre thart ar 250 focal a chur chuig deise@wit.ie roimh an gcéad lá d’Fheabhra, 2013 má tá sé ar intinn agat páirt a ghlacadh sa chomhdháil.

Corcaigh In ómós don mháistir

Concubhar Ó Liatháin

BA dhuine de Cheathrar Máistrí Bhaile Mhúirne [Baile Bhuirne] é Conchubhar Ó Deasmhumhna, scríbhneoir, scéalaí agus aithriseoir, a mhair i measc phobal Mhúscraí idir 1871-1928. Tabharfar a shaothar chun beatha arís an Aoine beag seo nuair a léireoidh Aisteoirí Chúil Aodha cúig chinn dá shaothair scríbhneoireachta ar an ardán san Ionad Cultúrtha. “Fuair an tAthair Ó Duinnín roinnt dá fhocail ó na Ceithre Máistrí agus tá ainm Chonchubhair Uí Dheasmhumhna ina measc san a

bhfuil Foclóir an Duinnínigh tiomnaithe dóibh,” arsa léiritheoir na ndrámái, Seán Ó Morónaigh, stiurthóir an Chomhlachais Náisiúnta Drámaíochta.

“Tá sé ráite faoi Chonchubhar Ó Deasmhumhna gur aige a bhí an Ghaeilge ba bhinne dá linn,” a dúirt sé. “Bhí cuma na filíochta ar a chuid phróis.”

Ar na drámái a léireofar ag an ócáid san Ionad Cultúrtha an Aoine beag seo, 26 Deireadh Fómhair, beidh Bean na Bó Riabhaiche, Fear na mBataí Croiste agus Spidiú Cháit na Troda. Míreanna gonta iad Mangaire an Té agus Tadhg an Deocáin agus léireofar iad chomh maith.

Tá sé i gceist sliocht naoi nóiméad de scannán a deineadh ar ‘Curnán Mac Cuimlide agus a Thriúr Iníon Foiritheanta Fíorghrána’, dráma de chuid Uí Dheasmhumhna a léirigh Aisteoirí Chúil Aodha sa bhliain 2000, a thaispeáint.

Beidh léacht ghairid freisin ón Dr. Seán Ua Suilleabháin, Ollamh le Gaeilge i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh, ar shaol, ar shaothar agus ar shinsear an tsárscéalaí. Beidh Liam Ó hÉigearthaigh, Tadhg Mac Suibhne agus Dónal Ó hÉalaithe ag léamh sleachta óna dhánta agus véarsaí eile dá chuid.

Tá clú agus cáil ar léirithe Aisteoirí Chúil Aodha ar go leor cúinsí.

Tá sárscoil ag an gcompántas beag seo sa scéal drámaíocht agus tá aitheantas náisiúnta bainte amach ag roinnt dá léirithe, ina measc An tOcras Mór, Diarmuid agus Gráinne, Bearbóir Seville agus go leor eile.

Cúrsaí Caide Chorcaí

Concubhar Ó Liatháin

BA mhó de chaithréim ná de choimhlint an bua ceannasach a rug mionúir Naomh Abán leo i gcluiche ceannais Chontae Chorcaí ar an Domhnach seo caite agus iad ag imirt Phobal Uí Chaoimh ó Dhúiche Ealla.

Le cúil ó Jamie Mac Giolla Bhríde tar éis dhá nóiméad agus ó Mhícheál Ó Duinnín, ba bheag an deis a tugadh do bhuachaillí Dhúiche Ealla sa chluiche leataobhach seo i nDrom Tairbh láimh le Sráid an Mhuilinn.

Faoi leath-am bhí Naomh Abán chun cinn, 3-10 le 0-4, ach cé go raibh níos mó den imirt ag Pobal Uí Chaoimh sa dara leath, ní raibh aon bhaol go gcuirfidís buachaillí Mhúscraí chun bóthair.

Tá sé scór bliain nach mór ó bhuaigh Naomh Abán craobh chontae na mionúir cheana (in 1993) ach tá foireann láidir ag an gCumann anois agus iad ag tabhairt aghaidh ar an todhchaí.

Ba é Seanachán Ó hUidhir, ball de Chumann Naomh Abán é féin, a bhronn an Corn go bródúil ar an gcaptaen, Diarmuid Ó Liatháin, thar cheann Choiste na nÓg, Craobh Chorcaí CLG.

“Tá ana bhród orm an Corn seo a bhronnadh,” a dúirt an tUasal Ó hUidhir. “Thug Naomh Abán ana thaispeántas ar pháirc an imeartha inniu.”

Bhí tinte cnámh lasta i gCúil Aodha, i mBaile Bhuirne agus i



Seanachán Ó hUidhir, Coiste 'Rebel Óg' Craobh Chorcaí CLG, ag bronnadh an choirn ar an gcaptaen buach, Diarmuid Ó Liatháin, Naomh Abán.

mBaile Mhic Íre le linn na camchuairte caithréimí a thug an fhoireann agus a dtacadóirí oíche Dhomhnaigh. Tá an paróiste ar fad feistithe le bratacha agus le comharthaí bóthar ag fogairt “Ádh Mór do Mhionúraigh Naomh Abán i gCraobh an Chontae”.

Trath cinniúnach é seo do Chumann Naomh Abán agus cuirfidh an bua seo le hiarrachtaí an Chumainn fás agus forbairt a dhéanamh in ainneoin na ndeacrachtaí eacnamaíochta.

Tá iarratas pleanála d’fhorbairt mhór ag Páirc an Choláiste curtha ag an gCumann faoi bhráid na Comhairle Contae le déanaí agus tá dianfheachtas bailithe airgid ar siúl le tamall agus go leor leor daoine ag tacú le crannchur an Chumainn.

Tá iarracht ar leith á dhéanamh freisin ag an gCumann maidir le cur chun cinn na Gaeilge. Foilsítear nuachtlitir dátheangach go rialta ina mbionn eolas faoi imeachtaí an Chumainn.

An Daingean

Ómós do Mhuiris Ó Rócháin

Breandán Mac Gearailt

DO shoiligh an ghrian ar chairde, gaolta agus muintir Mhuiris Uí Rócháin ar an Satharn seo caite i Sráid na Cathrach nuair a comóradh Aifreann cuimhne bliana a bháis.

Ócáid shollúnta ab ea í, ach bhí gné an ómóis ar cheannaithe a raibh i láthair, go modhúil. Chuir an triúr sagart, ag áireamh an Moinsíneoir Pádraig Ó Fiannachta agus Cór Chúil Aodha Fé stiúir Pheadair Uí Riada, spleodar, meanman agus suáilceacht leis an ócáid.

Ina dhiaidh sin chuaigh an cathlán anonn go dtí uaigh Mhuiris, mar a ndúradh paidir, aithrisíodh dánta, casadh amhráin, ceol agus deineadh dreas beag rinne. Ag caint dhó, dúirt an Fiannachtach go mba ghaiscíoch pobail thar meon, ab ea Muiris.

Dar leis gur é Contae an Chláir an contae is Gaelaí in Éirinn ag áireamh na gcontaetha ina bhfuil Gaeltachtaí. Ceann d’ócaidí álainne na hócáide ab ea na foinn cheoil a chas mac Mhuiris, Séamus, ar an bpíob uilinn.

Ar na dánta a aithrisíodh bhí dán taithneamhach le Seán Ó Coistealbha Fé Mhuiris agus tiomnaithe d’Úna, dán ag an bhFiannachtach ina ndeir sé, ‘Chuiris le ceol píbe ar



Úna Bean Mhuiris Uí Rócháin agus a mac Séamus ag uaigh Mhuiris.

fuaid na banban’, agus líne ó údar anaithnid, “Éanlaithe ar chiumhais faille ag ceilt cheoil mar ómós”.

Tagraíodh don ilchineálachas agus don éirim a bhain le Muiris mar mhúinteoir matamaitice, mar staraí, mar údar ar litríocht na Gaeilge, mar cheannaí stoic, mar fheirmeoir agus mar fhear geanúil éifeachtach.

Mura mbeadh Muiris agus an

bheartaíocht a dhein sé sa bhliain 1975 ach a ndeachaigh sé go Meiriceá le tacaíocht a aimsiú do Scoil Cheoil Willie Clancy, a bhí ag lámhacán san am, dar le Willie Hughes, ball sinsearach de Choiste Scoil Cheoil Willie Clancy, go dteipfeadh ar an iarracht.

Bhí sé féin agus a chairde ar a seacht ndícheall, ach bhí an t-easpa

airgid á gcriogadh.

“Níor chaill Muiris an mhisneach,” ar sé, “mar b’sheo leis sall go Meiriceá agus cibé slí a ionramháil sé é, fuair sé airgead a chuir thar abhainn sinn.”

Bhí Muiris ina bhall de Chomhaltas Ceoltóirí Éireann agus gan amhras ina cheann feadhain ar Scoil Willie Clancy, ach d’éirigh leis suaimhneas agus síocháin a chur i réim. “Tá Scoil Willie Clancy ina réalt órga agus Comhaltas coitianta ag déanamh gaisce ar ghaisce,” arsa Harry.

Ghaibh Úna, bean chéile Mhuiris, buíochas ó chroí le gach duine a chuir an strus ortha féin a bheith i láthair don ócáid. Moladh Úna mar ‘Páirtí Báid, fáilteach, féilteach go bhfuil an dea-bhraon agus sár-intleacht ag baint léi’.

Bhí bia agus ceol ann ina dhiaidh sin. Bhí leabhrán álainn réitithe ag Úna agus a chlann Séamus, Máire agus a gcairde ina bhfuil cuimhní cinn, dánta agus foinn cheoil nuachumtha.

Tá foinn nua ann ag Peadar Ó Riada agus Tommy Peoples, gearrthuarisc ar shaol Mhuiris ag Muireann Ní Dhroighneáin agus cuimhní cinn ag Harry Hughes, Éamon McGivney, agus Seán Ó Dúbhghaill.

ULOIDH NUACHT



Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelisceal.ie

Cluiche cuimhneacháin Michaela McAreavey

Gráinne Champion

TÁ Cumann Lúthchleas Gael Uladh in éineacht leis an Michaela Foundation ag eagrú ócáid tiomsaithe airgid i gcuimhne Michaela McAreavey agus ar an méid oibre a bhí déanta aici don Chumann Lúthchleas Gael sa chontae.

Beidh ‘Match for Michaela- a festival with football’ ar siúl ar an Satharn, an triú lá de mhí na Samhna ón a sé go dtí a deich i bPáirc Mhic Easmainn i mBéal Feirste.

Beidh Hector Ó hEochagáin ina hóstach don ócáid.

Tá an fhéile ag tnúth leis na mílte ó cheann ceann na tíre agus beidh an t-airgead ar fad a bhaileofar ag dul don ‘Michaela Foundation.’

Beidh Cúige Uladh agus Seaimpíní na hÉireann, Dún na nGall, ag imirt in aghaidh foireann Chúige Uladh. Is deis iontach é seo le breathnú ar fhoireann Dhún na nGall agus iad ag imirt in aghaidh bhur gcairde i gCúige Uladh.

Anuas air sin, is é an chéad deis é chun breathnú ar obair an bhainisteora Joe Kernan le tacaíocht ó bhainisteoir Thír Eoghain, Mickey Harte, agus Jim McGuinness curtha san áireamh! Meas tú an mbeidh an bua ag Jimmy an uair seo?

Beidh an ócáid seo ag cur fáilte roimh Chorn Mhic Uidhir go Cúige Uladh chomh maith, ar ndóigh.

Gealltar ceol den chéad scoth. Beidh Janet Devlin ón X-factor le cloisteáil agus ceoltóirí eile dá leithéid, mar aon le ceol traidisiúnta ón ‘Railway Band’ a chlúdaíonn amhránaí agus ceoltóirí ó Chúige Uladh.



Michaela McAreavey, nach maireann.

Tír Chonail

Daithí Alcorn ar Bhórd an Údaráis

Danny Brown i Rann na Feirste

FUAIR Daithí Alcorn as Fianna Fáil ainmniúchán ó Chomhairle Contae Dhún na nGall le dul ar Bhord Údarás na Gaeltachta ar an Luan seo caite.

Ní raibh san iomaíocht don phost sa deireadh ach Alcorn féin agus Pádraig Ó Dochartaigh atá neamhspleách ach a bhíodh ina bhall d’Fhine Gael roimhe seo.

Bhí Alcorn ag brath ar vótaí ó Shinn Féin leis an ainmniúchán a fháil agus dúirt Mick Quinn (SF) go raibh leisce orthu vóta a thabhairt



Daithí Alcorn, Fianna Fáil

do bhall d’Fhianna Fáil ach gur chreid siad go raibh sé tábhachtach go mbeadh glór ón bhfreasúra le cluinstitín ar Bhord an Údaráis.

De réir Quinn, léirigh an t-ainmniúchán an easpa daonlathais a bhí sa chóras nua a thug an tAire Dinny McGinley isteach ar na mallaibh.

Roimhe seo, bhíodh Gráinne Mhic Géidigh as Sinn Féin ina ball den Bhord ach, cionn is nach Comhairleoir Contae í, ní raibh áit ar bith ar an Bhord nua di, ná do leithéidí Bhriain Uí Dhomhnaill as Fianna Fáil.

Fógraíodh fosta Dé Luain go

mbeadh an chéad chruinniú ag an mBord nua i Leitir Ceanainn ag deireadh na seachtaine seo chugainn nuair a bheidh an tOireachtas ar siúl sa bhaile.

Ghabh Daithí Alcorn buíochas leis an gComhairle as é a ainmniú don Bhord agus mhol sé na daoine eile a bhíodh ag freastal ar an seanBhord as an obair a chuir siad isteach ina ról mar bhaill.

Dúirt Pádraig Ó Dochartaigh gur shábháil an tAire McGinley an tÚdarás leis na hathruithe a chuir sé i bhfeidhm ach níor aontaigh ceann ar bith de na páirtithe eile leis.

Sheachtain na Gaeilge i láthair le labhairt faoin bhfeachtas náisiúnta agus faoin tacaíocht atá ar fáil do ghrúpaí áitiúla.

Beidh an fhéile ar siúl an bhliain seo chugainn idir an 4ú agus 17ú lá de Mhárta agus beidh an cruinniú ag éisteacht le léirmheasanna ar fhéile na bliana seo agus ar bhealaí le cur léi an bhliain seo chugainn.

De réir Chaitlín Uí Laifeartaigh as Pobal Eascarrach agus Padaí Mac Aodha as An tSean Bheairic, atá ag eagrú na féile le blianta beaga anuas, beidh siad ag iarraidh ar an bpobal smaoinimh a thabhairt dóibh ar dhóigheanna le cur leis an bhFéile in 2013.

Beidh an fhéile náisiúnta ag iarraidh nascanna a dhéanamh leis an bhfeachtas náisiúnta “The Gathering” a bheas ag iarraidh daoine a mhealladh chun na tíre seo.

Chuir Brenda Ní Ghairbhí, bainisteoir leis an bhfeachtas náisiúnta, fáilte roimh an gcuireadh chuig an gcruinniú, ag rá go ndéanfadh sí a dícheall cuidiú le grúpaí áitiúla a bheith páirteach in imeachtaí áitiúla mar chuid den fheachtas náisiúnta.

Beidh an cruinniú ag toiseacht ar 7.00in san Áisionad i mBéal an Átha ar an Déardaoin beag seo.

Beidh an banna ceoil Artane, Michaela Girls Camp agus Little Stars Academy as Ard Mhaca ag seinm.

Tá an-oíche go deo geallta dúinn ina mbeidh ceiliúradh déanta ar bheatha Michaela, le cuimhní cinn, luachanna agus nádúr Michaela le brath agus a choimeád beo.

Tá ticéadaí le fáil don ócáid speisialta seo ar www.tickets.ie, ó Bhoird an Chontae agus ó chlubbanna CLG agus i siopaí Supervalu agus Centra atá ag glacadh páirt san ócáid. Cosnóidh ticéad £10/€10 do dhuine fásta agus £5/€5 le haghaidh páistí.

Pobal ag díriú ar fhorbairt na Gaeilge agus a feabhsú agus a cosaint

TÁ seimineár comhairliúcháin ar siúl maidin Déardaoin, 25 Deireadh Fómhair san Europa Hotel i mBéal Feirste chun dréachtstraitéis na

Roinne a phlé.

“Tugadh gealltanas maidir le straitéis na Gaeilge i gComhaontú Chill Rímhinn. Cuireann muid fáilte roimh an bpróiseas comhairliúcháin seo ina mbeidh deis ag an bpobal páirt a ghlacadh ann agus a dtuairimí a roinnt i leith dréachtcháipéis na Roinne” arsa Janet Muller, príomhfheidhmeannach na scátheagraíochta Gaeilge Pobal.

Déanfaidh Carál Ní Chuilín, an tAire Cultúir, Ealaíon agus Fóilíochta, an ócáid a sheoladh agus beidh feidhmeannaigh shinsearacha de chuid na Roinne ann leis an doiciméad comhairliúcháin a chur i láthair agus le ceisteanna a fhreagairt.

“Shíl muid gur chóir breathnú ar thairbhí áiteanna eile atá cosúil linn féin atá ag iarraidh teanga a chosaint agus a fhorbairt. Beidh aionna ó na 26 Chontae, comh maith le daoine ón mBreatain Bheag agus as Albain ag teacht le heolas a roinnt linn faoina dtaithí féin,” a dúirt sí.

Beidh Stiúrthóir Straitéis na Breataine, Iwan Evans, a bhfuil taithí aige ar phleanáil agus ar reachtaíocht teanga sa Bhreatain Bheag, ag caint linn maidir leis an straitéis atá

beartaithe. Beidh Cathaoirleach ar Bhòrd na Gàidhlig, Ealasaid Nic an tSaoir, ag labhairt ar Phlean Náisiúnta na Gaeilge in Albain. Díreoidh an tOllamh Dónall Ó Baoill ar straitéisí forbartha don Ghaeilge in Éirinn. Fear Gaeltachta atá ina saineolaí ar chúrsaí teanga é Dónall gan dabht.

Déanfar tuarascáil ar mholtaí an tseimineáir a bheas á chur faoi bhráid na Roinne. “Tá deis ag an bpobal a gcuid tuairimí a chur chun cinn maidir le straitéis na Gaeilge, rud a rachaidh os comhair na Roinne. Tá muidne ag moladh go láidir go rachadh an pobal i dteagmháil leis an Roinn i bhfoirm scríofa agus na moltaí atá acu a chur in iúl,” a dúirt Muller.


Tír Chonail
Seachtain na Gaeilge ar na Croisbhealaigh

Danny Brown

BEIDH cruinniú amárach (Déar-

daoín) in Áisionad Bhéal an Átha taobh amuigh den Fhál Carrach le moltaí a fháil ón bpobal maidir le Seachtain na Gaeilge 2013.

Is iad Pobal Eascarrach agus An tSean Bheairic a d’eagraigh an cruinniú agus beidh ionadaí ó oifig lárnach



Rónán Ó Snodaigh ag seinm le linn Fhéile na Carraige, in éineacht leis an chuid eile den ghrúpa Kíla, i mBéal Feirste ar na mallaibh.

Béal Feirste

Foirgneamh nua do Scoil na Fuiseoige

Colm Ó Broin

RINNEADH oscailte oifigiúil ar fhoirgneamh nua do Scoil na Fuiseoige i mBéal Feirste Dé hAoine seo caite.

Bhí an scoil lánGhaeilge ag feidhmiú i gcóiríocht shealadach ó osclaíodh é sa Ladhar (Twinbrook) in 1992.

Chuir an Roinn Oideachais ó Thuaidh £1.67 milliún ar fáil don fhoirgneamh nua

“Tá áthas orm gur tugadh cuireadh dom a bheith i láthair ag oscailt fhoirgneamh na scoile úire i Scoil na Fuiseoige,” arsa Micheál Ó Duibh, Príomhfheidhmeannach

Chomhairle na Gaelscolaíochta.

“Is cúis bhroid dom a bheith mar chuid d’earnáil atá go fóill ag fás agus ag forbairt. Is léiriú maith é Scoil na Fuiseoige ar an bhfás agus ar an bhforbairt sin in earnáil na gaelscolaíochta agus rachaidh infheistíocht na Roinne Oideachais go mór ar leas dhaltaí na gaelscolaíochta sa chuid seo de Bhéal Feirste.

“Ba mhaith liom comhghairdeas ó chroí a dhéanamh le gach duine a raibh baint acu le Scoil na Fuiseoige, go háirithe Príomhoide na Scoile, Eilís Uí Neill, an Bord Gobharnóirí, foireann, tuistí, daltaí agus pobal iomlán na gaelsco-

laíochta sa cheantar.”

Thréaslaigh Ó Duibh leo “as an obair uilig atá curtha isteach acu leis an staid seo i bhforbairt na scoile a bhaint amach”.

“Tá áthas orm fosta go raibh Comhairle na Gaelscolaíochta ábalta tacaíocht a thabhairt don scoil ina feachtas le cóiríocht chuí a fháil don scoil.”

“Tá an scoil seo anois go hiomlán réidh agus ullmhaithe chun riar ar riachtanais dhaltaí na gaelscolaíochta sna blianta atá amach romhainn agus guím gach ráth ar phobal na scoile sna blianta atá amach romhainn,” ar seisean.



Ré úr: Cathaoirleach Bhord Gobharnóirí Scoil na Fuiseoige i mBéal Feirste, Theresa Brady, le príomhoide na scoile, Eilís Uí Néill agus Aire Oideachais an Tuaiscirt, John O'Dowd, ag oscailt oifigiúil foirgnimh nua don ghaelscoil. GRIANGHRAF: MATT MACKEY/PRESSEYE.COM.

Pearsanú


Dúshláin agus deismireachtaí Gaeilge á bplé ag **Antain Mac Lochlainn**

Indeireadh a dhírbheathaisnéise *Ar Thóir mo Shealbha* (1960), chuir Tarlach Ó hUíid síos ar a aistear go Príosún Bhóthar na Cromghlinne i mBéal Feirste, áit a raibh sé i ndán dó fanacht ón bhliain 1940 go dtí deireadh an Dara Cogadh Domhanda:

‘Agus dhruid geatai an phríosúin go fadálach isteach ar mo chúl,’ an chríoch dhrámatúil a chuir sé leis an chéad imleabhar dá scéal féin. Cúig bliana is fiche ina dhiaidh sin a foilsíodh an dara himleabhar, *Faoi Ghlas*, agus i bhfíorthosach an leabhair sin tá ceartú ar an méid a scríobhadh ceathrú céid roimhe sin: ‘An tráth úd ní raibh mé go fóill chomh cruinnchúramach ná chomh mionchúiseach agus atá anois faoi úsáid focal, nó is “druideadh” ba chóra a scríobh.’

Ba é an bunús a bhí aige leis an bheachtú sin, is cosúil, nár cheart gníomh a chur i leith rud nach bhfuil croí, anam ná inchinn ann. Trasnáil ón Bhéarla *‘the gates closed behind me’*, más fíor, ba chúis le ‘dhruid na geataí isteach ar mo chúl’. Níl mise ag teacht leis an méid sin. Measaim gur easpa muiníne a thug ar an údar é féin a cheartú.

Fear de shliocht Protastúnach
Ultach a bhí i dTarlach Ó hUí, a
rugadh i Sasana agus nár thosaigh a
fhoghlaim na Gaeilge go dtí go raibh
sé ina fhear óg.



Is foghlaiméoir Gaeilge atá ionamsa chomh maith agus tuigim go maith do dhaoine a mbíonn eagla orthu geasa na dea-Ghaeilge a bhriseadh.

Bíodh sin mar atá, ní léir dom é a bheith áiféiseach, i saothar liteartha, rud neamhbheo a phearsanú mar a rinne Ó hUid i gcás na ngeataí sin, amhail is go raibh an príosún féin i ndiaidh an scríbhneoir bocht a shlo-gadh isteach ina chraos.

Agus ní hí ‘saoirse na héigse’ an t-aon fhoras atá agam le mo chuid pléideála, mar cén chiall a bheadh le

‘druideadh na geataí go fadálach’ ach go raibh na hoifigigh phríosúin mall-triallach i mbun a gcuid oibre?

Nuair a bhímidne, foghlaimeoirí, idir dhá chomhairle faoi cé chomh hinghlactha is atá an leagan seo nó an leagan siúd, téimid a lorg samplaí ‘sna dea-leabhair’ a scríobh údair Ghaeltachta.

Tá ábhar againn a bheith buíoch do Chiarán Ó Duibhín as an bhunachar incheardaigh ‘Tobar na Gaedhilge’ a chur ar fáil dúinn, áis luachmhar a bhfuil an leagan is déanaí de le

híoslódáil ó
[http://www.smo.uhi.ac.uk/~oduib-](http://www.smo.uhi.ac.uk/~oduib-hin)
 hin.

Is ann a fhaightear samplaí mar ‘Chonnaic sé an doras ag druid ’na dhiaidh’ agus ‘Dhruid doras La Seuliere ’na dhiaidh’. Sin dhá shampla as téacsanna le Séamus Mac Grianna, mura miste leat.

Déanaim amach go ndeachaigh
Tarlach uasal ródhian ar a chuid scríbh-
hinní féin.

Pointe ginearálta a éiríonn as seo: ní féidir ‘riail’ a leagan síos ag toirmeasc

ar scríbhneoirí gníomh a chur i leith rudaí neamhbheo. Déantar rudaí áirithe a phearsanú sa Ghaeilge ach oiread de teanga ar bith eile. ‘Cad é atá sé a dhéanamh?’ a deirtear, ag fiafraí i dtaobh na haimsire. Is minic a chuirtear tús le ceacht mórálta leis na focail ‘Is é a deir an Bíobla linn..’

Sa chomhthéacs sin, b'fhéidir nach bhfuil leaganacha mar 'Deir an tuarascáil' díreach chomh hola agus a mhaíonn lucht na bpeann dearg. Is ait liom, áfach, abairtí mar seo: 'Dar leis an tuarascáil, tá sé indéanta 42% dár gcuid leictreachais a bheith á nginiúint as foinsi in-athnuaite faoi 2020.'

Is ionann sin, de mo dhóighse, agus ‘Sileann an tuarascáil’ nó ‘Is dóigh leis an tuarascáil’. Rud amháin a thabhairt le fios go bhfuil teagasc nó dearcadh á chraobhscaoileadh ag foilseachán; rud eile ar fad cumas machnaimh a chur ina leith.

Struchtúr coitianta atá ann mar sin féin: déan cuardach Google ar ‘dar leis an tuarascáil’ agus cuirfear beagnach 30,000 toradh ar fáil. 3,700 sampla a fhaightear ar ‘dar leis an taighde’.

Seans nach bhfuil scríbhneoirí ag dealú mar is ceart idir ‘dar’ agus an leagan ceart: ‘de réir’. Nó b’fhéidir gur éiríomar ceanúil ar ‘dar’ de thairbhe nach mbíonn infhillleadh ina dhiaidh.

Tá tuilleadh áiseanna Gaeilge ar www.aistear.ie

TEICNEOLAÍOCHT

Scéal ait an Steve Eile

Diarmuid Ó Muirgheasa

Ar ndóigh is fathach é Apple anois – an comhlacht is mó ar domhan faoi láthair, ó thaobh caipitliú margaidh de. Ach níorbh ionann cúrsaí 35 bliain ó shin. An t-am sin, ní raibh sa chomhlacht ach triúr fear: Steve Jobs, Ronald Wayne agus Steve Wozniak. Duine den dá Steve, ar ndóigh, tá a ainm ar eolas ag gach mac máthar ar domhain. Ronald Wayne, d’fhág sé an comhlacht iontach luath gan mórán de scéal fágtha taobh thiar dó.

Steve Wozniak, áfach, tá scéal aige, ach is scéal, agus dá bhrí sin cáil, iontach éagsúil é ná mar a bhí ag Jobs. An aithneodh an pobal i gcoitinne é? Ní aithneodh, ach i gcomhlúadair áirithe tá sé chomh cáiliúil le réalt spóirt nó réalt rac ar bith. Agus tá cúis iontach maith leis an gcáil seo.

Ar dtús, in 1976, dhear sé ina aonar an Apple I. Is deacair cur síos a dhéanamh ar an gcumas innealtóireachta atá ag taisteáil chun a leithead de rud a chur i gcrích. Inniu, bheadh na céadta nó na mílte duine i gceist le ríomhaire iomlán a dhearadh, fiú ceann iontach simplí. Ach díreach bliain níos déanaí chuaigh sé céim mór níos faide, agus dhear sé



Steve Wozniak

an Apple II.

Ní hamhain gurb é an Apple II an chéad ríomhaire le grafaicí daite. Bhí sé in an-chuid slíte ar an gcéad “ríomhaire pearsanta”, mar a bheadh tuiscint againn ar an téarma inniu. I ndiaidh blianta fada nach raibh ríomhairí ann ach díreach do mhionphobal teicniúil, bhí cuireadh c chóisirí ann anois do mhórámh an phobail. Den chéad uair riamh, bhí ríomhaire ann dóibh siúd nach ríomh-eolaithe iad.

Cé gur dhear Wozniak an ríomhaire, bhraith sé ar chabhair Jobs in an-chuid slite. Faraor, níor thuill Jobs i gcónaí an muinín a bhí ag Wozniak ann. In eachtra amháin, go luath roimh dhearaidh an Apple II, rinneadar beirt obair don comhlacht cluichíochta Atari. In ionad an \$2,500 a bhí ag dul dó, níor thug Jobs ach \$350 de pháid do Wozniak, ag rá leis nár ioc Atari an fuilleach.

Deirtear nach raibh aon bhaint ag an eachtra sin leis, ach go luath i ndiaidh an Apple II d'fhág Wozniak comhlacht Apple. Ní raibh sé ar a chompord ag obair mar chuid d'fhoireann, agus anois go raibh foireann ann bhí Apple ábalta maireachtáil gan é.

Ait, b'fhéidir, ach chuaigh an fathach innealtóireachta seo ag múineadh daltaí meánscoile go luath ina dhiaidh sin, agus níor dhear sé rud ar bith ó shin.

‘Caitear go holc le lucht iarrtha tearmainn sa tír seo’

Tá neamart á dhéanamh ar chearta bunúsacha lucht iarrtha tearmainn sa tír seo, dar le **Sue Conlan**, Príomhfheidhmeannach Chomhairle Dídeanaithe na hÉireann (CDÉ).

Méabh Ní Thuathaláin

D’fhoilsigh an CDÉ tuarascáil, ‘*Difficult to believe*’ an tseachtain seo caite, ina bhfuil cáineadh láidir déanta ar an bpróiseas iarrtha tearmainn agus tá moltaí athbhreithnithe ann.

Díúltaíonn Éire do níos mó iarratas tearmainn ná aon tír eile san Eoraip. In 2011 glacadh le 135 dídeanaí in Éirinn i ndiaidh dóibh dul tríd an próiseas tearmainn. B’ionann sin agus 5% de na hiarratas a cuireadh faoi bhráid Oifig an Choimisinéir Um Iarratais Ó Dhídeanaithe (OCID) agus an Bhinse Achomhairc do Dhídeanaithe (BAD). Anuraidh, ghlac an Bhreatain le breis agus ceithre oiread níos mó ná mar a ghlac Éirinn, b’ionann sin agus 22.7% de na hiarratas tearmainn.

“Ardaíonn an taighde cuid mhór ceisteanna maidir leis an bpróiseas iarrtha tearmainn in Éirinn. Tá ‘cultúr an amhras’ i measc na ndaoine a dhéanann na cinntithe agus tá go leor daoine a bhfuil iarratas dlisteanach acu atá á ndiúltú,” a dúirt Sue Conlan.

Lochtanna móra a bhaineann leis an bpróiseas iarrtha tearmainn

Tá cúiseanna éagsula le ráta ard na n-iarratas a dhiúltaítear, dar le Conlan.

“Tá ar dhaoine foirmeacha casta a líonadh agus agallamh a dhéanamh atá de mhíbhuntáiste acu. Ní fhaigheann siad aon chomhairle ó dhlíodóirí agus bíonn deacrachtaí acu iarratas mar is ceart a chur le chéile,” a dúirt sí.

Mura n-éiríonn leis an iarratas, agus ní éiríonn leis an gcuid is mó de na hiarratas a thagann faoi bhráid an OCID, téann sé ar aghaidh chuig an

mBínse Achomhairc do Dhídeanaithe. Tá cuid mhór amhras i leith na n-iarratas ina measc siúd a dhéanann na cinntí, dar le Conlan, agus amhras faoi riachtanais tearmainn na ndaoine.

“Tá sé chomh holc sin anois go gceapann siad gur imircí eacnamaíocha a bhformhór.

“Nuair a théann sé chuig staid an athbhreithnithe, is beag athbhreithnithe a dhéantar agus is annamh a éiríonn leis an achomharc,” ar sise.

De réir na tuarascála is déanaí, a rinne staidéar ar 86 iarratas, fuarthas amach gur minic go raibh neamhaird déanta ar fhianaise de chuid na n-iarrthóirí. I gcás amháin, bhí ball den Bhinse Achomhairc do Dhídeanaithe den turaim gur úsáid bean ‘éigniú’ ar mhaithe lena hiarratas a láidriú. Bheartaigh sé nach dtiocfadh leis glacadh leis an bhfianaise mar gheall nár luíodh sa cheistneoir é, cé go raibh tuaraisc iomlán faoi i nótaí de chuid OCID. Tá sé scríofa i réamhnóta na tuarascála ag an Ollamh Siobhan Mulally go bhfuil sé deacair a chreidiúint go ndeachaigh fianaise na n-iarrathóra áirithe seo in iomrall sa phróiseas tearmainn agus gur chaith ball den bhinse an t-iarratas amach beag beann ar an eolas a chur si ar fáil faoin eachtra thrámach a tharla di. Ceann de na fadhbanna a bhaineann leis an bpróiseas tearmainn ná nach féidir achomhairc a dhéanamh tar éis don Bhinse cinneadh a dhéanamh, seachas iarratas a chur faoi bhráid na cúirte d’athbhreithniú breithiúnach.

Tá riaráiste d’iarratas de 1,300 ar an liosta ‘neamhthosaíochta’, lena mbaineann iarratais tearmainn. Thóg-fadh sé 30 bliain ar an Ard-Chúirt an riaráiste sin a ghlanadh de réir mar atá



Ag seoladh na turascála ‘Difficult to Believe’ i mBaile Átha Cliath ar an gCéadaoin seo caite, tuarascáil de chuid Chomhairle Dídeanaithe na hÉireann (CDÉ), a rinne iniúchadh ar phróiseas iarratais lucht iarrtha tearmainn na hÉireann. Sa phictiúr ó dheis, tá Ciara McKenna cathaoirleach de chuid an CDÉ, an tOllamh Rosemary Byrne, Ollscoil na Tríonóide, agus Príomhfheidhmeannach an CDÉ, Sue Conlan. GRIANGRAIF: DEREK SPEIRS.

cásanna ag dul tríd an gcúirt faoi láthair.

Tá rogha eile ann d’iarrthóirí tearmainn a bheadh ag cur isteach ar chead fanachta.

“Cuid de na daoine, ní bheadh siad ábalta filleadh ar a dtíortha dúchais, mar gheall ar achran sa tír, tá cásanna eile curtha faoi bhráid na Roinne mar gheall ar chúrsaí sláinte, cúrsaí clainne agus a leithéid sin a mbeadh tionchar acu ar a n-iarratais. Tógann sé dhá bhliain, ar an mheán, don Roinn, cinneadh a dhéanamh ar iarratas cead fanachta,” arsa Conlan.

Soláthar Díreach “Gafa ó lá go lá i liombó”

Bíonn daoine ag maireachtáil sa chóras ‘soláthair dhíreach’ (direct provi-

sion) agus iad sa phróiseas tearmainn. Tháinig an soláthar dhíreach i bhfeidhm in 2000 mar réiteach sealadach ar sholáthar lóistín do lucht iarrtha tearmainn. Reachtaítear na hionaid seo ar nós brúnna. Cuirtear trí bhéile ar fáil sa lá agus faigheann daoine fásta €19.10 agus páistí €9.60 sa tseachtain. Níl cead ag na daoine atá sa chóras post a fháil, a mbeadh airgead le saothrú ann. Bíonn daoine ag fanacht sa chóras seo ar feadh ceithre bliana ar an meán.

“Tá na daoine seo gafa, ó lá go lá i liombó. Tá saol maireachtála uafásach acu agus ar ndóigh is ualach mór iad ar an stát mar nach bhfuil cead acu dul ag obair,” arsa Conlan. Tá an soláthar lóistín iomlán mí-oiriúnach do theaghlach agus do pháistí, dar leis an CDÉ. Faoi láthair tá thart ar 2,000 páiste ina

gcónaí sna hionaid lóistín seo, is ionann sin agus 1/3 de na daoine atá ag brath ar an soláthar díreach. Rinne an CDÉ staidéar ar na hionaid lóistín agus fuarthas go raibh fadhbanna sna hionaid maidir le plódú, easpa bia, sábháilteacht agus forbairt na bpáistí, bochtanas agus eisiaimh.

Ní raibh sé i gceist riamh go mbeadh daoine ag fanacht sna hionaid lóistín seo ar bhonn fadtéarmach. Ní hé gur príosúin iad na hionaid seo, sa dóigh is go bhfuil na geataí oscailte agus go bhfuil cead ag daoine teacht agus imeacht, ach tá sconsaí móra síceolaíochta in airde ar bhealaí difriúla, dar le Conlan.

“Seans nach bhfuil sé de chumas ag na daoine sin imeacht. Bhuaill mé le bean amháin san ionad i Maigh Muirí,



Teachtaireacht láidir ag bean atá ag iarraidh go gcaithfí le lucht iarrtha tearmann mar a chaitear le saoránaigh eile.



Daltaí scoile atá ag cur futhú in ionad lóistíne Sruthán an Chnoic i gCathair na Gaillimh agus iad i mbun agóide ar an Aoine seo caite maidir le dúnadh Lisbrook, áit ina bhfuil 270 iarrthóir tearmainn á mbogadh chuig ionaid lóistín timpeall na tíre.

nár fhág an t-ionad le dhá bhliain anuas. Tháinig bean eile chugam ón tSomáil a raibh triúir páistí aici in Éirinn agus fuair sí amach i ndiaidh seacht mbliana sa chóras go raibh cead fanachta aici. Bhí sí trína chéile mar gur mhothaigh sí nach raibh sé de chumas aici dul amach sa phobal agus maireachtáil léi féin. Rinneadh í a dhíchumhachtú ar gach slí le linn na seacht mbliana sa chóras,” arsa Conlan.

Bagairt leanúnach maidir le díbirt

De réir staitisticí a tháinig ón Roinn Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí, rinneadh 3,574 iarrthóir tearmainn a dhíbirt ón stát in 2009; 2,734 in 2010; 2,577 in 2011 agus 1,752 go dtí seo i mbliana, tar éis diúltú dá n-iarratas. Tá sé ráite ag an Roinn nach féidir a bheith cinnte maidir le líon na n-iarrthóirí a d’fhág mar gheall ar ordú díbeartha nó a d’fhág ar bhonn deonach mar nach bhfuil rialú ar an mbealach amach as an tír. Tá bagairt leanúnach maidir le díbirt a chothaíonn atmaisféar ina mbíonn inní agus buairt go mór i réim i measc na ndaoine sna hionaid. Ach nuair a fhaigheann duine ordú díbeartha ní dhéantar iad a dhíbirt láithreach.

“Tá aithne agam ar dhaoine a fuair ordú díbeartha in 2008 agus atá go fóill sa tír. Cuid de na daoine seo, ní féidir iad a dhíbirt mar gheall ar chogadh atá ag dul ar aghaidh ina dtír dhúchais, mar sin tá siad gafa anseo.”

“Bíonn brú millteanach ar na daoine seo agus iad ag fanacht le lucht na díbeartha a theacht ina ndiaidh. In amanna tagann siad sin i ndorchadas na hoíche le daoine a chur ar eitleáin. Ní amháin go dtéann sé i bhfeidhm ar na daoine a bhfuil ordú faighte acu, ach feiceann daoine atá níos faide siar sa phróiseas cad atá ag tarlú; feiceann paistí a gairde ag imeacht agus cloiseann siad an raic,” a dúirt Conlan.

Bac ar Chearta Oibre Lucht Iarrtha Tearmainn in Éirinn

In 1999, cuireadh bac ar lucht iarrtha tearmainn poist a fháil in Éirinn. Éire agus An Danmhairg an t-aon dá thír san Eoraip nár shínigh an Treoir maidir le fáiltiú agus soláthar de chaighdeán íosmhéide i dtaobh lucht iarrtha tearmainn in 2003, treoir a thugann cearta oibre d’iarrthóirí tearmainn a bhíonn sa chóras ar feadh bliana.

“Fuair mé amach cúpla seachtain ó shin gur féidir le lucht iarrtha tearmainn sa Danmhairg obair a dhéanamh agus gan iad sa tír ach ar feadh sé mhí.

Cé nár shínigh siad an Treoir chuaigh siad céim níos faide ná mar atá molta. Mar sin, is í Éire an t-aon tír as an 27 tír atá mar bhallstáit an Aontais Eorpaigh nach ligeann do lucht iarrtha tearmainn obair a fháil,” a dúirt Conlan.

Níl Éire ná an Bhreatain ag teacht leis an treorach atá i réim sna tíortha eile atá san Aontas Eorpach.

“Níl na húdaráis ag iarraidh Éire a chur chun cinn mar thír atá tarraingteach ar aon bhealach do lucht iarrtha tearmainn.

“Má tá féidearthachtaí oibre, agus saol maireachtála níos fearr ar fáil, mothaíonn siad go mbeidh daoine ag iarraidh tearmainn a lorg anseo,” a dúirt sí.

“Tá sé soiléir, áfach, bunaithe ar an staidéir atá déanta i gCeanada nach dtéann sé i bhfeidhm ar líon na n-iarrthóirí. Mar a tharla nuair a tugadh ceart oibre do lucht iarrtha tearmainn, chuaigh sé chun tairbhe ar an ngeilleagar,” a dúirt sí.

Ciníochas ag leibhéal an stáit

Dúirt duine de na hiarrthóirí tearmainn atá ina chónaí i Sruthán an Chnoic, san ionad lóistín i nGaillimh a fógraíodh ar na mallaibh go bhfuil sé le dúnadh agus 270 iarrthóirí tearmainn le bogadh dá bharr, gurb ionann an próiseas tearmainn sa tír seo agus “ciníochas ag leibhéal an stáit”.

Tá an dúine áirithe seo, de bhunadh na Nigéire, sa phróiseas tearmainn le seacht mbliana anuas agus, dar leis,

“caitear linn mar a bheadh ainmhithe ann; níl cearta an ghnáthdhuine againn, níl cead againn obair a dhéanamh agus tá srian orainn i ngach gné dár saoil,” ar seisean.

Moltaí de chuid an CDÉ

Moltar sa tuarascáil ‘Difficult to believe’ gur cheart

- athbhreithniú a dhéanamh ar an gcóras iontrála do lucht iarrtha tearmainn;
- traenáil a chur ar fáil do lucht na gcinntí ionas go n-éascóidh siad an próiseas iarrtha tearmainn;
- córas achomhairc neamhspleách a bheith ann agus é a bheith ag feidhmiú ar bhonn trédhearcach;
- go mbeadh baill de chuid an Bhinse ceaptha go neamhspleách
- go mbeadh éisteachtaí poiblí ar siúl agus go mbeadh cinntí an bhinse

Trevor Ó Clochartaigh, Seanadóir atá iontach glórach ar chás na dteifeach

Córas Soláthair Dhíreach: “Tá an córas lochtach go bunúsach mar go bhfuil sé i lámha lucht gnó príobháideach, atá ag déanamh brabúis as staid leochaileach na ndaoine seo.”

Lóistín: “Ba chóir tithíocht shóisialta a chur ar fáil go luath, a bheadh níos feiliúnaí do theaghlach agus a thabharfaidh níos mó aird ar chearta an tsaoir.”

Obair: “Ba chóir cead teoranta a thabhairt do lucht iarrtha tearmainn maidir le dul ag obair agus freastal ar chúrsaí oideachais fad is atá a n-iarratais á bpróiseáil. Is daoine ardoilte, le sárchumas cuid mhaith den lucht iarrtha tearmainn a chuirfeadh le heacnamaíocht na tíre.”

Ráiteas ón Roinn Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí

Tá sé ráite ag an Roinn go bhfuil machnaimh á dhéanamh ag Oifig an Choimisinéir Um Iarratais Ó Dhídeanaithe (OCID) agus an Bhinse Achomhairc do Dhídeanaithe (BAD) maidir leis an tuarasc is déanaí de chuid an CDÉ. Tá an dá oifig i dteagmháil le hOifig Ard Choimisinéir na Náisiún Aonaithe le haghaidh Dídeanaithe, go háirithe ag leibhéal traelnáil ‘with a view to ensuring that appropriate standards continue to be maintained in the asylum determination process.’

le sonrú i bhfoilseacháin.

Tá feachtas a reáchtáil ag Comhairle Dídeanaithe na hÉireann dírithe ar athbhreithniú iomlán ar an soláthar lóistín do lucht iarrtha tearmainn atá i bhfeidhm faoi láthair, córas atá mí-oiriúnach do theaghlach agus do dhaoine atá ag fanacht sa chóras ar feadh i

bhfad, dar leo.

Tháinig níos mó iarrthóirí tearmainn ón Nigéir, ón bPacastáin agus ón tSín le cúig bliana anuas ná as tír ar bith eile. Léiríonn staidéir a rinneadh ar 86 chás, atá le sonrú i dtuarascáil de chuid an CDÉ, go bhfuil daoine ag teacht ó réimse leathan de thiortha de bharr cúiseanna éagsúla.

Gluais:

Teifeach: Deirtear in alt 1A de Choinbhinsiún na NA maidir le stádas na dteifeach 1951, gurb éard is teifeach ann ná ‘duine ar bith le cúis mhaith eagla go ndéanfaí gearleanúint orthu ar chúiseanna cine, creidimh, náisiúnachais, ballraíochta de ghrúpa sóisialta áirithe nó ar thuairim pholaitíochta, atá taobh amuigh de thír a náisiúnachais agus nach bhfuil in ann, nó de thoradh an eagla sin nach bhfuil toilteanach é féin a chur faoi chosaint na tíre sin.’

Iarrthóir tearmainn: Duine atá ag iarraidh aitheantas a fháil mar theifeach agus má éiríonn leis an iarratas, faigheann an té sin aitheantas mar teifeach.

NUACHT Litríochta

Le Meadhbh Ní Eadhra



Úrscéal nua ó Phádraic Breathnach le seoladh i Luimneach



SEOLFAIDH Liam Ó Dochar-
taigh an t-úrscéal nua, **Dear-
gadaoil i mBád fó Thoinn** le
Pádraic Breathnach in Áras
Chonradh na Gaeilge, 18 Sráid
Thomáis, Luimneach amárach,
Déardaoin 25 Deireadh
Fómhair, ag a cúig a chlog tráth-
nóna.

Dé hAoine seo caite, bhí
Pádraic ag léamh ag Páb-
hálaith an Nua-Phróis, Féile
IMRAM, in éineacht le Pádraig
Ó Siadhail agus Eilís Ní Anlu-
ain..

Is úrscéal campais é an leab-
har seo, breactha ag údar a
chaith bunáite dhá scór bliain
ag obair mar léachtóir i
gcoláiste tríú leibhéal. Is meafar
é an teideal do shaol cons-
póideach na hollscoile, an
fhírinne shuimiúil seachas aoir.
Ach cá bhfuil an chu-
madóireacht agus cá bhfuil an
fhírinne?

Idir ghearrscéalta, úrscéalta,
béaloideas is aistriúchán, seo é
an seachtú leabhar déag le
Pádraic Breathnach. Tá saothar
leis aistrithe go Béarla agus go
teangacha mar an Pholainnis,
an Albáinis, an Chróitis, an
Rómáinis agus an Ioruais.

Is féidir leabhar nua Phádraic
a cheannach sna siopaí anois, nó
a ordú ar www.cic.ie. Tá costas
€12 ar an leabhar.

Gearrliosta Ghradam Leabhar na Bliana Fógartha

Fógraíodh Gearr-
liosta Ghradam
Leabhar na Bliana
go hoifigiúil sa
Rotunda, Baile
Átha Cliath, ag meán lae ar an
Luan. Bhí aisteoirí i láthair
agus iad gléasta mar
phríomhcharachtair na leab-
har, mar shampla, Marius ó
Ailfi agus an Vaimpír, Lúcas Ó
Briain, an fear claimhte ó *An
Litir* agus an madra bán ó *Saol
an Mhadra Bháin*.

Is comórtas liteartha ar
leith é Leabhar na Bliana a
thugann aitheantas faoi leith
don tsárobair atá ar siúl ag
foilsitheoirí na Gaeilge agus
ag an am céanna a aithníonn
ról tábhachtach na scríbh-
neoirí agus na n-ealaíontóirí
sa phróiseas.

Is iad Foras na Gaeilge a
chuireann an duaischiste ar
fáil do na gradaim agus
Oireachtas na Gaeilge a
bhíonn i mbun riarachán an
chomórtais. Léiríonn sé an
Ghaeilge mar acmhainn
dhúlthbhainteach den oileán,
a bhfuil daoine le tallanna
nua ag plé léi agus ag cur brí
ú inti.

Tugtar cuireadh d'fhoil-
sitheoirí Gaeilge ar fud na tíre
leabhair a chur isteach ar
chomórtas le haghaidh an dá
dhuais ghradamacha;
Gradam Uí Shúilleabháin
(Leabhar na Bliana do
Dhaoine Fásta) agus Gradam
Réics Carló (Leabhar na
Bliana do Dhaoine Óga). Tá
duaischiste iomlán de
€22,000 ag dul leis na
gradaim seo.

“Scrúdaíonn na 10 leabhar
ar ghearrliosta na bliana seo
téamaí atá cuiditheach, dear-
fach agus cumasúil. Tá gach
leabhar lán de phearsantacht,
carachtar, féiniúlacht agus
scéalta corraitheacha a
chuireann caomhnú agus cur
chun cinn na Gaeilge in iúl os
ard,” arsa Liam Ó Maolaotha,
Stiúrthóir Oireachtas na
Gaeilge.

In 1922, thug Liam Ó Flait-
hearta, i dteannta slua de
lucht dífhostaithe Bhaile Átha
Cliath, ruathar faoin Rotunda
agus d'ardaigh siad bratach
dhearg na réabhlóide ar a
bharr. Anois, 90 bliain ina
dhiaidh, tá spiorad an scríbh-
neora chlúitigh tagtha ar ais i
bhfoirm saothair a bhí caillte,

Dorchadas, atá ainmnithe
inniu do Ghradam Leabhar
na Bliana.

Ar an ngearrliosta do Leab-
har na Bliana do Dhaoine
Fásta tá Cló Iar-Chonnacht le
Ar Nós an Pháiste le Pádraig
Standún. Níl Stiofán Ó hAnlu-
ain ar nós aon ghnáthdhuine
eile agus é ag tabhairt cuairte
ar Mhúsaem Van Gogh in
Amstardam. Tá an galar
Alzheimer air agus tá sé tar éis
éalú as teach altranaís in
Éirinn. Sa ghailearaí uachtair,
téann Stiofán suas ar ucht-
halla atá trí stór os cionn na
talún. Tá súile chuile dhuine
sa mhúsaem air. An léimfidh
sé? Tá Stiofán idir dhá
chomhairle. Nó trí cinn...

Tagann Coiscéim chun
cinn leis an leabhar *Rogha
Dánta* le Louis de Paor. Mar
aon le snáitheanna aonaracha
fite fuaite le chéile, cuireann
an cnuasach dánta seo ar
chumas an duine ní hamháin
naisc, ach aistir nua a
chruthú.

Is siombail dá ábharthacht
sheasmhach d'Éirinn é ‘fil-
leadh’ seo Uí Fhlaithearta. Tá
a dhráma, *Dorchadas*, foil-
sithe anois ag Arlen House
den chéad uair. Sa réamhrá le
Brian Ó Conchubhair, cuirtear
béim ar thábhacht an
tsaothair laistigh de léacsacan
na litríochta Gaeilge agus
tugann sé léargas nua ar shaol
agus ar phrionsabail pho-
laitiúla an údair.

Ar an ngearrliosta seo
chomh maith, tá *An Litir* arna
scríobh ag Liam Mac Cóil agus
arna fhoilsiú ag Leabhar
Breac. Tugann an t-úrscéal
spleodrach spreagúil seo an
léitheoir trí chúlsráideanna
agus calafort na Gaillimhe sa
bhliain 1612. Leagtar cúram
rúnda ar mhac léinn óg,
Lúcas Ó Briain, cúram a thab-
harfaidh thar sáile é, i bhfad
óna chathair dhúchais atá
faoi smacht na Sasanach. Ach
sna sála air, tá duine de na
spíodóirí is brúidiúla agus is
fíochmhaire atá ag an
namhaid.

Tá dhá leabhar le Cois Life
ar an ngearrliosta, ceann i
ngach aon chatagóir. Is leab-
har mealltach agus cuim-
sitheach é *Dúlra Oileáin
Árann* le Con Ó Ruairc, atá ar
ghearrliosta an Leabhair do
Dhaoine Fásta, a thugann

léargas tuisceanach ar
uathúlacht oidhreachta agus
tírdhreacha oileán Árann.

Tá Ailfi agus an Vaimpír le
hOrna Ní Choileáin ar ghearr-
liosta Leabhar na Bliana do
Dhaoine Óga. Tugann an
saothar seo léargas ar shaol
Mharius, vaimpír speisialta ar
fearr leis rollaí fige agus cáca
milis ná fuil agus feoil.

I measc na dteideal eile atá
ar an ngearrliosta seo, tá Saol
an Mhadra Bháin le Riona Nic
Congáil agus maisithe ag
Criona Nangle, foilsithe ag
COMHAR.

Cloiseann Ciara go bhfuil
saol an mhadra bháin thart.
Ach cén chaoi ar tharla sé sin?
Is léir nach mian leis na
daoine fásta gach rud a insint
do Chiara faoi bhás an
mhadra bháin. Beartaíonn
Ciara a fháil amach céard atá
ar siúl acu agus céard go
direach a rinne siad lena cara
beag bán.

Léiríonn *Binjī - Madra ar
Strae* le Patricia Forde,
maisithe ag Brian Fitzgerald
agus foilsithe ag Futa Fata
saol madra bhig atá imithe

amú sa chathair mhór. Nuair
a chasann sé ar chat cliste
darbh ainm Cloigín, deir sise
gur féidir léi cabhrú leis a
bhealach a dhéanamh
abhaile. Ach an féidir léi?

Úrscéal bríomhar ábhartha
do léitheoirí ó 10 mbliana
d'aois is ea an leabhar
Tubaiste ar an Titanic le Máire
Zepf agus Olivia Golden, foil-
sithe ag Cló Mhaigh Eo. Is
mór an dúil atá ag Cormac
agus Brídín in eachtraí stair-
iúla ach nuair a aimsíonn siad
eochar aisteach i dteach a
seanmháthar bíonn eachtra
contúirteach i ndán dóibh
nach ndéanfaidh siad dear-
mad uirthi go deo!

Is í an leabhar dheireanach
sa chatagóir seo *Ó Chran* go
Cran ón bhfoilsitheoir An
tSnáthaid Mhór. Leabhar
gleoite í seo le Caitríona Hast-
ings agus maisithe ag Andrew
Whitson. Déanann an leabhar
seo cur síos ar an mbrón atá ar
Nia mar go bhfuil an teagh-
lach ag fágáil a mbaile faoin
tuath.

Tá dream amháin speisialta
a gcaithfidh Nia slán a fhágáil

acu - na préacháin a bhfuil
cónaí orthu sa chrann cnó
capaill ag bun an ghairdín.
“Slán agaibh, a chairde” a deir
sí. “Ní fheicfidh mé arís sibh.”


Ach an bhfeicfidh sí go deo
arís iad?

“Ba mhaith liom tréaslú
leis na hainmnithigh,” a dúirt
Ferdie Mac an Fhailigh,
Príomhfheidhmeannach
Fhoras na Gaeilge. Léiríonn
gearrliosta na bliana seo go
bhfuil glúin nua de scríbh-
neoirí Gaeilge ag cur a gcuid
saothar agus tallann ar tais-
peáint do léitheoirí uilig na
hÉireann.


Léiríonn a gcumas agus a
samhailteacht peirspic-
tíochtaí nua. Tugann sé tuil-
leadh spreagtha dóibh siúd a
bhaineann taitneamh as an
nGaeilge agus a fhéachann
uirthi mar acmhainn ar
dhóigh dhaonna agus gheil-
leagrach araon.”

Fógrófar buaiteoirí
Ghradam Uí Shúilleabháin
agus Ghradam Réics Carló Dé
Céadaoin 21 Samhain 2012 ag
ócáid faoi leith san Sugarclub
i mBaile Átha Cliath.


Dhá leabhar nua ó Leabhar Breac



Gealach le Seán Mac Mathúna



“Ceann de na leabhair is fearr dá bhfuil léite agam
sa Ghaeilge.”



An Litir le Liam Mac Cóil



“Ropann an léitheoir ar aghaidh ó leathanach go
leathanach.”

TEILIFÍS agus RAIDIÓ

Le Méabh Ní Thuathaláin

Cumhachtaí leighis ag tobar Ghleann na nGealt?

DÉANANN an clár faisnéise, de chuid Sibéal Teo, iniúchadh ar an traidisiún agus an an bhunús leighis agus a bhaineann le tobar i nGleann na nGealt in iarthar Chiarraí.

Tá tagairtí faoin tobar áirithe seo i gcáipéisí éagsúla stairiúla, a théann siar na céadta bliain. Creideadh go raibh cumhacht leighis ag an uisce a tháinig ón tobar do dhaoine a raibh an galar dubh orthu agus tá go leor sa bhéaloideas áitiúil.

“Tá cuid mhór tráchta ar an tobar sa bhéaloideachas agus sa stair bhéil thart fán cheantar. Glacann Brighid O’Connor agus a hathair, Tom O’Connor, páirt sa chlár agus is cuimhin leis daoine ag teacht chun an tobair ag tús an chéid seo caite,” arsa Niamh Ní Bhaoill, léiritheoir an chláir.

“Spéisiúil go leor, bhí Brighid O’Connor ag rá go raibh daoine i bhfad níos oscailte faoi cúrsaí meabhairghalair ná mar atá inniu agus nach raibh an stiogma céanna ag baint leis” arsa sise.

Tháinig na mílte daoine ó gach chearn den tír ag lorg leighis ón uisce a bhí sa tobar, traidisiún a mhaireann go dtí an lá atá inniu.

“Fiú agus an taifeadadh ag dul ar aghaidh, bhuail muid le daoine a bhí ag tarraingt ar an tobar leis an uisce a ól,” arsa Niamh.

“Bhíodh na sluaithe ag tarraingt ar an tobar leis na céadta bliain. Bhí sé



An file Dairena Ní Chinnéide a insíonn faoina taithí phearsanta ar an tinneas dépholach, agus an creideamh atá aici sa leigheas sa chlár Gleann na nGealt, 9.30in ar an Domhnach, 28 Deireadh Fómhair, ar TG4

de nós ag na cuairteoirí fanacht le daoine áitiúla agus iad ag glacadh uisce ón tobar, agus tá scéalta cloiste againn faoi dhaoine nach raibh ag iarraidh imeacht mar gheall go raibh

biseach ag teacht orthu,” arsa Niamh.

Déanann an síceolaí, Dr. Rose Shinkwin, chomh maith le saineolaithe i gcúrsaí leighis, staidéar ar cad go díreach atá san uisce agus

faigheann siad amach faoin dóigh a chuaigh an t-uisce i bhfeidhm ar an meabhairghalar.

Chomh maith leis sin, téann an file iomráiteach Daireana Ní Chinnéide,

bean a bhfuil an galar dépholach uirthi, faoina thaithí féin ar an meabhairghalar.

Amharc ar ‘Gleann na nGealt’ Dé Luain, 28 Deireadh Fómhair, 9.30i.n.

‘Siúlach Scéalach’

Sraith cartlainne de chuid RnaG, ag díriú ar bhlianta tosaigh an Oireachtais sa choicís amach romhainn

AGUS Oireachtas na bliana ag greadadh linn, tugann Ian Lee siar muid chuig blianta tosaigh an Oireachtais, sa chlár cartlainne ‘Siúlach Scéalach’, Dé Domhnaigh 1.15i.n.

Beidh ‘Siúlach Scéalach’ ag díriú an tseachtain seo ar Thionóladh an Chéad Oireachtais sa Rotunda, Baile Átha Cliath, sa bhliain 1897. Sna luathbhlianta, bhíodh Ard-Fheis Chonradh na Gaeilge ar siúl ag an am céanna leis an Oireachtas agus beidh tuaraisc ar an méid a bhí ag titim amach le cluinstitín ar an gclár.

“Beidh Fionán Mac Coluim sa chéad chlár agus é ag cur síos ar an gcéad Oireachtas sin sa bhliain 1897 a raibh sé féin i láthair aige mar theachta ó Chonradh na Gaeilge i Londain. Tugann sé cuntas ar a raibh i láthair, ina measc Pádraig Mac Piarais, Dubhghlas de hÍde agus Eoin Mac Néill,” arsa (Ian) Lee, an craoltóir agus an léiritheoir atá taobh thiar den chláir.

Déanann Peadar ó hAnnracháin

cur síos ar Oireachtas na bliana 1913 a tionóladh i nGaillimh agus tagraíonn sé do dhaoine mór le rá a bhí i láthair ann, ar nós Cathal Brugha, Éamonn Ceannt agus Éamon de Valera.

In 1915, bhailigh lucht an Oireachtais le chéile i nDún Dealgán. Bhí an Chéad Chogadh Domhanda faoi lán seoil agus scoilt mhór sa Chonradh mar gheall go raibh Redmond ag maíomh gur chóir d’Éireannaigh tacú leis na Sasanaigh.

“Tugann Piaras Béaslaí, fear a bhí cóirithe in éide na nÓglach, tuaraisc faoi imeachtaí cóirithe (suaite) an Oireachtais san am sin agus faoin dóigh ar éirigh Dhubhghlas de hÍde as Uachtaránacht an Chonartha,” arsa (Ian) Lee.

Chomh maith leis sin, beidh Pádraig Óg Ó Conaire le cluinstitín agus é ag déanamh a mhachnaimh ar an gcéad Oireachtas a d’fhreastal sé féin air in 1911. “Déanann sé cur síos ar an gcineál éadaí a bhíodh á gcaitheamh ag Conraitheoirí -



Ian Lee, fear na cartlainne agus an cheoil, ag coimhead siar ar bhlianta tosaigh an Oireachtais ar RnaG, Dé Domhnaigh 1.15i.n.

éadach dubh ar chuid acu agus ‘éadach breá garbh na Gaeltachta’ ar chuid eile acu. Déanann sé tagairt do “lucht na veistí bána” a bhfuil dear-mad déanta orthu anois. Labhraíonn sé faoi Thomás Ó Criomhthain, an t-oileánach, ar chas sé air ag Oireachtas amháin,” a dúirt sé.

Sraith í Siúlach Scéalach atá bunaithe ar ábhar a thaifead Proinsias Ó Conluain, Ciarán Mac Mathúna, Séamus Ennis agus Seán Mac Réamoinn do Raidió Éireann sna 40í. In 1947, fuair Raidió Éireann aonad taistil taifeadta den chéad uair agus thug siad cuairt ar gach aon cheantar Gaeltachta sa tír le Gaeilge dúchasach a thaifeadadh agus a chur ar fáil don phobal.

Chomh maith leis na príomhGhaeltachtaí, rinneadh taifid i mbreac-Ghaeltachtaí agus in áiteacha nach bhfuil ina nGhaeltachtaí a thuilleadh atá mar chuid den tsraith fosta.

“Bhí saibhreas an t-am sin nach bhfuil ann anois agus a rian sin ar

Chartlann Fuaime RTÉ. Bhí ceantarcha Gaeltachta ann sna 40idí agus 50idí i gCo. Thír Eoghain, i gCo. Lú, agus i gCo. an Chláir mar shampla, nach bhfuil ann a thuilleadh, ach ar laghad tá taifead againn de na canúintí sin,” arsa Ian.

Is amhránaí ar an sean-nós é Ian agus fear a bhfuil spéis aige i gcúrsaí raidió.

“Éistim, agus d’éist i gcónaí, le gach cineál raidió agus achán cineál ceoil. Bhí dúil ariamh agam i gcúrsaí teanga agus is dóigh gur chuidigh sin liom san obair chartlainne. Tá tábhacht ar leith leis an ábhar a bhaineann leis an nGaeilge, níos mó ná mar atá leis an gceoil. Tháinig borradh mór ar chúrsaí ceoil ó shin, ach tá an saibhreas teanga a bhí ann san am sin imithe,” ar seisean.

Tá saineolais ag Ian Lee maidir leis an ábhar atá i gCartlann RTÉ. Chaith sé 18 mbliana déag ag obair sa chartlann go lánaimseartha agus ó shin tá sé ag déanamh cláracha bunaithe ar an ábhar cartlainne sin.



Gaeilge – Ardteistiméireacht 2013 Le Mícheál Ó Ruairc

An Bhéaltriail / Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal Leagan Amach an Scrúdaithe

Cuid 2 (ar lean) – Cur síos ar Shraith Pictiúr, An Comhrá

3. Cur síos ar Shraith Pictiúr 80m

Seo mar atá cúrsaí faoi láthair:

- Tá fiche leathanach ann agus sraith de **shé** phictiúr ar gach aon leathanach
- Cuirtear na leathanaigh seo chuig na scoileanna ag tús an chúigiú bliain agus beidh deis ag daltaí gach sraith pictiúr a ullmhú don scrúdú cainte
- Roghnóidh an scrúdaitheoir **go randamach** an leathanach ar a bhfuil an tsraith pictiúr sa scrúdú
- Tabharfar píosa beag ama don dalta an scéal atá sa tsraith pictiúr a oibriú amach
- Beidh ar an dalta cur síos a dhéanamh ar na himeachtaí/eachtraí atá léirithe sa tsraith pictiúr. Beidh an scrúdaitheoir ag súil le cuntas cuimsitheach ón dalta agus Gaeilge bhinn bhlasta ina theannta!
- Tar éis cur síos a dhéanamh ar an tsraith pictiúr, caithfidh an dalta **trí cheist** a chur ar an scrúdaitheoir faoi ábhar na bpictiúr (ceisteanna eolais a bheidh i gceist):
 - Mar shampla:** Cad chuige go raibh eagla ar an mbuachaill?
 - Cá raibh an tarbh mór dubh?
 - Cad a rinne madra an fheirmeora?
- Ansin cuirfidh an scrúdaitheoir **trí cheist** ar an dalta:
 - Mar shampla:** Cad chuige nár léigh an buachaill an fógra?
 - Cén fáth go ndeachaigh sé isteach i bpáirc an fheirmeora?
 - Conas go raibh an t-ádh leis an mbuachaill, dar leat?

Nodanna

- Is féidir an cur síos ar na himeachtaí atá sa tsraith pictiúr a dhéanamh sa Aimsir Chaite nó san Aimsir Láithreach
- Déan an cur síos i d’fhocail féin. Níl sé ceart go mbeadh an cur síos foghlamtha de ghlanmheabhair agat.
- Ní mór duit na briathra, go háirithe na briathra neamhrialta, a bheith ar eolas agat
- Tá sé tábhachtach go mbeadh idirphlé/cumarsáid sásúil idir an scrúdaitheoir agus an dalta faoi ábhar na bpictiúr sa chuid seo den scrúdú cainte
- Is é seo a leanas an córas marcála a úsáidtear sa mhí seo:
 - Cumarsáid = 50 m
 - Cumas teanga an dalta = 20 m
 - Ceisteanna agus freagraí = 10m**Iomlán = 80 m**

Nathanna áisiúla

1. An Aimsir Bhí sé ag stealladh báistí Bhí an ghaoth ag séideadh go láidir Bhí an ghrian ag scoilteadh na gcloch Bhí sé fuar agus fliuch Bhí sé go hainnis ar fad Thosaigh an sneachta ag titim Bhí tintreach agus toirneach ann	Bhí sí an-neirbhíseach ar fad Bhí áthas an domhain orm Tháinig cuthach feirge air Bhí an príomhoide ar buile linn Bhí sí ag crith le heagla Bhí siad réidh le ceangal Bhí sé go mór trí chéile
2. Cur síos ar dhuine Cailín álainn ba ea í Fear beag ramhar ba ea é Bhí gruaig fhada fhionn uirthi Spéirbhean cheart is ea í Seandúine críonna caite a d’oscail an doras	4. Nathanna áisiúla Ar ámharaí an tsaoil Ní raibh cíos, cás nó cathú orthu Bhí sé ar mhuin na muice Bhí siad i ndeireadh na feide I bhfaiteadh na súl Ar ais nó ar éigean Gan a thuilleadh moille I ndeireadh na dála Gan aithne gan urlabhra
3. Mothúcháin Bhíomar scanraithe roimh an madra crosta	

Ceisteanna agus freagraí

- Ceisteanna ón dalta**
 - Cá raibh** Seán ag dul?
 - Cad chuige** go raibh Caitlín as láthair, dar leat?
 - Cathain** a tharla an timpiste?
 - An síleann tú** go raibh an t-ádh le Máire?
 - Conas** ar éirigh leis an seanfhear éalú?
 - Cén fáth, dar leat**, ar chuir sé glao ar otharcharr?
 - Meas tú** an raibh an ceart ag an mbuachaill bréag a insint?
 - Cad a cheapann tú** faoin réiteoir?
 - Céard é do thuairim** faoin eachtra seo?
 - An cailín ciallmhar** í Úna, dar leat?
- Ceisteanna ón scrúdaitheoir agus freagraí ón dalta**
 - Cén sórt aimsire** a bhí ann? *Bhí sé ag stealladh báistí an mhaidin sin.*
 - Ar thaitin** an cheolchoirm leo, dar leat? *Thaitin an cheolchoirm go mór leo, dar liom.*
 - Ar chabhraigh** éinne léi? *Chabhraigh a cara, Aoife, léi na leabhair a chur isteach sa mhála.*
 - An raibh trua** agat do Thomás? *Ní raibh trua ar bith agam dó. Amadán críochnaithe atá ann.*
 - Cé a thug** an t-airgead di? *Ba í a hathair a thug an t-airgead di.*
 - Cá raibh siad** ar a laethanta saoire? *Bhí siad ar a laethanta saoire sa Spáinn.*
 - Ar chuala** Siobhán ag caoineadh, dar leat? *Nílím cinnte. B’fhéidir gur chuala Nuala í.*
 - Cé mhéad a chosain** na ticéid don chluiche? *Chosain siad €30 an ceann.*
 - An raibh brón** ar Pheadar, dar liom? *Ní raibh. Bhí áthas an domhain air, dar liom.*
 - Cé a d’eagraigh** an turas scoile? *An tUasal de Barra, an Príomhoide, a d’eagraigh é.*

4. Comhrá 120 m

Seo é an chuid is tábhachtaí den scrúdú cainte. Ní mór duit a bheith ábalta a chruthú anseo go bhfuil ar do chumas an Ghaeilge a labhairt go réasúnta saoráideach, go bhfuil foclóir agus stór focal réasúnta fairsing agat, go bhfuil do chuid Gaeilge cruinn, agus go bhfuil ar do chumas labhairt faoi ábhair éagsúla.
N.B. Ní scrúdú *eolais* atá i gceist ach scrúdú *cainte*.

Córas Marcála

Stór Gaeilge	75 marc
Cumas Labhartha na Gaeilge	45 marc
Iomlán:	120 marc

Stór Gaeilge

Ciallaíonn ‘stór Gaeilge’ an réimse foclóra agus an saibhreas teamnga a úsáideann tú sa chomhrá. Ba chóir go mbeadh stór Gaeilge leathan agat, nathanna áisiúla, seanfhocail agus frásaí ar bharr do theanga agat. Tá na nithe seo thar a bheith tábhachtach má tá tú ag iarraidh grád ard a aimsiú sa bhéaltriail.

Cumas Labhartha na Gaeilge

Ba chóir go mbeadh ar do chumas an Ghaeilge a labhairt **go líofa, saoráideach**. Teastaíonn **cruinneas** agus **saibhreas** ag an ardleibhéal. Caithfidh do chuid gramadaí a bheith cruinn agus beacht. Ní mór duit an **séimhiú, an t-urú, an síneadh fada** a fhuaimniú i gceart agus tú ag caint. Tá tábhacht faoi leith ag baint le haimsirí na mBriathra (na briathra neamhrialta ach go háirithe), an Tuiseal Ginideach, an Aidiacht Shealbhach, an Forainm Réamhfhoclach, Uatha agus Iolra agus mar sin de.

Tá seanfhocal cáiliúl ann a deir **‘is binn béal ina thost’** ach ní sa bhéaltriail! Caithfidh tusa an chuid is mó den chaint a dhéanamh sa scrúdú. Caithfidh tú a bheith **cainteach**. Caithfidh **fonn cainte** a bheith ort.

Ní leor freagraí gearra, gonta. Freagraí fada a theastaíonn. Ná habair ‘sea’, ‘ní hea’, ‘tá’, ‘níl’! Ar a laghad caithfidh tú freagairt **in abairtí** i gcónaí.

Éist go gear leis an scrúdaitheoir. Is scrúdú **idirghníomhach** é seo, **comhrá** idir tú féin agus an scrúdaitheoir. Caithfear go mbeadh **cumarsáid** eadraibh. Ní seisiún ‘ceisteanna agus freagraí’ atá i gceist ach agallamh beirte.

Ná bí neirbhíseach. Bí ar do shuaimhneas. Lean ort ag caint go dtí go gcuirfidh an scrúdaitheoir stop leat. Tá marcanna móra ag dul don mbéaltriail. Ná déan dearmad air sin. Ach caithfidh tú iad a ghnóthú. Má dhéanann tú iarracht mhacánta agus má dhéanann tú gach ullmhúchán gur féidir leat a dhéanamh (ie. An Ghaeilge a labhairt **go rialta, leanúnach** roimhré) ní baol duit.



Gaelscéal ar Scoil

www.oideachas.gaelisceal.ie



Gaeilge – Ardteistiméireacht 2013 Le Mícheál Ó Ruairc

Páipéar I / Cuid II Ceapadóireacht

B. Scéal a chumadh

Is glas iad na cnoic i bhfad uainn

Ní fhéadfaí Jack Ó Baoill a shásamh. An lá áirithe seo – lá cinniúnach i saol Jack i bhfios nó i ngan fhios dó féin – d’fhill sé abhaile ón scoil agus straidhn feirge air. Chaith sé a mhála scoile faoin staighre agus rith sé suas an staighre go dtí a sheomra agus phlab sé an doras ina dhiaidh. Chrith an teach ó bhun go barr de bharr an torainn. Bhí máthair Jack sa chistin ag ullmhú an dinnéir. Chuala sí an doras ag plabadh. Suas an staighre léi agus chnag ar dhoras Jack.

‘Imigh leat!’

‘Oscail an doras, Jack, agus lig isteach mé.’

‘Imigh leat!’

D’oscail a mháthair an doras. Bhí Jack caite ar an leaba agus a cheann faoi aige. Bhí drochaoibh air.

‘Cad atá cearr anois, Jack?’

‘Faic!’

‘Jack, tá rud éigin cearr. Inis domsa cad atá ag cur as duit?’

‘Cuireadh ar fionraí mé.’

‘Cé a chuir ar fionraí thú?’

‘An príomhoide’.

‘Cad chuige?’

‘Rugadh orm ag ól Red Bull sa leithreas.’

‘Mo náire thú! Seo an séú huair duit a bheith ar fionraí i mbliana. Tuigeanntú anois nach mbeidh tú in ann dul ar ais ar scoil?’

‘Tuigim.’

‘Agus ...?’

‘Agus táim ag dul go Londain maidin amárach.’

‘OK.’

‘OK? An bhfuil aon rud eile le rá agat, a Mham?’

‘Níl faic eile le rá agam, Jack. Cuir do chuid balcaisí in ord agus in eagar, más ea. Tá do mhála tais-tíl sa gharáiste. Gheobhaidh mé duit é.’

D’imigh máthair Jack léi. Baineadh geit uafásach as Jack. Cad a bhí ar siúl? Níor thuig sé an t-athrú aisteach seo ina mháthair. Gach uair eile thaobhaigh sí leis. Théadh sí isteach ina theannta go dtí an scoil agus thógadh sí raic leis an bpríomhoide. An uair dheireanach a cuireadh ar fionraí é thug sí ide na muc is na madraí don phríomhoide. Bhí ar an bpríomhoide cúlú beagáinín agus géilleadh faoi dheireadh. Ach anois ...

Chaith Jack a bhalcaisí le chéile agus chuir isteach sa mhála taistil iad.

An tráthnóna sin ag an mbord níor labhair aon duine leis. Fiú a dheirfiúr chainteach, bhí sí ina tost anocht.

An mhaidin dar gcionn dhúisigh Jack ag a sé a chlog. Bhí a bhricfeasta ullmhaithe ag a mháthair dó.

‘Ar mhaith leat go dtabharfainn síobh go dtí an t-aerfort duit, Jack?’

‘OK’

Bhí cuma ghruama ar Jack.

D’fhág sé an chistin go maolchluasach agus d’aimsigh sé a mhála taistil.

‘Téanam ort,’ arsa a mháthair leis. Ar aghaidh leo. D’fhág sí slán ag Jack ag an aerfort.

‘Slán leat,’ ar sise, ‘tá súil agam go bhfeicfidh mé thú sula i bhfad. Má thagann tú abhaile arís cuir-fear fáilte romhat.’

D’imigh Jack leis. Ar shroichint Londain dó, thuig sé go raibh botún mór déanta aige. Mar sin féin, ba dhuine ceanndána é Jack. Fuair sé lóistín dó féin i Hackney. Ansin thosaigh sé ag lorg poist. Ní bhfuair sé aon phost. An oíche sin sa teach lóistín fuar, doicheallach, uaigneach, bhí Jack i ndeireadh na feide ar fad. Thosaigh sé ag gol go cráite. Tháinig tinneas baile uafásach air. Ag an nóiméad sin, thuig sé gurbh é féin ba chúis leis an achrann seo ar fad. Thuig sé go raibh príomhoide agus múinteoirí na scoile cráite, scolta aige lena gheáitsí amaid-eacha, drochbhéasacha. Thuig sé go raibh óinseach chríochnaithe déanta aige as a mháthair bhocht fhoigh-neach, fhadfhulangach sa bhaile. Thuig sé nach raibh ann ach dailtín dána loitithe gan chiall. Níor chodail sé néal an oíche sin ach é ag caoineadh go cráite sa lóistín fuar doicheallach i gceartlár London. An mhaidin dar gcionn bhailigh sé a chip is a mheanaí agus bhailigh sé leis as Londain. Nuair a shroich sé a theach cónaithe féin an tráthnóna sin cuireadh na múrtha fáilte roimhe. D’fháisc a mháthair agus a dheirfiúr chucu é agus phóg siad é go ceanúil. ‘Tá brón orm,’ ar seisean, ‘ach tá mo cheacht fogh-lamtha agam. Rachaidh mé chun cainte leis an bpríomhoide ar maidin agus iarrfaidh mé maithiúnas air.’ Rinne a mháthair meangadh beag gáire. ‘Is glas iad na cnoic i bhfad uainn ach ní bhíonn siad féarmhar,’ ar sise léi féin ós íseal.

GLUAIS

cinniúnach - fateful
drochaoibh - bad humour
ar fionraí - on suspension
balcaisí - clothes
thaobhaigh sí - she sided
ide na muc is na madraí - dog’s abuse
maolchluasach - crestfallen
doicheallach - hostile
fadfhulangach - long-suffering
dailtín - messer
loitithe - spoilt
a chip is a mheanaí - all his belongings
múrtha fáilte - great welcome
d’fháisc siad - they embraced
maithiúnas - forgiveness

Gramadach Gan Dua! 8

Ardteist agus Teastas Sóisearach

An Aidiacht Shealbhach

mo	ár
do	bhur
a (<i>his</i>)	a (<i>their</i>)
a (<i>her</i>)	

Focail a thosaíonn le consan:

mo chapall	ár gcapall
do chapall	bhur gcapall
a chapall (<i>his</i>)	a gcapall (<i>their</i>)
a capall (<i>her</i>)	

Focail a thosaíonn le guta:

m’athair	ár n-athair
d’athair	bhur n-athair
a athair (<i>his</i>)	a n-athair
a hathair (<i>her</i>)	

Samplaí:

- (i) Rinne sí **a cuid** oibre ar maidin.
- (ii) Ár **n-athair** atá ar neamh, go naofar **d’ainm**.
- (iii) Chuir sé **a mhála** ar **a dhroim** agus amach an doras leis.
- (iv) Tá siad **ina gcónaí** i lár na cathrach.
- (v) “Fágaigí an doras oscailte i bhur **ndiaidh**, a bhuachaillí.”

Cleachtaí

- (i) D’fhág Treasa a (eochracha) ina (diaidh) sa chistin.
- (ii) Tá an cailín ina (suí) cois tine.
- (iii) Seo é mo (cara) Dónall agus a (aintín) Rós agus a (uncail) Liam.
- (iv) Rinne siad a (cuid) oibre go dícheallach.
- (v) Chuir sé a (cóta) air.



is féidir íoc as síntiúis go sábhailte trí PayPal ag <http://www.oideachas.gaelisceal.ie/sintiuis/>
nó is féidir leat foirm shíntiúis a íoslódáil ag www.oideachas.gaelisceal.ie agus www.gaelisceal.ie.



Gaelscéal ar Scoil

www.oideachas.gaelsceal.ie



Gaeilge – Teastas Sóisearach 2013 Le Mícheál Ó Ruairc

An Bhéaltriail Roghnach

Cuid 2

An maith leat an scoil?

Uaireanta is maith liom an scoil, uaireanta eile ní bhím ró-cheanúil uirthi! Is aoibhinn liom an scoil Dé hAoine mar bím ag tnúth go mór leis an deireadh seachtaine. Ní bhíom ró-thógtha leis an scoil maidin Dé Luain, áfach! Tríd is tríd taitníonn an scoil liom ach b'fhearr liom a bheith sa bhaile nó arm o laethanta saoire.

Cad iad na hábhair a dhéanann tú?

Déanaim ocht n-ábhar. Seo iad: Gaeilge, Béarla, Stair, Tíreolaíocht, Reiligiún, Oideachas Saoránach Soisialta Polaitiúil (CSPE), Mata, Eolaíocht. Tíreolaíocht an t-ábhar is fear. Ábhar an-spéisiúil go deo atá ann agus tá an múinteoir tíreolaíochta ar fheabhas ar fad.

Cad iad na caithimh aimsire atá agat?

Tá a lán caitheamh aimsire agam. Is iad na cinn is fearr liom ná _____, _____ agus _____. Is aoibhinn liom scannáin. Téim go dtí an phictiúrlann le mo chairde uair sa steachtain ar a laghad. Is é an scannán is fear liom ná Now is Good. Scannán faoi chúrsaí grá atá ann. Tá na príomh-pháirteanna an nag Dakota Fanning agus Rose Leslie. Scannán an-rómánsúil agus an-bhrónach atá ann. Bhí gach éinne sa phictiúrlann ag caoineadh ag deireadh an scannáin!

An maith leat ceol?

Is aoibhinn liom ceol. Éistim le gach saghas ceoil. Is é an popcheol an ceol is fearr liom go go dtaitníonn rac-cheol agus ceol Gaelach liom freisin. An samhradh seo caite chuaigh mé fein agus mo chairde go dtí ceolchoirm de chuid Justin Bieber. Bhí sé san 02 i mBaile Átha Cliath. Bhí sé ar fheabhas ar fad agus bhaineamar taitneamh mór as an gceolchoirm sin.. Is iad One Direction an grúpa is fear liom. Ceapaim go bhfuil siad go hiontach. Táim ag tnúth go mór le iad a fheiceáil nuair a bheidh siad ag seinm i mBaile Átha Cliath an mhí seo chugainn.

An bhfuil suim agat sa spórt?

Is breá liom spórt. Is iad na spóirt is fearr liom ná _____, _____ agus _____. Beidh cluiche rugbaí ar siúl sa Staid Aviva an mhí seo chugainn agus tá sé i gceist agam a bheith ann. Bhí mé ag breathnú ar na Cluichí Oilimpeacha i Londain an samhradh seo caite. Bhí mé an-bhródúil go deo as Katie Taylor nuair a bhuaigh sí bonn óir sa dornálaíocht.


Conas a chaitheann tú na laethanta saoire de ghnáth?

De ghnáth tógaim sos agus ligim mo scíth. Cuidim le mo mháthair chun obair an tí a dhéanamh agus sa ghairdín chomh maith. An samhradh seo caite chuaigh mé fein agus mo chlann go dtí an Trá Mhór i bPort Láirge ar feadh coicise. D'fhanamar i dteach lóistín cois na farraige. Chuamar go dtí an trá gach lá agus chuamar ag snámh san uisce. Bhí an chéad sheachtain maith go leor ach bhí an dara seachtain ag stealladh báistí ó dhubh go dubh.

Cad a dhéanfaidh tú an deireadh seachtaine seo chugainn?

Beidh mé ag féachaint ar an teilifís oíche Dé hAoine. Rachaidh mé ag siopadóireacht le mo mham maidin Dé Sathairn. Oíche Dé Sathairn rachaidh mé chuig coisir le mo chairde. Caithfidh mé tráthnóna Dé Domhnaigh agus oíche Dé Domhnaigh ag staidéar.

Ceapadóireacht



D: Alt (do nuachtán nó d'iris) (50 marc)

Iarradh ort alt a scríobh d'iris na scoile faoin gcaoi a bhfuil cúrsaí spóirt i do scoil féin. Scríobh an t-alt a chuirfeá chuig eagarthóir iris na scoile.

Ar an gcéad dul síos ba mhaith liom a rá nach bhfuilim sásta in aon chor le cúrsaí spóirt i mo scoil féin. Ní dóigh liom liom go bhfuil cúrsaí spóirt sa scoil thar mholadh beirte, gan fiacail a chur ann.

Ní dóigh liom go leagtar béim go leor ar an spórt sa scoil. Tá mo chlár ama anseo agam ar an mbinse agus an t-alt seo á scríobh agam. Tugaim faoi deara nach mbíonn spórt ag mo rangsa ach dhá uair sa tseachtain: tráthnóna Dé Luain agus tráthnóna Dé hAoine. Seo iad an dá thréimhse is measa sa tseachtain le haghaidh spóirt, dar liom. Is beag fonn a bhíonn ar dhaltai páirt a ghla-cadh sa rang spóirt tráthnóna Dé Luain agus iad tuirseach traochta ó imeachtaí na deireadh seachtaine. Gan trácht ar thráthnóna Dé hAoine agus iad spionta amach ó obair thuisriúil na seachtaine!

Níl ciall ar bith leis. Ba chóir go mbeadh rang spóirt againn gach aon lá. Bheadh sé go hiontach dá mbeadh an rang deireanach gach lá curtha i leataobh don spórt. Bíonn gach éinne ina gcodladh le linn an ranga sin ar aon nós agus dhúiseodh cluiche peile nó cluiche leadóige as a suan iad!

Níl aon áiseanna spóirt sa scoil againn ach an oiread. Níl ann ach halla mór fothramach, páirc bheag imeartha, trí nó ceithre cinn de liathróidí agus feadóg amháin! I rith an gheimhridh agus an earraigh ní bhímid in ann dul amach go dtí an pháirc imeartha mar is iondúil go mbíonn sé faoi uisce! Fágann sé sin nach mbíonn ann ach an halla mór fothramach. Tagann tinneas cinn orm nuair a chaithim níos mó ná deich nóiméad istigh ansin. Níl spás go leor ann do shlua mór agus is ifreann ar chlár na cruinne é nuair a bhíonn sé pló-daithe.

Nílím sásta in aon chor le cúrsaí spóirt sa scoil seo. Ní dóigh liom go bhfuilimid ag fáil go leor cleachtadh coirp agus ní dóigh liom go bhfuil na háiseanna atá againn sách maith ach an oiread. Ba cheart d'údarais na scoile níos mó a dhéanamh chun an spórt a chur chun cinn sa scoil. Agus cad chuige nach bhfuil an spórt ina ábhar scoile cosúil le Mata, Gaeilge agus Eolaíocht?

GLUAIS

thar mholadh beirte - no use
spionta amach - exhausted
fothramach - noisy
sách maith - good enough

Ábhair Nua

Ag iarradh go gcuirfear ríomhphost chugat nuair a chuirtear ábhair nua ar an suíomh? Tabhair dúinn do sheoladh ríomhphost ag www.oideachas.gaelsceal.ie





Gaelscéal ar Scoil

www.oideachas.gaelisceal.ie



Comhar na
Múinteoirí Gaeilge

Nótaí tacaíochta le Comhar na Múinteoirí Gaeilge

SRAITH PICTIÚR 6 - Fadhbanna ar saoire

Ag obair i mbeirteanna déanaigí iarracht na ceisteanna thíos a fhreagairt. Is leor freagraí gearra simplí. Bain leas as an bhfoclóir agus na nathanna cabhracha thíos.

Pictiúr 1

Cá bhfuil an chlann sa phictiúr seo?
Céard atá i lámha na máthar?

Pictiúr 2

Céard atá ar an mballa san oifig?
Cá mbeidh an chlann ag dul ar saoire?

Pictiúr 3

Cé a chuir fáilte roimh an gclann ag an aerfort?
Céard a bhí á chaitheamh ag an ionadaí taistil?

Pictiúr 4

Cén chuma a bhí ar óstán Sol?
Cé leis ar labhair an t-athair i bpictiúr a ceathair?

Pictiúr 5

Cé mhéad duine atá i bpictiúr a cúig?
Cén leithscéal a thug an t-ionadaí taistil don chlann?

Pictiúr 6

Céard a bhí á dhéanamh ag na páistí sa phictiúr deiridh?
Cad is ainm don óstán nua i bpictiúr a sé?

Foclóir Úsáideach

1. sa chistin
2. cruinniú teaghlaigh
3. ag surfáil ar an idirlíon
4. léarscáileanna
5. ceann scríbe rogh-naithe
6. eidí oibre
7. mí-néata
8. áiseanna den scoth
9. eitleán
10. ionadaí taistil
11. salach
12. póstaer
13. fáilteoir
14. stailc ar siúl
15. spéaclaí gréine
16. fadhbanna
17. uasghrádú saor in aisce
18. óstán nua
19. cathaoireacha gréine
20. ag ligean a scíthe
21. linn snámha
22. ar mhuin na múice

Fadhbanna ar saoire



Oíche Shamhna - Teastas Sóisearach



Céard a dhéanann tú de ghnáth ar oíche Shamhna?

Cuardach na bhfocal

Aimsigh na focail bainteach le Oíche Shamhna. Tá deich gcinn ann! An féidir leat an teachtaireacht faoi cheilt a aimsiú?

B	A	I	N	I	S	V	H	G	Í	S	B	U	L	T
C	A	S	O	Í	A	C	C	B	Á	I	R	Í	N	C
Ó	A	H	E	I	S	H	A	A	M	H	E	N	A	N
I	Y	I	M	B	R	B	L	N	E	I	A	F	I	M
S	B	P	L	Q	O	U	T	H	R	V	C	Á	U	E
I	Í	J	A	L	X	T	A	D	U	Ú	E	Z	Q	B
R	E	H	N	K	E	M	E	R	B	S	I	C	T	H
A	Z	A	B	R	F	A	R	Q	L	P	H	L	U	A
B	F	O	N	X	S	G	C	I	P	C	N	Y	N	B
P	O	N	A	N	Y	N	M	H	A	M	B	D	N	U
E	W	T	Y	D	Ó	N	U	R	I	M	V	O	Y	Z
M	A	J	F	S	X	N	O	O	D	O	X	R	J	T
H	V	U	S	B	I	I	C	Q	L	H	Q	C	W	I
X	A	E	M	O	B	E	P	T	G	Q	Y	H	W	Y
B	L	C	G	C	P	A	O	E	K	S	H	A	U	R

Oíche Shamhna Réiteach

B	A	I	N	I	S	V	H	G	Í	S	B	U	L	T
C	A	S	O	Í	A	C	C	B	Á	I	R	Í	N	C
Ó	A	H	E	I	S	H	A	A	M	H	E	N	A	N
I	+	I	M	+	+	+	L	N	+	+	A	+	I	+
S	+	P	L	+	+	+	T	+	R	+	C	Á	+	+
I	Í	+	+	L	+	+	A	+	+	Ú	E	+	+	+
R	+	+	+	+	E	+	E	+	+	S	I	+	+	+
+	+	A	+	+	+	A	R	+	L	+	H	L	+	+
+	+	+	N	+	+	+	C	I	+	C	+	+	+	+
+	+	+	A	N	+	+	M	H	A	+	+	D	+	+
+	+	T	+	+	Ó	+	+	R	+	+	+	O	+	+
+	A	+	+	+	+	N	O	+	+	+	+	R	+	+
H	+	+	+	+	+	I	C	+	+	+	+	C	+	+
+	+	+	+	+	+	B	+	+	+	+	+	H	+	+
+	+	+	+	+	+	+	+	+	+	+	+	A	+	+

(Over, Down, Direction)

BIORACH(6,14,NE)
BREAC(12,1,S)
BÁIRÍN(9,2,E)
CAILLEACH(1,2,SE)
CNÓNNA(8,13,NW)
CREATLACH(8,9,N)
CÓISIR(1,2,S)
DORCHA(13,10,S)
HATA(1,13,NE)
MILSEÁIN(8,10,NE)
SCANRÚIL(6,1,SE)
VAIMPÍR(7,1,SW)

Teachtaireacht faoi cheilt = Bainigí sult as oíche Shamhna

Na focail: BIORACH, BREAC, BÁIRÍN, CAILLEACH, CNÓNNA, CREATLACH, CÓISIR, DORCHA, HATA, MILSEÁIN, SCANRÚIL, VAIMPÍR



Gaelscéal ar Scoil

www.oideachas.gaelisceal.ie



OSSP - Cumarsáid

Tá sé tábhachtach mar dhéagóir go bhfaigheann tú cleachtadh ar an dóigh le do chuid mothúcháin agus do chuid smaointe a chur in iúl do dhaoine eile ar bhealach éifeachtach, sláintiúil. Mar dhéagóir, athraíonn do chorp i rith caithreachais, athraíonn na mothúcháin go minic agus uaireanta bíonn sé deacair na mothúcháin seo a chur in iúl. Tá dhá bhealach ann chun mothúcháin a chur in iúl:

Cumarsáid i bhFocail

Seo nuair a deir tú amach an rud atá tú ag iarraidh a chur in iúl.

Cumarsáid gan Focail

Seo nuair a dhéantar cumarsáid trí chomharthaíocht choirp. Samplaí de chomharthaíocht choirp ná gothaí aghaidh, ag ithe d'ingne, ag gáire le duine agus ag filleadh do lámh nuair a bhíonn duine ag caint leat.

Scileanna cumarsáide

Seo a leanas scileanna cumarsáide a thabharfaidh cúnamh duit do chuid mothúcháin a chur in iúl go héifeachtach:

- **Teagmháil súil:** Déan teagmháil súil leis an duine a bhfuil tú ag caint leis. Tugann teagmháil súil le fios go bhfuil suim agat sa mhéid atá le rá ag an duine a bhfuil tú ag caint leis/léi.
- **Éist:** Tá sé tábhachtach éisteacht leis an duine atá ag caint. Tá sé seo riachtanach chun cumarsáid éifeachtach a dhéanamh. Má éisteann tú le duine tabharfaidh sé seo le fios dó nó di go bhfuil a gcuid tuairimí chomh tábhachtach céanna le tuairimí daoine eile.
- **Bí treallúsach.** Ciallaíonn sé seo go ndéireann tú go soiléir céard atá tú ag iarraidh agus cén

Díospóireacht sa rang

An aontaíonn sibh gur éisteoir maith duine a déarfadh: "Mura n-aontaíonn mé leis an rud atá le rá ag duine, stopann mé ag éisteacht ar fad".

chaoi a mothaíonn tú gan a bheith ag screadach agus ag goilliúint ar dhaoine eile.

- **Ná bí ionsaitheach.** Má dhéanann tú ráiteas diúltach faoi dhuine eile nó má bhíonn tú mímhúinte le duine ciallaíonn sé go bhfuil tú ionsaitheach. Ní bealach éifeachtach é chun do chuid mothúcháin a chur in iúl.
- **Ná bí éighníomhach faoi do chuid mothúcháin.** Ciallaíonn sé seo nach ndéanann tú aon rud faoi do chuid mothúcháin. Ní chuireann tú do chuid mothúcháin in iúl go soiléir.

Cumarsáid goilliúnach agus le meas

Tá sé tábhachtach a bheith goilliúnach nuair a bhíonn tú ag caint agus ag éisteacht le duine agus meas a bheith acu dóibh.

Cumarsáid fulangach, treallúsach agus ionsaitheach

Tá trí phríomhchineál stíl cumarsáide ann

1. Fulangach
2. Treallúsach
3. Ionsaitheach



Cur lipéad ar an triúr seo a leanas chun a léiriú an bhfuil siad ag taispeáint cumarsáid ffulangach, threallúsach nó ionsaitheach agus inis cén fáth a gceapann tú é sin.




OSPS - Cearta daonna

Le roinnt seachtainí anuas phléigh muid cearta daonna. Seo a leanas beirt a labhair amach ar son cearta daonna.

Nelson Mandela

Rinneadh dlíodóir de Nelson Mandela sa bhliain 1944 agus bhí sé páirteach sa Chomhdháil Náisiúnta Afracach, gluaiseacht cearta sibhialta síochánta. Ag an am bhí cearta na Afracach gorm a sárú agus d'oibrigh Nelson Mandela chun a gcearta a bhaint amach. Sampla de na cearta a bhí sáraithe orthu nach raibh cead acu a bheith páirteach sa rialtas ná úinéireacht a bheith acu ar níos mó ná 13% de thalamh na tíre.

Sa bhliain 1948, thug an rialtas mionlaigh bán polasaí apartheid isteach. Leag an dlí seo amach cén cineál saoil a bheadh ag daoine gorma. Leag an dlí síos go mbeadh áit do dhaoine gorma agus áit do dhaoine bána. In 1960, chuir an Chomhdháil Náisiúnta Afracach deireadh le apartheid agus in 1962 cuireadh Nelson Mandela sa phríosún. Chaith Nelson 27 mbliana sa phríosún. Léirigh daoine ar fud an domhain a dtacaíocht do Nelson Mandela tríd gan earraí as An Afraic Theas a cheannach. Mar shampla, in Éirinn ní láimhseáladh oibrithe Dunnes Stores aon earraí ón Afraic Theas. Ligeadh Nelson Mandela amach as an bpríosún sa bhliain 1990. An bhliain céanna chuir an rialtas nua Afracach deireadh leis an gcosc in aghaidh na Comhdhála Náisiúnta Afracach. Bronnadh Duais Nobel na Síochana ar Nelson in 1993.



Nelson Mandela



Martin Luther King



I rith 1950 bhí go leor dlíthe éagóracha i bhfeidhm in aghaidh daoine gorma

Martin Luther King

Rugadh Martin Luther King i Stáit Aontaithe Mheiriceá sa bhliain 1929. Nuair a bhí sé ar an Ollscoil léigh sé faoi Mahatma Gandhi agus bhí sé an-tógtha lena chuid smaointe faoi feachtasaíocht shíochánta.

I rith 1950 bhí go leor dlíthe éagóracha i bhfeidhm in aghaidh daoine gorma, m.s. ní raibh cead acu ach suí in áiteanna faoi leith i mbialanna agus i mbusanna. Mura mbeadh áit ar bus do dhuine bán chaithfeadh duine gorma eirí agus a shuíochán a thabhairt don duine bán. Lá amháin dhiúltaigh bean darb ainm Rosa Parks a suíochán a thabhairt suas do dhuine bán. D'éagraigh Martin Luther King feachtas inar dhiúltaigh gach duine gorm dul ar an mbus poiblí. Cuireadh Martin Luther King sa phríosún ar feadh 381 lá agus fad a bhí sé istigh sa phríosún fuair daoine dubha cead suí cibé áit a bhí siad ag iarraidh ar an mbus. Lean Martin Luther King ar aghaidh ag déanamh feachtasaíochta síochánta ar son cearta daonna gur feallmharaíodh é sa bhliain 1968.



Comhairle Gairmthreorach

Ábhar san ollscoil trí Ghaeilge ar lean

Is é Áras na Gaeilge lárionad na Gaeilge in Ollscoil na hÉireann. Tosaíonn cúrsaí an Árais ag leibhéal A2 do thosaitheoirí, leibhéal B2 meán leibhéal agus C1 ard leibhéal. Mura bhfuil tú ag iarraidh cúrsa foirmiúil a dhéanamh ach fós gur mhaith leat feabhas a chur ar do chuid Gaeilge tá seirbhísí eile trí Ghaeilge le fáil, mar shampla, Caifé na Gaeilge, Amharclann, Cumann Drámaíocht agus Cumann Staire.

Cúrsaí Páirtaimseartha

Tá céim nua BA sa Ghaeilge Fheidhmeach atá á reáchtáil go páirtaimseartha thar thréimhse ceithre bliana le haghaidh mic léinn aibí nach bhfuil aon chéim trí leibhéal bainte amach acu. Tá sé iontach go bhfuil a leithéid ann mar tá daoine in ann leanacht lena gcuid oibre má bhíonn post acu agus a bheith ag staidéar go páirtaimseartha ag an am céanna. Tá sé oscailte do scoláirí atá faoi 21 freisin ach caithfidh grad C3 nó níos airde a bheith acu san Ardteist. Níl an Ardteist riachtanach do mhic léinn aibí ach caithfidh siad agallamh a dhéanamh.

Bíonn roinnt modúl i gceist ach beidh siad seo le fáil ar líne agus beidh ábhar priontáilte le fáil freisin. Sa Siollabas beidh siad ag clúdach ceartúsaid na teanga, cúrsaí litríochta,

béaloideas agus stair chultúrtha, sochtheangeolaíocht agus gnéithe den iriseoireacht. Beidh sé riachtanach do mhic léinn freastal ar cheardlanna míosúla ar an Aoine nó ar an Satharn agus is sa trathnóna a bhíonn na ceardlanna ar siúl. Beidh céim leibhéal 8 bainte amach ag na mic léinn nuair a chríochnóidh siad na ceithre bliana.

Tá réimse leathan post is féidir a fháil tar éis na céim seo a bhaint amach, mar shampla, múinteoireacht, sa stáitseirbhís, san earnáil gnó, sa Roinn Gnóthaí Eachtracha. Chomh maith leo sin, tá postanna sna mean cumarsáide i TG4, RTÉ Raidió na Gaeltachta, in earnáil na turasóireachta agus sna hearnálacha poiblí. Rud eile atá tábhachtach ná go dtugann na Coimisinéirí Ioncain faoiseamh cánach ar tháillí dóibh sin a bhíonn ag freastal ar an gcúrsa seo. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ag www.revenue.ie/ga/tax/it/leaflets/it31.html Is féidir tuilleadh eolais faoin gcúrsa féin a fháil ag www.oegaillimh.ie/acadamh

Cúrsa eile páirtaimseartha is é an Dioplóma sna Dána (Scileanna Aistriúcháin)

Cúrsa dhá bhliain é seo a bhíonn ar siúl oíche amháin sa tseachtain i nGaoth Dobhair, Co. Dhún na nGall. Is cúrsa í seo a bheadh feiliúnach do dhaoine a bhfuil suim acu na scileanna is tábhachtaí a bheadh ag teastáil

chun focail/doiciméid a aistriú ó Béarla go Gaeilge nó ó Ghaeilge go Béarla. Ní mhór go mbeadh caighdeán ard Béarla agus Gaeilge acu cheana féin i labhairt agus scríobh na dteangacha sin. Taréis an chúrsa seo bheadh na scileanna a theastaíonn uathu acu chun díriú ar an aistriúchán mar shlí beatha. Níl céim ag teastáil chun spás a fháil ar an gcúrsa ach is gá grád B ardleibhéal sa Ghaeilge i scrúdú na hArdteiste nó a macasamhail. Chomh maith leis sin beidh scrúdú iontrála le déanamh le háit a fháil ar an gcúrsa.

Teastas/Diploma sna Dána - Léann an Traidisiúin

Más duine thú a bhfuil suim agat sa stair nó i bhforbairt pobail agus turasóireacht chultúrtha bheadh an cúrsa thuasluaite fíorshuimiúil duit. Tá sé dírithe ar dhaoine a bhfuil spéis acu i gcultúr dúchais agus sa bhéaloideas. Tá béim ar chaitheamh aimsire traidisiúnta, ar shlí beatha traidisiúnta, scéalaíocht, nósanna agus tuiscintí de chuid na muintire nó i gcúrsaí oidhreachta go ginearálta. Cúrsa páirtaimseartha dhá bhliain atá anseo freisin.

In Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge i gCarna a bhíonn an cúrsa ar siúl. Is iad na riachtanais iontrála atá i gceist ná caighdeán

sásúil Gaeilge agus spéis sna hábhair stairiúil atá luaite.

Ríomhaireacht agus an Dioplóma sa Ghaeilge

Bíonn an-tóir ar an gcúrsa seo ag mic léinn a bhfuil an Ardteist déanta acu mar go bhfuil béim ar scileanna i gcruinnscríobh na Gaeilge. Chomh maith leis sin tá scileanna ríomhaireacht agus scileanna oifige agus riaracháin i gceist. Cúrsa 25 seachtainí atá i gceist ina bhfuil taithí oibre san áireamh. Is iad na riachtanais iontrála ná pas i scrúdú ardleibhéal Gaeilge na hArdteiste nó a mhacasamhail. Tá réimse leathan deiseanna fostaíochta ar fáil in earnáil na Gaeilge agus na Teicneolaíochta. Beidh dhá cháiliocht le fáil tar éis na 25 seachtainí a chríochnú, Dioplóma sa Ghaeilge ó OÉ Gaillimh agus Ceadúnas Eorpach Tiomána Ríomhairí (ECDL)

Tá tuilleadh eolais agus foirmeacha iarratais le fáil ó Bhaba S Uí Loingsigh, Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, An Ceathrú Rua, Co na Gaillimhe.

Patricia Uí Fhlaithearta
Comhairleoir Gairmthreorach

Gaelscéal ar Scoil

www.oideachas.gaelisceal.ie

An Chomhairle um Oideachas
Gaeltachta & Gaelscolaíochta



Nua an tseachtain seo ag www.oideachas.gaelisceal.ie

Nua ar líne an tseachtain seo


- Podchraoladh Gramadaí: Éist le podchraoladh gramadaí ar na briathra ag www.oideachas.gaelisceal.ie
- Freisin féach ar fhíseán faoi príomhphointí na nótaí OSSP agus OSPS atá sa nuachtán an tseachtain seo.

Tá an t-ábhar seo leanas le fáil ar an suíomh:

- Ábhar tacaíochta do béaltrialacha na hArdteiste agus an Teastas Shóisearaigh
- Ábhar cluastuisceana
- Ábhar léamhthuisceana
- Ábhar teagaisc bunaithe ar na míreanna idirlín "Na Rúin" agus Údar
- Ábhar tacaíocht d'fhoghlaím na gramadaí
- Ábhar físe agus scríofa bunaithe ar théamaí churaclaim an OSSP agus OSPS.



Crosfhocal 24.10.2012



NODA

TRASNA

- 1 Caoga faoin chéad (5)
- 3 Céile an lacha (6)
- 8 Gníomh iontach nach dtuigimid conas a dhéantar é (9)
- 11 Ar leasa, ar mhaithe, ar __ (3)
- 12 Tionól ina bpléitear smaointe na ndaoine (5)
- 13 Gníomh déanta de bhrí díograis nó grá (7)
- 15 'Madra' na mara (3)
- 17 Pointe tosaithe (3)
- 20 Leacht dearg a iompraíonn ocsaigin timpeall an choirp (4)
- 21 Tréimhse (6)
- 23 Dearadh, scríobh, dealbhóireacht, srl (6)
- 25 Íoc, malartú earraí i gcomhair airgid (4)
- 26 Cuir trí thine (3)
- 28 Bhí níos mó ná ceann amháin ag na Ceiltigh - níl ach ceann amháin ag Críostaithe (3)
- 29 Na daoine a bhí i gCumann na mBan (3)
- 30 An mbeidh ceann acu seo amárach i gContae an Chláir (6)

SÍOS

- 2 Mórthimpeall orainn i gcónaí (3)
- 4 Dabht (6)
- 5 Álainn, tarraingteach (4)
- 6 Staidéar ollscoile (5)
- 7 Scéal a insítear le híomhá chun rud a mhíniú (6)
- 8 Deacair, pearsantacht shearbh(3)
- 9 Saighdiúirí na tíre (3)
- 10 Mothúchán sa bholg de bharr easpa bia (5)
- 13 Deannach, ábhar millte, plúr mar shampla (5)
- 14 An bhliain seo caite (8)
- 16 Caith deoch siar (2)
- 18 Deis (5)
- 19 Talamh maith, íseal, i lár sléibhte (6)
- 22 Gréasán (4)
- 24 Cónaí an éin (4)
- 27 Istigh (2)

Crosfhocal

17.10.2012

Buaiteoir na Seachtaine seo:

Mícheál ó hAodha,
Móin an Bhealach,
Trá Lí, Co. Chiarraí.



Duais na seachtaine

Bronnfar dearbhan €20
urraithe ag Cló Iar-Chonnacht
ar bhuaiteoir na seachtaine.

Ní mór iarratais a bheith ar ais roimh
 29.10.2012 chuig: *Crosfhocal, Gaelscéal,*
15 Sráid an Mhargaidh, Gaillimh.



Ainm

Seoladh

Fón..... Rphost.....

Indreabhán, Conamara, Co. na Gaillimhe. Tel. +353-91-593307
 www.cic.ie

An focal deireanach

Le Síle Ní Bhraonáin



Bíodh do Thuairim Agat!

Is minic a deirtear gur aoibhinn go deo an saol ina bhfuil muid ag maireachtáil anseo an Éirinn agus nuair a úsáidim an focal 'muid', is mná atá i gceist agam.

Mar, i gcuid mhór áiteanna ar fud an domhain, níl cearta ná cead cainte ag mná mar atá againn anseo.

Smaoinigh ar an gcailín óg a caitheadh sa Phacastáin mar gheall gur labhair sí amach faoi chearta oideachais a bheith ag cailíní óga sa tír sin. Malala bocht, ní raibh uaithi ach oideachas agus dul chun cinn a dhéanamh sa saol agus caitheadh sa gcloigeann í ar a bus scoile.

Ach anseo in Éirinn an bhfuil cearta agus cead cainte iomlán againn?

B'fhéidir nach bhfuil rudaí chomh dona agus atá siad i dtíortha eile ach fós fhéin bíonn daoine eile sách sciobtha a gcuid tuairimí a chur in iúl dhuit, agus droch íde béil a thabhairt dhuit mura n-aontaíonn siad leat.

Agus is ar an dóigh sin a fhaigheann mná drochainm dhóibh fhéin. Mar shampla, gan a dhul ródhomain sa scéal, an cinneadh a chaithfear a dhéanamh maidir le ginmhilleadh.

Tuigim go bhfuil dhá thaobh ag baint leis an scéal seo, ceart maireachtála an ghasúir sa mbroinn agus ceart na máthar cinneadh a dhéanamh faoina hiompar. Is iomaí fáth a bhíonn ag bean go gcaithfidh sí ginmhilleadh a bheith aici, agus cibé cén fáth a bhíonn aici níl sé de cheart ag aon duine 'dúnmharfóir' a thabhairt uirthi.

Níl sé de cheart ag na daoine atá ag agóidíocht ina aghaidh seo seasamh taobh amuigh den chlinic ag bagairt ar an té atá ag dul isteach ann. Bíonn sé sách deacair ar an mbean sa gcás ina mbíonn sí.

Céard atá a fhios ag an duine taobh amuigh faoi na cúiseanna atá ag an



Cead cainte nó agóid thar fóir? Lucht agóide taobh amuigh de chlinic Marie Stopes i mBéal Feirste an tseachtain seo caite [PIC: LAURA HUTTON/PHOTOCALL IRELAND]

mbean dul ar aghaidh leis an nginmhilleadh?

Má bhíonn an cinneadh sin le déanamh go brách agam, sin an t-aon am a dtabharfaidh mé tuairim ar bith faoi, ach idir an dá linn níl mé le caitheamh anuas a dhéanamh ar aon duine mar gheall air, bealach amháin nó eile.

Dúradh liomsa an lá cheana gur gearr go mbeadh gasúir agam fhéin. Eh?

Strainséir a bhí ag caint linn roimh na bainse. Dúirt mé leis nach gcuirfeadh mo mháthair fhéin an cheist sin orm agus go mba suas dhomsa agus do m'fhear an cinneadh sin a dhéanamh.

Dúradh ar ais liom, gur 'waste' a bheadh ionam mura mbeadh clann agam, mar gurb shin an phríomhaidhm atá agam, mar bhean, sa saol seo.

As ucht Dé, leag as!

Thosaigh mé ag gáire agus shiúil mé liom.

Ní raibh sé róshásta leis sin ach ba chuma liom.

Má tá tuairim agamsa faoi rud éigin agus má tá tuairim eile agatsa faoin rud céanna, nach cuma mura n-aontaíonn muid. Ach ná bí ag caitheamh anuas ar dhuine ar bith mar gheall nach bhfeiceann tú an saol trí shúile an duine sin.

Faisnéis do Shaoránaigh

LÓ-GHLAO
1890 777 121
 Luan go hAoine 9m
 go dtí 9m

Aisíocaíocht cánach ó áit thar lear

Ceist:

An mhí seo caite, d'éirigh mé as mo phost agus bhog mé go Sasana chun tús a chur le cúrsa iarchéime. An féidir liom aisíocaíocht a fháil don cháin a d'íoc mé idir Eanáir agus Lúnasa i mbliana?

Freagra:

Ós rud é nach bhfuil tú ag oibriú agus nach gcónaíonn tú in Éirinn a thuilleadh, d'fhéadfá bheith i dteideal aisíocaíocht a fháil do roinnt den cháin a d'íoc tú i mbliana.

Is amhlaidh atá an scéal mar gheall go leathnaítear do dhliteanas cánach go réidh cothrom sa bhliain faoin gcóras

ÍMAT. Chun amhlaidh a dhéanamh, is gnách go ríomhtar do dhliteanas cánach ar bhonn carnach.

Ciallaíonn seo go ríomhann d'fhostóir iomlán na cánach atá dlite ón 1 Eanáir go dtí an dáta a iocadh do phá ba dhéanaí nuair a bhíonn do dhliteanas cánach á ríomh acu. Dá bhrí sin, má tá laghdú tagtha ar d'ioncam, mar shampla, nuair a d'fhág tú do phost, beidh creidmheasana cánach gan úsáid agat agus d'fhéadfá bheith i dteideal aisíocaíocht cánach a fháil. Ba cheart duit iarratas a dhéanamh 4 seachtaine ón dáta a chríochnaigh tú ag oibriú. Mar gheall nach bhfuil tú ag oibriú agus gur fhág tú an tír, ní mór d'iarratas ar aisíocaíocht cánach a dhéanamh ar fhoirm aisíocaíocht, Foirm P50 atá ar fáil ó

láithreán gréasáin na gCoimisinéirí Ioncaim www.revenue.ie. Seolann tú an t-iarratas chuig d'oifig chánach dúiche, mar aon le Míreanna 2 agus 3 de do P45.

Ba cheart duit d'aisíocaíocht a éileamh laistigh de 4 bliana tar éis dheireadh na bliana lena mbaineann an t-éileamh agus ní féidir éilimh a aisíoc a dhéantar ina dhiaidh sin.

Chun teacht ar bhreis faisnéise faoi aisíocaíocht cánach a fháil, téigh i dteagmháil le d'oifig chánach áitiúil nó leis an Ionad um Fhaisnéis do Shaoránaigh thíos.

Tá faisnéis le fáil freisin ar líne ag citizensinformation.ie agus ón tSeirbhís Teileafóin um Fhaisnéis do Shaoránaigh, 0761 07 4000.

Lance Armstrong; an fear nár bhain a dhath riamh

Cillian Ó Conchúir ar Lance Armstrong agus a thurnamh

NACH mór titim a bhíonn ag an an té a bhíonn in airde. Tá 11 iarbhall d'fhoireann US Postal Service tar éis a admháil go raibh siad i mbun dópála agus go bhfacadar Lance Armstrong é féin i mbun dópála. Tá urraíocht Nike, Oakley, Trek agus Budweiser caillte anois agus fan go tosóidh na cásanna cúirte; ní beidh deireadh leo go gceann tamaill agus na milliúin le fháil ar ais ó Armstrong.

Ach cá rabhadar uile i lár na ndeich mbliana ó thús an mílaoise.

Ní raibh éinne le feiceáil. Dúirt Levi Leipheimer, rothaí agus cara Lance leis na blianta, nach mbeadh aon fhiúntas a bheith oscailte roimhe seo, nach mbeadh aon toradh air ach deireadh a chur lena gairm bheatha.


Ach tóg nóiméad chun féachaint ar fhear agus bean chéile atá scartha anois. Tá rothaí a bhí óg a chaill amach ar an mbrioglóid a bhí aige atá anois taobh thiar de bord mar chomhairleoir airgeadais. Féach arís agus tá soigneur óg foirne a ndearna Armstrong iarracht í a scrios sna cúirteanna agus ar cuireadh ina leith gur striapach í le fadhb alcóil.

Sular thosaigh réalta Armstrong ag dó, b'iad seo na ceannródaíthe nár thug daoine aon aird orthu. Thosaigh an scéal seo i seomra in Ospidéal in Indianapolis, sna Stáit Aontaithe ar an 27 Samhain 1996. Thiomáin Betsy agus Frankie Andreu sé uair an chloig chun cuairt a thabhairt ar Armstrong a bhí ag fáil cóir leighis ann d'ailse.

Cairde buana a bhí iontu, ach nuair a tháinig dochtúirí isteach i seomra na comhdhála chun labhairt le Armstrong, cuireadh tús le cainte a chruthóidh bearna idir na dlúthchairde. Deir Betsy gur dúirt sí gur chóir di féin agus Frankie Andreu an seomra a fhágáil chun príobháideachas a thabhairt d'Armstrong. Stop Armstrong í agus d'fhanadar.

Cúpla nóiméad níos déanaí, chur dochtúir ceist air faoi dhruaga a chuireann leis an bhfeidhmiú. Dar le Betsy Andreu, liostáil Armstrong EPO, cortasón, téististéarón, hormón fáis agus stéaróidigh. Gan mhoill, d'fhág an beirt Andreu an seomra. Chaith Frankie Andreu na blianta taobh le Armstrong ag an Tour de France ach nuair a dúirt sé nach mbeadh sé sásta oibriú leis an Dr Michele Ferrari, d'fhág Frankie foireann US Postal.

Nuair a thosaigh cúrsaí ag cur isteach ar fhéidearthachtaí a fear céile sa spóirt, ní raibh Betsy sásta



Lance Armstrong, tá deireadh lena shlí bheatha mar rothaí agus an-dochar déanta don spóirt.

cur suas leis a thuilleadh. Ach d'íoc sí go daor as. In 2006, bhí an bheirt acu mar finnéithe ag chomhlacht SCA Promotions i Texas a bhí ag coimeád bónaís buachana \$5milliún ó Armstrong de bharr go raibh baint ag le drugaí. Ach tacaigh an breithiúnas le Armstrong agus d'íoc SCA \$7.5milliún leis.

Ina dhiaidh sin, chur daoine a bhí bainteach le hurraíocht Armstrong glaoch gutháin bagartha chuici á rá go raibh siad ag súil go gcuireadh duine éigin bata le ceann Betsy. Dúirt Armstrong go raibh éad uirthi, go raibh sí searbh agus go raibh sí as

a meabhair. Ní raibh Frankie in ann post a fháil sa spóirt.

Ansin tá Scott Mercier, ainm a tháinig aníos i tuairisc USADA ach ní raibh aithne ag mórán daoine air. Nuair a dúirt George Hincapie, Leipheimier, Christian Vande Velde agus neart daoine eile nach raibh rogha acu ach drugaí a thógáil, léirigh Merceir go raibh.

Ach rogha níos deacra a bheadh ann. Bhí sé ar an bhfoireann céanna le Armstrong ag na cluichí Oilimpeacha in 1992 agus ag US Postal. Ach murab ionann agus Armstrong, rinne Mercier an cin-

neadh chun fanacht amach ó dhruagaí. I Bealtaine 1997, ag aois 28, bheartaigh Mercier nár chóir dó leanúint leis an spóirt ar thug sé cuid mhór dá saol dó.

Ar an lá sin, tugadh plean traenála 17 lá dó le spota nó réalta ar gach lá den sceideal. Léirigh spota go raibh air piollaire a thógáil agus réalta go raibh air instealladh a thógáil. An Dochtúir Pedro Celaya a thug dó iad agus dúradh leis má ceistítear tú, is B-vitimíní iad. Dúirt sé gur ansin a bhí fhios aige nach raibh sé le bheith ina rothaí proifisiúnta.

Rinne sé iarracht an plean traenála a dhéanamh ach gan na drugaí a tugadh dó a thógáil, tháinig tuirse air. Nuair a rothaigh Mercier i rása bhí rothaithe a scrios sé roimhe seo ag déanamh slad air.

D'éirigh sé as an rothaíocht ach dúirt sé le déanaí gur cheistigh sé é féin go minic ag smaoineamh cén áit a mbeadh sé dá mba rud é gur thóg sé na drugaí.

Ar deireadh tá iar-soigneur fhoireann US Postal, an tÉireannach Emma O'Reilly. Mar soigneur, rinne sí gach aon rud do na rothaithe ach cé nár theastaigh uaithi eolas a fháil ar an gcultúr a bhí sa rothaíocht ag an am, ní raibh an dara rogha aici. Roimh an Tour de France bliain amháin, dúirt O'Reilly gur cheannaigh sí smideadh do Armstrong chun marcanna insteallta a ruaigeadh óna lámh. Bhí grianghrafadóirí le bheith ag tógáil grianghraif de agus theastaigh uaidh na marcanna a chur i bhfolach.

Níor cheistigh sí Armstrong. "Níor chuala tú aon ní nár theastaigh uait," a dúirt sí ina dhiaidh. Tháinig uair eile chun cuimhne le linn an Tour de France in 1998. Bhí an dochtúir Celaya imníoch toisc gurb é seo an Tour inar gabhadh na drugaí go léir ón bhfoireann Festina.

Dúirt sí go raibh scanradh air agus rinne sé drugaí, ar luach \$25,000, a shruthlú. Thug sí le fios chomh maith gur iarr Armstrong uirthi fáil réidh le mála ina raibh steallairí tar éis di é a thabhairt chuig an aerfort tar éis rása san Ísiltír. Nuair a stop póilín í agus an mála aici, bhí an t-ádh uirthi nach raibh sa phóilín ach duine de lucht tacaíochta na foireann a bhí ag iarraidh labhairt léi faoin bhfoireann.

Thug sí le fios gur tháinig tástáil ard cortasóin ar ais sa Tour agus gur cheil siad an tástáil trí oideas siardhátaithe a fháil dó. Nuair a tháinig sí amach leis an méid seo i leabhair *LA Confidential: Les Secrets de Lance Armstrong* ní raibh Armstrong sásta.

Dúirt Armstrong gur alcólaí í agus gur striapach í. Thóg Armstrong í os comhair na cúirte agus rinne sé iarracht í a scrios ó thaobh airgeadais de.

Seo iad na laochra den scéal seo. Iadsan a sheas ina n-aonar ag an tús, ar feadh na mblianta sular éist lucht an spóirt leo. Ba chóir dealbh a bheith déanta den méid a rinneadar ach ní déanfar. Is féidir le haon duine seasamh suas nuair atá léar mór daoine ann. Ní raibh an tacaíocht sin ag Andreus, Emma O'Reilly nó Scott Mercier. Ach sheasadar an fód.

Ar an gclai

Le John Allen

Gooch leis an Daingean a chur faoi léigear

Leanann cluichí craoibhe na gclubanna ar aghaidh an Domhnach beag seo agus Crócaigh Chill Airne ag iarraidh trí cinn as a chéile a bhuachaint. Ach tá an Daingean ag seasamh sa tslí agus a bpleananna féinig acu siúd.

Tá draíocht speisialta ag baint le craobh peile Chiarraí agus an traidisiún fada stairiúil atá ag dul leis.

An t-am seo bliana anuraidh, bhí beirt ó na Crócaigh ag déanamh iarrachta a bpíosa staire féin a chruthú agus iad ag iarraidh bonn na Ríochta a chur le ceann Chorcaí a bhuadar coicís roimhe sin le Coláiste na hOllscoile Corcaigh.

Sea, bhí John Buckley agus Daithí Casey thar a bheith gnóthach agus tá súil acu a bheith i lár an aonaigh ar an Domhnach seo freisin. Beidh siad ag dul isteach sa chluiche agus iad go deas úr don choimhlint agus coicís caite acu ag ullmhú.

Ar ndóigh, tá Kieran O'Leary agus Eoin Brosnan acu mar aon leis an sárphileadóir Colm "Gooch" Cooper, acu ach ní dóigh liom go raibh an bainisteoir, Noel O'Leary, róshásta leis an taispéantas foirne sa chluiche leathcheannais.

Chuireadar trí liathróid dhéag ar fóraoil agus ní rabhadar thar moladh beirte don chuid is mó den cluiche, Ar ndóigh, d'úsáid Raonaithe na Leamhna "sweeper" don chuid is mó den cluiche, rud a chuir isteach go mór ar thosaithe na gCrócaigh.

Ach is é an Gooch a sheas amach arís, mar atá déanta aige go rí-mhinic dá chlub agus dá chontae agus é i lár gach maith a rinneadar mar aon leis an gcúig chúilín a chur sé ar chlár na scór.

Ach tá an Daingean ann agus iad ag feitheamh ó 1951 don seans le corn sinsir an chontae a thabhairt leo. Is chuimhin liom a bheith i mo scoláire le Gael Linn go déanach sna seascaidí agus mé ag fanacht le muintir Bhrí i mBaile Ghainnín agus iad ag caint go rí-mhinic faoi 'an Daingean'.

Go dtí sin, níor chuala mé an t-ainm agus ní raibh a fhios agam cén bhrí a bhí leis.

Ní raibh a fhios agam gur baile a bhí i gceist, fiú amháin. Ar ndóigh, bhí a fhios agam sar i bhfad agus tá cáil mhór air anois mar bhaile álainn cois farraige lán de chultúr, bia fol-láin, craic agus peileadóirí.

Ar an Domhnach seo, beidh an spotsolas ag lonradh ar na peileadóirí céanna sin.

Ag féachaint ar an scór a

chuireadar suas sa leathchraobh 4-5, ní bheithfeá rósásta leis. Níor scóraladar ach dhá chúilín ón imirt agus insíonn sé sin a scéal féin.

Ach cuireadar ceithre chúl san eangach, agus i gcoinne Cill Chuimín, sa chluiche ceathrú ceannais, scóraladar cúig chúl. Ní fhéadfá gearán a dhéanamh faoi sin, ach sa chraobh seo tá siad ag teacht suas i gcoinne cheann des na foirne is fearr sa tír.

Beidh siad ag lorg taispéantas foirne níos fearr ná aon ceann a bhí acu go dtí seo i mbliana.

Beidh orthu an smacht a choimeád ar an Gooch agus Ciarán Ó Laoire agus beidh orthu níos mó cúilíní a chur leis an gcúpla cúl a bheidh ag teastáil.

Ach is dócha go bhfuil an taithí agus na himreoirí is fearr ag na Crócaigh.

Trasna na teorann, beidh an chraobh pheile ar siúl freisin. Dúiche Ealla, an fhoireann dúiche, i gcoinne Ghleann Bhearacháin, rud a chiallaíonn gur foireann cois farraige ó iarthar an chontae a bheidh ag imirt ar son Chorcaigh i gcomórtas clubanna na Mumhan i mbliana.

Bhuaigh Dúiche Ealla an cluiche leathcheannais trí seachtainí ó shin i gcoinne an Sciobairín le cabhair ard-taispeántais ón mbeirt laoch contae, Donncha O'Connor agus Aidan Walsh.

Faraor, imríodh an cluiche leathcheannais eile (idir Gleann Bhearacháin agus Ruagairí Chairbre) an Domhnach seo caite. Mar sin, níl mórán le déanamh ag leads an iarthair an tseachtain seo ach sos a thabhairt dos na coirp thuisriúla, aon ghorthuithe a fháil réitithe (más féidir agus píosa éasca traenáil a dhéanamh).

Bhí sé náireach go raibh beagnach céad lá idir an chéad agus an dara cluiche a bhí ag Ruagairí Chairbre agus ansin go raibh an cluiche ceathrú ceannais agus an cluiche leathcheannais acu taobh istigh de sheachtain amháin. Dá mba rud é gur bhuaigh siad an cluiche leathcheannais sin bheidís ag imirt trí chluiche taobh istigh de thrí seachtainí.

Ach is iad Gleann Bhearacháin a thug leo an bua san agus is iad a bheidh ag imirt an Domhnach beag seo don dara bliain as a chéile. Anuraidh chaill siad i gcoinne Choláiste na hOllscoile.

Is iontach an club iad. Tá an daonra an-bheag thíos ansin, ach bliain i ndiaidh bliana cuireann siad an t-



Captaen Chill Chua, Gary McAvoy, ag ceiliúradh tar éis dá fhoireann Droichead Mhaigh Eo a shárú chun Craobh an Dúin a bhuachan [PIC: OLIVER MCVEIGH / SPORTSFILE]

Ach is iad Gleann Bhearacháin a thug leo an bua san agus is iad a bheidh ag imirt an Domhnach beag seo don dara bliain as a chéile. Anuraidh chaill siad i gcoinne Choláiste na hOllscoile. Is iontach an club iad. Tá an daonra an-bheag thíos ansin, ach bliain i ndiaidh bliana cuireann siad an t-uafás oibre isteach agus de gnáth bíonn sé an-deacair iad a bhualadh.

uafás oibre isteach agus de gnáth bíonn sé an-deacair iad a bhualadh.

Tá a fhios agam go bhfuil an-áthas orthu a bheith ag imirt ar son Chorcaigh i gcaobh na Mumhan agus tá a fhios agam freisin gur fearr leo a bheith ag imirt mar sheaimpíní an chontae.

Ní bheidh mórán idir na foirne sa cluiche seo. Ar ndóigh, má bhíonn tionchar mór ar an gcluiche ag Walsh agus O'Connor do Dhúiche Ealla is dócha go mbeidh an lá leo.



Captaen fhoireann Emmet Óg Chill Eo, Joe McCormack, ag tógáil an choirn agus Craobh Longfoirt bainte ag a fhoireann. [PIC: BRIAN LAWLESS / SPORTSFILE]

Súil ar an Rugbaí le Gráinne McElwain

FILLEANN Cúigí na hÉireann ar an Rabo Direct Pro12 an deireadh seachtaine seo tar éis coicíse de Chorn Heineken. Tá ceisteanna go leor le freagairt i gcónaí ag Cúige Laighean agus Cúige Mumhan faoi cé chomh maith is atá siad agus an gcuirfidh siad rudaí ina gceart roimh mhí na Nollag nuair a bheidh siad sa chomórtas Eorpach arís.

Is sa Pro12 a dhéanfar an obair sin idir an dá linn.

Níl aon chluiche caillte ag Cúige Ulaidh sa dá chomórtas i mbliana agus tá siad in uachtar ar chlár na bpointí san Pro 12 agus cluiche sa bhreis fós le himirt acu.

Is in aghaidh na Dragons a bheas siad, foireann a chaill dhá chluiche as a chéile san Amlin Challenge in aghaidh London Wasps agus Aviron Bayonnais agus nach bhfuil ach aon chluiche amháin as seacht gcinn buaite acu le tamall.

Fiú is go mbeidh an cluiche sa Bhreatain Bheag agus go bhfuil gortú ordóige ar Johan Muller a choinneoidh amuigh é ar feadh dhá mhí, ní ceart go mbeadh mórán stró ar fhoireann an Tuaiscirt.

Ba cheart go mbeadh an scéal céanna ann do Chúige Mumhan agus an fhoireann is laige sa chomórtas ar cuairt acu i Staid Thuamhain. D'fheabhsaigh rudaí do na Muimhnigh tar éis a mbua in aghaidh Edinburgh ar an Domhnach ach caithfear cuimhniú cé chomh lag is a bhí foireann na hAlban, gan aon scór faighte acu sa dá chluiche a bhí acu sa Chorn Heineken.

An rud a bheas Rob Penny ag iarraidh a fheiceáil ná go bhfuil an fhoireann ag teacht le chéile níos fearr, go bhfuil tuiscint acu ar an bpatrún imeartha atá acu agus nach ndéanfar an oiread céanna botún. Seans maith go mbeidh roinnt ag fáil sosa an deireadh seachtaine seo, ach go mbeidh a ndóthain acu chun na hIodálaigh a chloí.

Tá Dave Ryan, iarfhraipa le Cúige Mumhan, ag imirt le Zebre agus seans maith go bhfuil sé ag súil go mór leis an gcluiche.

Is ag Connacht a bheas an cluiche is deacra agus iad ar cuairt ag na seaimpíní, na hOspreys, i Staid an Liberty.

Níl aon dabht faoi ach go bhfuil feabhas tagtha ar fir an iarthair i mbliana le himreoirí óga ag teacht chun cinn go mór, ar nós Kieran Marmion, Robbie Henshaw, Eoin Griffin agus Dave McSharry, mar aon le Dan Parks agus Nathan White a bhfuil neart taithí acu.

Bhuaigh siad as baile den chéad uair san Heineken in aghaidh Zebre agus ní haon náire dóibh é gur chur siad mórán anró ar Harlequins ar an Satharn.

Ach as baile in aghaidh na hOspreys a chaill in aghaidh Leicester agus a ghéill pointe bónaís dóibh, seans maith nach mbeidh Connacht láidir go leor.

An fhoireann is mó a bhfuil amhras fúthu ná Cúige Laighean. Seaimpíní sa Chorn Heineken le dhá bhliain anuas ach tá siad bacach go maith ó thús an tséasúir. Bhuaigh siad an dá chluiche a bhí acu le coicíis in aghaidh Exeter agus na Scarlets ach ní fhéadfá



Ian Keatley, Cúige Mumhan [PIC: MATT BROWNE / SPORTSFILE]

a rá gur imir siad rómhaith.

Tá siad sa 4ú háit ar chlár na bpointí san Pro12, trí áit chun cinn ar na Cardiff Blues a chaill an dá chluiche a bhí acu le coicíis in aghaidh Sale agus

Toulon. Tá trí chluiche caillte ag na Blues sa bhaile san Pro12 ó thús an tséasúir in aghaidh Edinburgh, na Warriors agus Cúige Ulaidh.

Sula dtabharfaidh Cúige Laighean

aghaidh ar Chlermont faoi dhó i mí na Nollag beidh an-bhéim á chur ar chaighdeán na himeartha agus ba cheart go mbeadh an bua acu in aghaidh Cardiff atá ag streachailt.

Rabo Direct
Pro 12: Babhta 7

Dragons v Ulaidh,
Rodney Parade,
Dé hAoine@ 7.05
(BBCW/BBCNI)

Mumha v Zebre, Staid
Thuamhain, De
hAoine @ 7.45 (TG4)

Ospreys v Connacht,
Liberty, Dé Sathairn @
2.30

Laighin v Cardiff
Blues, RDS, De
Sathairn @ 6.30
(RTE2/S4C)

Cluichí CLG
na hÁise ag
ceiliúradh 17
mBliana ar
an bhFhód

Gráinne McElwain

BEIDH deireadh seachtaine don scoth ag lucht CLG na hÁise an deireadh seachtaine seo mar go mbeidh cluichí agus ceiliúradh acu ag Cluichí na hÁise a bheas ar siúl i Kuala Lumpur i Malaeisia don chéad uair. An club áitiúil Orang Éire atá á reachtáil ag an Bukit Kiara Equestrian & Country Resort. Beidh sé ar an gcomórtas amaitéarach is mó san Áis agus thar dhá lá beidh suas le 180 cluiche le n-imirt ar chúig pháirc dhifriúla. Is féidir le foirne páirt a ghlacadh i gcomórtais peile na bhfear agus na mban, san iomáint agus camógaíocht chomh maith. Is ó neart go neart atá an comórtas tar éis dul mar in 1996 ghlac cúig fhoireann páirt ann, ach anuraidh bhí suas le 60 foireann cláraithe. Ocht gcorn atá le buachaint thar an deireadh seachtaine agus ina measc tá Corn Derek Brady, Corn na mBan agus Corn na hIománaíochta. Naonúr a bheas ar gach foireann agus mairfidh na cluichí 14 nóiméad ar fad. Beidh an oscailt oifigiúil ar siúl san oíche Dé hAoine le cluichí ar siúl ar an Satharn agus an Domhnach. Tiocfaidh deireadh leis na himeachtaí san oíche Dé Domhnaigh le dinnéar agus gradaim All-Stars.

SPÓRT

Déan teagmháil linn ag sport@gaelisceal.ie

Gaelisceál

● 24.10.2012

Beirt Bhan Ghaelach ina Seaimpíní Domhanda



Ciana Ní Churraoin

Gráinne McElwain ar Chomórtas Domhanda Liathróid Láimhe CLG

Gráinne McElwain

BHÍ coicís den scoth ag na hÉireannaigh a bhfuil baint acu leis an liathróid láimhe agus 25 bonn óir buaite ag imreoirí na tíre seo ag Craobhacha an Domhain a bhí ar siúl san Citywest i mBaile Átha Cliath le déanaí.

Tá éacht iontach déanta ag na hiomaitheoirí ar fad agus tháinig na mílte amach chun féachaint ar na cluichí a bhí eagraithe thar barr ar aon láthair amháin.

D'éirigh le Paul Brady a cheathrú Craobh Domhanda as a chéile i gcomórtas singil na bhfear a bhuachaint ach caithfidh muid comhghairdeas speisialta a dhéanamh le beirt bhan ar Gaeilgeoirí iad: Aisling Reilly as Club Naomh Pól i mBéal Feirste a bhuaigh comórtas na mBan don chéad uair agus Ciana Ní Churraoin ó Chumann Liathróid Láimhe Mhicheál Breathnach a bhuaigh Comórtas an Domhain d'imreoirí seacht mbliana déag agus faoi.

Seo é an tríú Craobh Domhanda buaite ag Ciana. Buanna iontacha a bhí acu beirt, go háirithe ós rud é nár thosaigh ceachtar acu go maith ina gcuid cluichí ceannais.

San oíche Dé Máirt, d'imir Aisling os comhair slua de 2,500 in aghaidh a comhghleacaí club as Naomh Pól, Fiona Shannon, a bhfuil trí Craobh Domhanda buaite aici agus a bhí ar thóir a ceathrú ceann. Chas an bheirt ar a chéile i mbabhta ceannais an domhain i bPortland, Meiriceá in 2009 nuair a chríochnaigh Fiona chun cinn.



Aisling Reilly, nó Ní Raghallaigh mar is fearr aithne uirthi i measc na nGael, as Club Naomh Pól i mBéal Feirste a bhuaigh comórtas na mBan den chéad uair. Gaeilgeoir í Aisling a d'fhreastail ar Bhunscoil Phobal Feirste agus ar Choláiste Feirste [PIC: BARRY CREGG / SPORTSFILE]

Níor chuir Aisling mórán stró ar Fiona sa chéad chluiche agus d'éirigh le Fiona sin a bhuachan, 21-9, agus ag pointe amháin bhí Reilly 12-1 ar chúl. Ach sa dara cluiche, d'éirigh le Aisling,

atá 23 bliana d'aois, an lámh in uachtar a fháil agus bhuaigh sí an cluiche 21-6.

Ar ndóigh ba í Aisling a bhuaigh an cluiche deireanach 11-5 agus chroch sí

léi an comórtas den chéad uair riamh. “Thóg sé píosa orm socrú síos agus rithim a fháil sa chluiche agus bhí a fhios agam roimh an dara cluiche do raibh go leor oibre le déanamh agam,”

a dúirt Aisling ach thaispeáin sí go leor féinmhuiníne agus carachtar chun an comórtas a bhaint.

Chas bean Chonamara, Ciana Ní Churraoin ar Martina McMahon as Luimneach sa Chluiche Ceannais Domhanda don chomórtas seacht mbliana déag agus faoi. Níl Ciana ach 16 bliana d'aois ach tá go leor ráite faoin gcaílín óg seo agus go leor gradam buaite aici cheana ag comórtais anseo agus thar lear. Bhuaigh sí dhá chomórtas Domhanda i bPortland Meiriceá in 2009 agus í ag imirt faoi aois. Ach mar a tharla d'Aisling, níor thosaigh sí go maith agus chaill sí an chéad cluiche 21-14 i gcomórtas na bliana seo.

D'admhaigh sí i ndiaidh an chluiche go raibh sí neirbhíseach ach ba léir gur imigh na néaróga sin sa dara cluiche agus bhuaigh sí é sin 21-17 agus bhuaigh sí an tríú cluiche chomh maith. Bua eile den scoth ag an gcaílín óg seo a bhfuil ard-scil aici agus gan dabht beidh ról mór aici sna comórtais eile atá amach roimpi.

“Bhí muid mar eagraíocht thar a bheith sásta leis an dul chun cinn mór atá déanta ag liathróid láimhe sa tír seo le trí bliana anuas,” a dúirt Alan Milton, Bainisteoir Cumarsáide an CLG, “Tá níos mó daoine óga ag imirt agus tá na háiseanna tar éis feabhsú ar fud na tíre.

Thaitin na háiseanna in Citywest go mór le lucht tacaíochta na Liathróide láimhe agus cé nach raibh na meáin chumarsáide chomh tógtha leis agus a bhí muid ag súil, táim cinnte go bhfeicimid borradh mór sa spórt amach anseo.”

Drochlá do Charna-Caiseal agus bua don Rinn

CLG sna Contaetha Gaeltachta

Gráinne McElwain

INDÚN na nGall, is iad Naomh Adhamhnán as Leitir Ceanainn agus Naomh Conaill as na Gleannta a thabharfas aghaidh ar a chéile i gCluiche Ceannais an Chontae a bheas ar siúl seachtain ón Domhnach.

Bhí go leor daoine sa chontae ag súil gurb iad a bheadh ann mar deirtear gurb iad seo an dá fhoireann is fearr sa chomórtas. Bhí an bua ag Naomh Adhamhnán ar an gClochán Liath (3-6 v 0-6) sa chluiche leathcheannais agus tá trí bliana ann ó bhí siad sa chluiche ceannais.

Fuair Naomh Conaill an ceann is

fearr ar na Ceithre Máistrí (0-9 v 0-6) ach bhí sé chluiche ag na Ceithre Máistrí le ladh ala agus fiche anuas agus bhí siad scriosta dá bharr.

B'iad an dá fhoireann chéanna a bhí sa chluiche ceannais in 2009 agus bhuaigh foireann Leitir Ceanainn an lá sin. Imreoidh na buaiteoirí i gCraobh Chúige Uladh ar an 11ú lá de Shamhain in aghaidh churaidh Ard Mhacha, Crois Mhic Lionnáin, agus ní bheidh sé sin éasca.

I nGaillimh, níor éirigh rómhaith le Carna-Caiseal i gCluiche Ceathrú Ceannais Idirmhéanach Peile Chonacht in aghaidh Bhaile Chathail as Maigh Eo (1-13 v 0-6) cé go raibh an cluiche i Staid an Phiarsaigh. Tabharfaidh Baile Chathail aghaidh ar sheaimpíní Liatroma i gCaisleán an Bharraigh ar an 4ú lá de Shamhain.

I gCiarraí beidh an Daingean ag imirt i gCluiche Ceannais an Chontae an Domhnach seo chugainn den

chéad uair ó 1951. Bhí an bua acu ar Naomh Ciarán (4-5 v 0-14) agus le ceithre chluiche anuas tá 12 chúl aim-sithe acu. Tabharfaidh siad aghaidh ar sheaimpíní na bliana seo caite, Crócaigh Chill Airne, a bhuail Fánaithe na Leamhna ina gcluiche leathcheannais (0-14 v 1-3).

I bPort Láirge is iad an Rinn a bhuaigh Craobh Idirmhéanach Iomána an Chontae agus an bua acu ar Phort Láich (1-14 v 0-4).